

# Tábla na Gníomhartha Tuarascálacha Bliantúla do 2013 & 2014

**Tábla na Gníomhartha Tuarascálacha Bliantúla do 2013 & 2014**



Foilsithe ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Teach Gandon,

Sráid Amiens

Baile Átha Cliath 1

*ISBN: 978-1-908109-34-7*

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2015

Baile Átha Cliath, Éire,

Meán Fómhair 2015

<b>Leanaí</b>	
<b>Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta</b>	<b>Tuairisc ar Dhul Chun Cinn 2013/2014</b>
<p><b>Sprioc Ardleibhéal 1</b> A chinntiú go gcuirfear oideachas spriocdhírthe réamhscoile ar fáil do leanaí ó phobail bhunscoileanna uirbeacha atá clúdaithe ag an bplean gníomhaíochta Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).</p>	<p>Tá tiomantas sa bheartas Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile chun "Tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana féin maidir le bhraisliú na scoileanna chun go mbeidh rochtain níos fearr ar thacaíochtaí oideachais, go háirithe ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shocruithe braisle, chun naisc níos mó a spreagadh idir scoileanna agus pobail agus seirbhísí Stáit, lena n-áirítear bonneagar a roinnt.</p>
<p><b>Sprioc Ardleibhéal 2</b> Líon na ndaltaí a laghdú a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha litearthachta acu i mbunscoileanna atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste. Bíonn deacrachtaí den sórt sin ag idir 27%-30% de na daltaí sin agus is é an sprioc an chomhréir sin a laghdú go dtí níos lú ná 15% faoi 2016.</p>	<p>D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas dhá thuarascáil measúnaithe ar DEIS in 2013. Tugadh le fios sa tuarascáil "Athruithe ar Ghnóthachtálacha Daltaí i mBunscoileanna Uirbeacha Idir 2007 agus 2013":</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Maidir leis na scóir a fuair na daltaí sna gráid sin go léir a ndeamadh tástáil orthu (2ú, 3ú, 5ú agus 6ú) fuarthas gur tháinig méadú suntasacha orthu ón am ar bailíodh na sonraí bonnlíne sa bhliain 2007 go dtí go ndeamadh tástáil arís orthu in 2010.</li> <li>• Is léir ó thorthaí na dtástálacha a rinneadh in earrach na bliana 2013 ní amháin gur coinníodh na gnóthachain tosaigh, ach gur cuireadh leo idir 2010 agus 2013.</li> <li>• Tá na gnóthachain le feiceáil go háirithe sna gráid shóisearachta agus i scoileanna a bhfuil leibhéal arda mhíbhuntáiste ag baint leo.</li> <li>• Cé go bhfuil an-laghdú tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil scóir ísle acu (.i. daoine atá sa 10ú peircintíl nó faoina bhun) sa léitheoireacht agus sa mhataimic, tá céatadán na ndaoine a ghnóthaíonn scóir arda sna hábhair sin coinnithe buan nó méadaithe.</li> <li>• Tá Leibhéal neamhláithreachta na ndaltaí tar éis titim chomh maith ó 10.8% in 2007 go 7.1% in 2013. Rinne an Foras Taighde ar Oideachas iniúchadh ina thuarascáil "Saintréithe agus Éachtaí na ndaltaí atá ag freastal ar Bhunscoileanna Tuaithe DEIS" ar an difríocht idir scoileanna DEIS faoin tuath agus scoileanna DEIS i gceantair uirbeacha.</li> </ul> <p>Tá rátaí gnóthachtálacha na ndaltaí tuaithe i scoileanna DEIS níos airde ná gnóthachtálacha a gcomhghleacaithe uirbeacha. Chuir na daltaí tuaithe feabhas ar na scóir a fuair siad sa léitheoireacht agus i mata idir 2007 agus 2010. Nuair a rinneadh meastóireacht ar na sonraí ó thuismitheoirí na ndaltaí ba bheag an difríocht a bhí le sonrú idir eispéireas baile na ndaltaí uirbeacha agus tuaithe a tháinig ó theaghlach a raibh cártaí leighis acu. Mar sin féin, bhí níos mó acmhainní oideachais ina dtithe ag daltaí tuaithe, bhí leibhéal níos airde oideachais bainte amach ag a dtuismitheoirí, léadh níos mó dóibh sula ndeachaigh siad ar scoil; bhí a dtuismitheoirí ag léamh leabhar níos rialta ná mar a dhéanadh tuismitheoirí a gcomhghleacaithe uirbeacha agus ní raibh an oiread aithreacha as láthair óna dteaghlach is a bhí i measc na dteaghlach tuaithe.</p> <p>Chuir Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna tuarascáil ar fáil ar a dtugtar "Meastóireacht ar Phróisis Phleanála i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna DEIS 2012" faoi staidéar a rinneadh in 2010 faoi cháilíocht na bpróiseas pleanála gnímh scoilbhunaithe i 18 mbunscoil uirbeacha Banda 1 agus 18 n-iarbhunscoil a bhí ag glacadh páirte i DEIS. Le fáil amach an méid a raibh scoileanna ag glacadh páirte sa phróiseas pleanála agus ag ceapadh pleananna gníomhaíochta chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na bpleananna gníomhaíochta agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na pleanála. Fuarthas fianaise go bhfuil pleanáil DEIS níos fearr i mbunscoileanna ná in iar-bhunscoileanna; go ndearnadh feabhsuithe maithe nó an-mhaithe ó thaobh leibhéal litearthachta i níos mó ná leath de na scoileanna i bhfianaise spriocanna na scoileanna féin; go raibh feabhsaithe suntasach le sonrú ann maidir le leibhéal uimhearthachta na ndaltaí in 8 scoil as 18 scoil. Tá tuarascáil faoi Fhoghlaim ó DEIS á hullmhú freisin ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ina ndéanfar príomhthorthaí na meastóireachta atá déanta go dtí seo a thiomnú le chéile agus ina dtabharfar comhairle mar eolas do bheartas amach anseo le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais.</p> <p>Tá tús áite á thabhairt ag na heagraíochtaí seo a leanas do thacaíocht oiriúnach a thabhairt do scoileanna DEIS - an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí; Tugtar tacaíocht d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do scoileanna i mBanda 1 agus i mBanda 2 DEIS i gcomhréir leis na riachtanais tosaíochta a d'aithin</p>

	<p>scoileanna ag cur san áireamh an tsoláthair FGL a cuireadh ar fáil cheana féin.</p> <p>Is mar seo a leanas a bhí líon na scoileanna DEIS a bhí ag cur i bhfeidhm na gclár éagsúil litearthachta agus uimhearthachta ag deireadh na bliana 2013/14: -</p> <p>1. Bunscoileanna - Aisghabháil Léitheoireachta: 296  Na Chéad Chéimeanna: 334  Aisghabháil Mata: 327  Ready Set Go Maths: 261</p> <p>2. Iar-bhunscoileanna - Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh: 178 scoil DEIS  Léiriú Tionscadail Leabharlainne: 29 scoil DEIS</p>
<p><b>Spríoc Ardleibhéal 3</b></p> <p>Oibriú lena chinntiú go mbeidh oideachas uachtarach dara leibhéal nó a chomhionann críochnaithe ag 90% den daonra a bhfuil 20 go 24 bliana slán acu faoi 2013.</p>	<p>Tá cur chuige leathan á ghlacadh ag an Roinn Oideachais agus Scoileanna i gcónaí le dul i ngleic le luathfhágáil scoile. Gnéithe lárnacha de chuspóirí DEIS iad feabhsú tinrimh, dul chun cinn, coinneáil agus gnóthachtáil. Cuireadh €600m ar fáil in 2014 le haghaidh réimse beart cuimsithe le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Ina theannta sin, tá idirghabhálacha ann chun tacú leis an óige agus chun "oideachas athdheise" a sholáthar do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Tá roinnt beart curtha i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh an céatadán de luathfhágáil scoile a laghdú, lena n-áirítear:</p> <p>a. Cur i bhfeidhm an Phlean Gnímh do Chuimsiú Oideachais, "Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh" (DEIS). Amhail an 1 Meán Fómhair 2014, ba iad seo a leanas líon na scoileanna a bhí páirteach i DEIS:  Bunscoileanna Uirbeacha Banda 1: 195, Bunscoileanna Uirbeacha Banda 2: 141  Bunscoileanna Tuaithe: 321, Iar-bhunscoileanna 192</p> <p>I gcomhcheim le taighde an Fhorais Taighde ar Oideachas ar ghnóthachtáil daltaí i scoileanna DEIS, rinne Cigireacht na Roinne meastóireacht ar phleanáil a rinneadh i scoileanna DEIS. Tá bailchríoch á cur ar roinnt tuairiscí ón obair mheastóireachta a chlúdaíonn an tréimhse 2010-2014 agus tá siad le foilsiú ag deireadh na bliana 2014.</p> <p>b. Comhtháthú na seirbhísí leasa oideachais faoi Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.</p> <p>c. Straitéis Náisiúnta chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú i measc páistí agus daoine óga. Maidir le daoine óga nach bhfoghlaimíonn conas léamh nó scríobh nó chun iad féin a chur in iúl go héifeachtach is mó an seans go bhfágfaidh siad an scoil go luath agus, dá bhrí sin, tacóidh an straitéis le baint amach na sprice náisiúnta maidir le luathfhágáil scoile. Tá an Tuarascáil is déanaí ar Rátaí Coinneála bunaithe ar anailís ar na mic léinn a chuaigh chun meánscoil in 2008, agus ar chríochnaigh an chuid is mó acu scrúdú na hArdteistiméireachta in 2013 nó in 2014. Rinneadh an anailís ar an chaoi ar ghluais 56,075 dhalta tríd an gcóras oideachais dara leibhéal. Ba iad príomhthorthaí na tuarascála:</p> <p>Bhí méadú ag teacht i gcónaí ar líon na mac léinn a chríochnaigh cúrsa na hArdteistiméireachta agus chríochnaigh 90.6% díobh siúd a d'iontráil in 2008 cúrsa na hArdteistiméireachta Ba é 90.1% ráta críochnaithe ghrúpa na bliana roimhe sin. Ba é 83.6% an ráta críochnaithe deich mbliana ó shin (grúpa na bliana 1998) Tá feabhas ag teacht i gcónaí ar ráta coinneála na mbuachaillí agus ba é 2.67% bearna inscne na ndaltaí ag dul isteach i meánscoil. Ba é 3.59% an difríocht i gcás daltaí na bliana roimhe sin. Maidir le grúpa na bliana 2008 chríochnaigh 91.93% de na cailíní an Ardteistiméireacht agus chríochnaigh 89.26% de na buachaillí í. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar mheánráta coinneála na scoileanna DEIS agus chríochnaigh 82.1% díobh siúd a chuaigh go meánscoil in 2008 an Ardteistiméireacht. Ba é 68.2% an ráta in 2001.</p>

<p><b>Sprioc Ardleibhéil 4</b></p> <p>Luach comhcheangailte na mbeart tacaíochta ioncaim do leanaí a choinneáil ag ráta idir 33%-35% den ráta íocaíochta leasa shóisialaigh íosta do dhaoine fásta le linn an Phlean seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim leanaí atá dírithe ar chabhrú le daoine óga i dteaghlaigh a bhfuil ioncam íseal acu.</p>	<p>I mBuiséad na bliana 2013, rinneadh laghdú €10 ó €140 go €130 in aghaidh an linbh ar an ráta míosúil maidir le Sochar Linbh. Rinneadh laghdú €50 ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN), ó €150 go €100 i gcás leanaí idir 4 agus 11 bliana d'aois, agus ó €250 go €200 i gcás daoine óga idir 12 agus 17 mbliana d'aois nó idir 18 agus 22 bhliain d'aois atá in oideachas lánaimseartha.</p> <p>I mBuiséad na bliana 2014, tarraingíodh siar an LÉCSN do dhaoine óga atá os cionn 18 mbliana d'aois, seachas iad siúd atá ag freastal ar mheánscoileanna. I mBuiséad na bliana 2015, a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh €5 leis an ráta míosúil maidir le Sochar Linbh sa chaoi gur méadaíodh é ó €130 go €135. Rinneadh caighdeánú go €130 in aghaidh an linbh in aghaidh na míosa ó Eanáir 2014 ar rátaí Sochair Linbh i mBuiséad na bliana 2013. Leanfaidh tuismitheoirí leanaí ilbhreithe ar aghaidh a fháil préimheanna míosúla breise a íocfar ar ráta oiread go leith an ráta íocaíochta míosúla sochar linbh do gach leathchúpla agus dhá oiread an ráta íocaíochta mhíosúil do gach leanbh ilbhreithe eile. Aithnítear leis na híocaíochtaí breise sin na costais níos airde atá ag tuismitheoirí leanaí ilbhreitheanna i gcomparáid le teaghlaigh eile a bhfuil an líon céanna leanaí acu ach iad d'aoiseanna éagsúla.</p> <p>D'aithin an Rialtas gurbh fhadhb í bochtaineacht leanaí ar b'fhiú beartas sonracha a cheapadh ina leith agus mhol an Coimisiún Eorpach le déanaí ina Mholadh Sonrach faoin gClár Athchóirithe Náisiúnta 2014, go ndéanfaí é sin. I mí Aibreáin 2014, ceapadh sprioc shonrach shóisialta do leanaí i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020. Tá sé mar aidhm ag an sprioc níos mó ná 70,000 leanaí a fhuascailt ó bhochtaineacht chomhsheasmhach faoi 2020, rud ab ionann agus laghdú dhá thrian ar leibhéal na bliana 2011.</p> <p>Glactar sa bheartas le cur chuige ilghnéitheach le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, agus déanann an Roinn urraíocht ar fhreagraí beartais idir-rannacha maidir le Toradh 4, faoi shlándáil agus deiseanna geilleagracha. Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) an Príomhroinn maidir le cúig cinn de na 14 phríomhthosaíocht beartais i leith an toraidh seo. Ceann de na rudaí a rinneadh ná seimineár náisiúnta a thionól maidir le 'Implementing a Multi-Dimensional Approach to Child Poverty'. I mí na Samhna 2014, rinne an Roinn an seimineár sin a óstáil i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, An Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an Coimisiún Eorpach.</p> <p>D'aithin an Roinn i gcomhthéacs an Chreata Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga gur gá tús áite a thabhairt do dhul i ngleic le Bochtaineacht Leanaí. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí tacaíocht ioncaim ar fáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu trí Shochar Leanaí, Méaduithe i leith Linbh Cháilithe d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh, Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh agus an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain nua, a chosain €3 billiún in 2014. I mBuiséad na bliana 2015, gheall an Rialtas €96 mhilliún breise do leanaí, lena n-áirítear méadú €5 in aghaidh na míosa ar shochar linbh.</p> <p>In 2013 agus 2014 baineadh amach an sprioc tacaíochta ioncaim do leanaí atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta, inar moladh go gcoinneofaí luach comhcheangailte na mbeart tacaíochta ioncaim do leanaí ar ráta 33% go 35% den ráta íosta leasa shóisialaigh do dhaoine fásta.</p>
---	---

<p>Trí bhíthin an <b>Chláir Cúram Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta</b> tugtar tacaíocht do thuismitheoirí ar chúrsaí oiliúna incháilithe agus do chatagóirí thuismitheoirí incháilithe atá ag filleadh ar an obair, trí áiteanna fóirdheonaithe um chúram leanaí a chur ar fáil. 1) An Clár Tacaíochta Cúram Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta (CETS) 2) Clár Cúram Iarscoile Leanaí (ASCC) 3) An Clár Fostaíochta Pobail um Chúram Leanaí</p>	<p>Cuirtear maoiniú ar fáil do sheirbhísí cúram leanaí pobail trí bhíthin an chláir Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail (CCS) le cur ar a gcumas táillí laghdaithe cúram leanaí a ghearradh ar thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste nó ioncam íseal oibre acu. Cosnaíonn an clár thart faoi €45 milliún in aghaidh na bliana agus baineann thart ar 25,000 leanbh tairbhe as gach bliain.</p> <p>Cuirtear áiteanna fóirdheonaithe um chúram leanaí ar fáil trí bhíthin an Chláir Tacaíochta Cúram Leanaí Oiliúna agus Fostaíochta do thuismitheoirí cáilitheacha atá ag freastal ar chúrsaí áirithe atá á reáchtáil ag na Boird Oideachais agus Oiliúna. Cosnaíonn an clár thart €17 milliún in aghaidh na bliana agus cuirtear coibhéis 2,500 áit lánaimseartha ar fáil gach bliain.</p> <p>Ceapadh an clár Cúram Iarscoile Leanaí, a tugadh isteach i nDeireadh Fómhair 2013, chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine ar ioncam íseal chun jab a ghlacadh, cur lena laethanta fostaíochta nó páirt a ghlacadh i gclár Fostaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá buiséad €1.64 milliún le cur ar fáil don chlár in 2015 agus cuirfidh sé thart ar 400 áit ar fáil.</p> <p>Tá an Clár um Chúram Leanaí Fostaíochta Pobail, a tugadh isteach i mí Eanáir 2014, dírithe go sonrach ar rannpháirtithe i scéimeanna Fostaíochta Pobail atá á bhfeidhmiú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá €6.72 milliún le cur ar fáil in 2015 mar mhaoiniú don chlár agus cuirfear thart ar 2,000 áit cúram leanaí ar fáil.</p>
<p>Trí bhíthin an chláir um <b>Chúram agus Oideachas na Luath-Óige</b> (ECCE) cuirtear clár bliantúil luathfhoghlama ar fáil do leanaí sa bhliain roimh an mbunscoil</p>	<p>Trí bhíthin an chláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) cuirtear clár bliantúil luathfhoghlama ar fáil do leanaí sa bhliain roimh an mbunscoil. Baineann tuairim is 68,000 páiste tairbhe as an gclár gach bliain. Chosain an clár beagnach €175m in 2014.</p>
<p>Tabharfaidh an Roinn Cúram Leanaí &amp; Gnóthaí Óige (RLGÓ) tacaíocht d'obair <b>Chomhairle Dháil na nÓg</b>, atá comhdhéanta de 34 duine óg atá tofa ag gach Comhairle na nÓg sa tír.</p>	<p>Foilseofar an chéad Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht go luath in 2015. Beidh an straitéis sin ina chuid den chreat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga, Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Tá roinnt tiomantas ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit sa Straitéis Rannpháirtíochta chun tacú le cur chun cinn agus éascú rannpháirtíocht páistí agus daoine óga, lena n-áirítear iad siúd nach gcloistear go minic. Forbraíodh sraith straitéisí le tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí tríd an gcleachtas is fearr a sholáthar maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic i gcinnteoireacht agus beidh sé ar fáil trí Mhol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga, a bhunófar le tacú le forfheidhmiú na Straitéise.</p>

<p>Leanfar ar aghaidh ag baint leasa as an <b>gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga</b> le cabhrú le forbairt áiseanna don óige (lena n-áirítear áiseanna caithimh aimsire agus spóirt) agus seirbhísí i gceantair faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil fadhb shuntasach drugaí nó ina bhféadfadh a leithéid teacht chun cinn. Féadfar an Ciste a leathnú go ceantair uirbeacha eile atá faoi mhíbhuntáiste. Úsáidfean an ciste le díriú ar dhaoine idir 10 agus 21 bhliain d'aois atá 'i mbaol'. Leanfar ar aghaidh ag úsáid an chiste le tógáil ar bhunsraith na mbeart óige faoi Chlár na Leanaí sna réimsí ina bhfuil sé ag feidhmiú agus déanfar comhlánú orthu.</p>	<p>Cuireadh €19.11m ar fáil in 2013 agus €18.4m in 2014 mar mhaoiniú le tacú le seirbhísí agus áiseanna i réimsí tiomnaithe lena n-áirítear leithdháilí do Rugbaí, CLG, Spóirt agus forbairt Dornálaíochta. Idir 1998 agus 2012 (agus an dá bhliain sin san áireamh), leithdháileadh €70m mar mhaoiniú caipitil do thionscadail chaipitil faoi scéim Chiste Saoráidí agus Seirbhíse na nDaoine Óga (YPFSF). Bhí 90 tionscadal príomhshruthaithe de thoradh babhta a haon den chiste sin agus 142 tionscadal príomhshruthaithe de thoradh babhta a dó. Seolann gach tionscadal maoinithe tuarascáil ar bhonn leanúnach chuig an RLGÓ agus bíonn siad i dteagmháil chomh maith leis na Boird Oideachais agus Oilíúna i gcomhthéacs mhaoiniú foriomlán na hÓige ar an leibhéal áitiúil.</p> <p>Níor cuireadh aon mhaoiniú breise (caipitil ná reatha) ar fáil le blianta beaga anuas don chiste sin. Ag teacht leis an coigilteas a éilítear faoi Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas 2012-2014, laghdaíodh an maoiniú don YPFSF agus do chlár maoinithe óige eile.</p> <p><b>Athbhreithniú ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead na gClár don Óige:</b></p> <p>I nDeireadh Fómhair 2012, roghnaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 'clár áirithe don óige' le go ndéanfaí Athbhreithniú ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead fúthu a bheadh ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí. Ba iad sin Tionscadail Speisialta de chuid scéim na hÓige, Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (1 agus 2) agus tionscadail scéime an Tascfhórsa Áitiúil Drugaí. Caitheadh €39.7m in 2012 ar na scéimeanna sin agus b'ionann é sin agus beagnach 70% den chaiteachas foriomlán ar chlár óige na Roinne. Coiste Stiúrtha neamhspleách a rinne an tAthbhreithniú ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead agus tacaíocht acu ó bhaill Aonaid Taighde agus Measúnaithe an RLGÓ.</p> <p>Cuireadh bailchríoch ar an Athbhreithniú ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead maidir le Maoiniú Clár Óige agus cuireadh na torthaí faoi bhráid Aire agus Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an 26ú Meitheamh 2014. Tugadh na príomhchinntí agus na moltaí le fios i gCinneadh an Rialtais (an 15 Iúil, 2014).</p> <p>I Nollaig 2014 d'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an t-athbhreithniú, leag sé os comhair Thithe an Oireachtais é agus thug sé do Roghchoiste na Dála um Leanaí agus Gnóthaí Óige é ag teacht leis an gCód um Chaiteachas Poiblí. Rinneadh moltaí san athbhreithniú maidir le feidhmiú na scéimeanna óige amach anseo agus faoina bhforbairt sna blianta atá romhainn lena chinntiú go mbeidh seirbhísí éifeachtacha againn a chinnteoidh luach ar airgead agus a bheith bunaithe ar fhianaise agus a bheidh ceaptha chun na torthaí is fearr a bhaint amach do dhaoine óga.</p> <p><b>Comhairliúchán ar thorthaí agus ar moltaí an Athbhreithnithe ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead:</b></p> <p>Tá rún ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a chinntiú go mbeidh deis ag na páirtithe leasmhara go léir torthaí agus moltaí an athbhreithnithe a phlé. Déanfar plé ar phríomhghnéithe an Athbhreithnithe ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead na gClár don Óige sa chomhairliúchán ar an Straitéis Náisiúnta don Óige, lena n-áirítear conas ar féidir moltaí an Athbhreithnithe a chur i ngníomh sa Straitéis Náisiúnta Óige. Tá tús curtha leis an gcomhairliúchán cheana féin agus leanfar ar aghaidh leis i rith mí Feabhra 2015. Cuirfidh aiseolas ó na comhairliúcháin eolas ar fáil do Phlean Forfheidhmithe mionsonraithe.</p>
<p><b>Ag Fás Aníos in Éirinn:</b> staidéar fadaimseartha náisiúnta ar leanaí in Éirinn: Tá staidéar á dhéanamh ar dhul chun cinn bheagnach 20,000 leanbh ar fud na hÉireann chun a lán eolais a bhailiú le cabhrú le feabhas ar ár dtuisicint ar gach gné de leanaí agus dá bhforbairt.</p>	<p>I gcaitheamh na tréimhse 2013-2014 agus mar chuid de Fás Aníos in Éirinn: Cuireadh bailchríoch ar an trío sraith bailithe sonraí faoin gcohort náionán (ag aois 5 bliana).</p> <p>Seoladh na tuarascálacha seo a leanas go poiblí faoi Fhás Aníos in Éirinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Williams, J., Murray, A., McCrory, C. agus McNally (2013) Forbairt ó Bhreith go Trí Bliana d'aois.</li> <li>• McGinnity, F., Murray, A. agus McNally, S. (2013) Filleann Máithreacha ar an Obair agus Roghanna um Chúram Leanaí do Naíonáin in Éirinn.</li> <li>• Nixon, E., Swords, L. agus Murray, A. (2013) Parenting and Infant Development.</li> </ul> <p>Críochnaíodh sraith ina raibh príomhthorthaí agus doiciméid choincheapúla agus teicniúla (féach <a href="http://www.growingup.ie">www.growingup.ie</a>) Rinneadh sonraí gan tréithe pearsanta na micreachomhad ó na sraitheanna sonraí a bhain le grúpa na leanaí (ag aois a 3 bliana) agus na leanaí (ag aois a 13 bliana) a thaisceadh i gCartlann Sonraí na hEolaíochta Sóisialta (ISSDA) lena n-úsáid ag taighdeoirí bona fide.</p> <p>Déanfar sonraí gan tréithe pearsanta na micreachomhad ón trío sraith sonraí a bailíodh maidir leis an ngrúpa leanaí (ag aois 5 bliana) a thaisceadh sa ISSDA go luath in 2015.</p>

<p><b>Straitéis Náisiúnta um Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011-2016.</b> Leagtar amach treo soiléir sa Straitéis maidir le taighde agus sonraí leanaí in Éirinn agus cuirtear in iúl ann réimse eolais sonracha faoi riachtanais leanaí ó thaobh sláinte, oideachas, sábháilteacht, slándáil eacnamaíoch agus rannpháirtíocht shóisialta.</p>	<p>Foilsíodh an chéad Tuarascáil faoi Fhorfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí, 2011-2016, sa bhliain 2013 agus bhí cuntas ann faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhaontaithe na straitéise. Tá an dara Tuarascáil faoi Fhorfheidhmiú na Straitéise le foilsiú go luath in 2015. Foilseofar an tuarascáil (na tuarascálacha) faoi Fhorfheidhmiú na Straitéise agus na hagusáin a bheidh leo ar láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.</p>
<p><b>Taighde agus Gníomhaíochtaí Eile</b></p>	<p>Sa tréimhse 2013/2014, rinne <b>Aonad Taighde agus Meastóireachta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige</b> an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• D'fhoilsigh siad an ceathrú tuarascáil i Mí an Mhárta 2013 faoi staid Leanaí an Náisiúin. Foilsíodh an Tuarascáil mar fhreagra ar ghealltanais a tugadh sa Straitéis Náisiúnta Leanaí agus is léiriú í ar iarracht idirnáisiúnta chun folláine agus leas leanaí a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá an Tuarascáil, bunaithe ar an Tacar Náisiúnta Táscairí maidir le Folláine agus Leas Leanaí agus tá cur síos inti ar shaol na leanaí in Éirinn, rianáitear athruithe thar am inti agus déantar dul chun cinn in Éirinn a thagarmharcáil i gcomparáid le tíortha eile. I measc na dtéamaí atá clúdaithe sa tuarascáil tá sláinte agus oideachas leanaí, freastal scoile agus bochtaineacht leanaí.</li> <li>• Chuir siad maoiniú ar fáil do 3 staidéar taighde iarchéime nua faoi Chlár Scoláireachtaí na Roinne agus d'fhógair siad maoiniú do scoláireacht na Roinne a mbeidh baint aici le Ag Fás Aníos in Éirinn. Beidh sí mar chuid den scéim Scoláireachta Chomhairle Taighde iarchéime na hÉireann faoina dtéamaí comhpháirtíochta straitéisí</li> <li>• D'fhoilsigh siad faisnéisiú amháin sa tsraith Chlár Taighde 'Dhaoine Óga gan Dídean agus Bealaí i dtreo Tithíochta': Príomhthorthaí ó staidéar cáilíochtúil fadaimseartha 6 bliana (uimhir 23) agus sé nóta mionteagaisc do scoláireacht taighde (uimhreacha 18-23). Go dtí seo d'fhoilsigh siad 23 nóta mionteagaisc do Chlár Taighde Maoinithe agus 24 nóta mionteagaisc do Chlár Scoláireachta faoin tSraith seo. Cuireadh collóiciam taighde ar siúl i Samhain 2013 nuair a chur 7 scoláirí torthaí a gcuid staidéir i láthair.</li> <li>• Chuir siad IARSCRÍBHINN STAIRIMH ar fáil agus d'fhoilsigh siad í ar líne mar chuid de Thrú agus de Cheathrú Tuarascáil Chomhdhlúite na hÉireann chuig Coiste na NA um Chearta an Linbh maidir le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh 2006-2011 MEITHEAMH 2013</li> <li>• Thug siad tuairisc faoin gcéad nuashonrú ar Fhorfheidhmiú Tuarascáil um Straitéis Sonraí Cuireadh an tuarascáil seo ar fáil ar líne in 2013.</li> <li>• Chuir siad tús in 2013 le hAthbhreithniú ar Bheartas agus ar Luach ar Airgead na gclár spriocdhírthe do dhaoine óga atá maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus chuir siad bailchríoch air in 2014. Rinneadh anailís sa tuarascáil ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gclár go dtí seo agus tugadh moltaí sonracha chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na gclár amach anseo.</li> <li>• Chuir siad tús le staidéar féidearthachta chun measúnú a dhéanamh cibé an bhféadfadh clár bunaithe ar fhianaise (Teiripe Ilstéamach), ina mbainfí úsáid as samhail airgeadais maidir le Tionscnamh Tionchair shóisialta, a fhorbairt chun Clár Maoirseachta Bannaí a chruthú chun laghdú a dhéanamh ar an ngá le daoine a choinneáil agus torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga leochaileacha.</li> </ul>



<p>Forbróidh an RLGÓ treoir maidir le leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic a úsáid i struchtúir rannpháirtíochta agus sa bheartas náisiúnta maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht (2012-2017).</p>	<p>Is éard atá sa chéad <b>Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht</b> ná comh-straitéis den chreat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga, Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, agus foilseofar é go luath in 2015. Tá roinnt tiomantas ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit sa Straitéis Rannpháirtíochta chun tacú le cur chun cinn agus éascú rannpháirtíocht páistí agus daoine óga, lena n-áirítear iad siúd nach gcloistear go minic.</p> <p>Forbraíodh sraith straitéisí le tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí tríd an gcleachtas is fearr a sholáthar maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic i gcinnteoireacht agus beidh sé ar fáil trí Mhol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga, a bhunófar le tacú le forfheidhmiú na Straitéise.</p>
<p>Tacóidh an RLGÓ le forbairt gníomhaíochtaí a bheidh le cur san áireamh maidir le feabhsú an chleachtais maidir le héisteacht le leanaí faoi chúram.</p>	<p>I mí an Mheithimh 2013, rinne comhaltaí an Ghrúpa Forfheidhmithe Guth na Leanaí i gCúram iad féin a athbhaisteadh agus thug siad <b>TACTIC</b> mar ainm orthu féin rud a chiallaíonn - <b>Déagóirí agus Leanaí faoi Chúram ag Caint</b>. D'fhorbair an grúpa sraith ábhar do leanaí agus do dhaoine óga nuair a bhíonn siad ag dul faoi chúram ar dtús, agus é d'aidhm acu iad chur ar a suaimhneas agus thaispeáint dóibh conas a chinntiú go n-éistfeadh leo maidir lena suímh chúram féin agus a gcuid pleananna cúraim. D'fhoilsigh Tulsa: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige na foinsí sin i mí na Nollag 2014. Tabharfaidh Tulsa iad do gach leanbh agus duine óg atá ag dul faoi chúram.</p>
<p>Tacú le cur chun cinn agus le cur i bhfeidhm <b>Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (2014-2020)</b> a sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an 16 Aibreán 2014. Is é seo an chéad chreat uileghabhálach beartais náisiúnta maidir le leanaí agus daoine óga ó 0 go 24 bliana d'aois. Glactar le cur chuige an rialtais iomláin ann agus beidh roinnt straitéisí ag baint leis.</p> <p>An Creat: - Leagtar amach torthaí coitianta ann agus déantar iad a lárú- tá 163 ghealltanas beartais le sonrú ann tugtar tús áite do spriocanna tábhachtacha bunathraithe nach mór beart a dhéanamh fúthu- cinntíonn sé bhealach nuálach agus éifeachtach oibre</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá Foireann Feidhmithe bunaithe laistigh den RLGÓ chun treoir a thabhairt, comhordú a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. Tá obair ar siúl faoi láthair ar an bPlean Forfheidhmithe. Tabharfar cuntas imlíne ann ar sceideal gníomhartha 3 bliana a bhaineann le gealltanas atá tugtha don tréimhse 2014-2016 agus tabharfar le fios ann na torthaí a bhfuiltear ag súil leo in 2017 (le go ndéanfar athbhreithniú leathbhealaigh orthu). Tá cuntas mionsonraithe tugtha ag na Príomhranna agus ag na Príomh-ghníomhaireachtaí faoi na bearta a dhéanfaidh siad ó thaobh gach tiomantas díobh. Tá athbhreithniú déanta ag Comhpháirtithe ar seo agus cuireadh gníomhartha na gComhpháirtithe san áireamh nuair ba chúil. Tá profú á dhéanamh ar seo faoi láthair agus déanfar é a scaipeadh ar an gCuibhreannas lena fhaomhadh go luath in 2015.</li> <li>• Bunaíodh Grúpa trasrannach Urraitheoirí chun forfheidhmiú a thiomáint chun cinn agus fóram a bhunú chun fadhbanna a réiteach. Tá príomhfhreagracht ar gach Urraitheoir as réimse toraidh Náisiúnta áirithe. Tionóladh chéad chruinniú an Ghrúpa Urraitheoirí ar an 26ú Meitheamh, 2014. Tagann an Grúpa Urraitheoirí le chéile de réir mar is gá i rith na bliana.</li> <li>• Bhunaíodh Cuibhreannas Ardleibhéil Beartas um Leanaí agus Daoine Óga chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú tras-rialtais agus é a thiomáint chun cinn. Tionóladh cruinnithe den Chuibhreannas in Aibreán, Iúil agus Samhain 2014. Tionólfar cruinnithe ina dhiaidh sin dhá uair sa bhliain ar a laghad. Beidh an chéad chruinniú eile den Chuibhreannas ar siúl ar an 6ú Márta 2015</li> </ul>

<p>Feidhmiú céimneach an <b>Chláir Ceantar-Bhunaithe Óige (ABC)</b> a chur chun cinn. Tionscnamh nuálach luath-idirghabhála agus coiscthe é sin trína ndéantar maoiniú a thiomnú do chur chuige ceantarbhunaithe le cabhrú chun torthaí níos feara a chur ar fáil do leanaí trí bhochtaineacht leanaí a laghdú.</p> <p>Tógann an clár ar bhunús an <b>Chláir Luath-Idirghabhála agus Coiscthe 2007 - 2013</b> a bhí comh-mhaoinithe ag an RLGÓ agus Atlantic Philanthropies agus leantar ar aghaidh leis an obair sin.</p> <p>Dírítear sa Chlár ABC ar infheistíocht in idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise chun na torthaí fadtéarmacha do pháistí agus do theaghlaigh atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an gClár deireadh a chur le "timthriall na bochtaineachta leanaí sna limistéir sin is doimhne a bhfuil sí fréamhaithe iontu agus ina bhfuil leanaí is mó faoi mhíbhuntáiste, trí sheirbhísí agus idirghabhálacha comhtháite agus éifeachtacha" i réimsí forbartha leanbh, folláine agus leas leanbh, tuismitheoireacht agus míbhuntáiste oideachasúil.</p> <p>Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus The Atlantic Philanthropies comh-mhaoiniú ar fáil don Chlár ABC. Is é €29.7m méid iomlán an mhaoinithe atá tiomanta acu araon don tréimhse 2013-2016.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá creat meastóireachta ardleibhéil don Chlár ABC á fhorbairt agus á mhaoirsiú ag Grúpa Comhairleach Saineolaithe Idirnáisiúnta agus tá bunsraith eolais curtha ar fáil dó ag Foireann Idir-Rannach an Tionscadail ABC. Cuirfidh Grúpa Meastóireachta, lena n-áirítear ionadaithe ó gach ceann den 13 láithreán, eolas ar fáil do mhodheolaíocht mhionsonraithe chun barrfheabhsú a dhéanamh ar fhorfeidhmiú ar an leibhéal áitiúil.</li> <li>• In 2013, tugadh cead 13 láithreán a áireamh sa chlár ABC agus cé is moite de dhá láithreán bhí conradh déanta leo faoi dheireadh 2014 nó conarthaí tairgthe dóibh. Tá tacaíocht á thabhairt don dá láithreán eile le go bhféadfaidh siad bailchríoch a chur ar na conarthaí go luath in 2015. Tá diantacaíocht agus treoir curtha ar fáil do 13 Limistéar an Chláir ABC ag na bainisteoirí cláir, Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (CES) agus Pobal maidir le bailchríoch a chur ar shocruithe maidir le dearadh, seachadadh agus rialachas na seirbhíse</li> <li>• Chomh maith leis an méid thuas, chuir an RLGÓ togra faoi bhráid Ciste na gCuntas Díomhaoin ag lorg tuilleadh maoinithe do tráinse a bhainfeadh le Cuibhreannais a chuir isteach faoin gclár ABC agus cé nár éirigh leo, léirigh siad ina gcleachtas go bhféadadh gealladh a bheith fúthu is go bhféadfaí iad a chur san áireamh laistigh de 'Chlár Meantóireachta'. Tá €7m leithdháilte don RLGÓ ó 2015 chun tacú leis an obair seo leis na Cuibhreannais bhreise. Tá réamhobair ar siúl chun an scéim seo a cheapadh agus chur i bhfeidhm in 2015 agus 2016.</li> </ul>
--	--

<p>Athchóiriú agus cur i bhfeidhm <b>Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga</b> (CYPSCanna) (ar a dtugtaí Coistí Seirbhísí Leanaí roimhe seo) ar fud na tíre. Is coistí iad sin ar leibhéal an chontae ar a bhfuil na príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha chun seirbhísí a phleanáil agus comhordú a dhéanamh orthu i limistéir na n-údarás áitiúil do leanaí agus do dhaoine óga idir aois 0 - 24 bliana. Is é an ról atá acu ná cur le comhar idirghníomhaireachta agus na Torthaí Náisiúnta a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga atá leagtha amach i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Faoi láthair tá 21 coiste den sórt sin bunaithe in Éirinn i 22 contae agus i 25 limistéar údarás áitiúil, agus gach ceann acu ag céimeanna éagsúla forbartha: Cill Chainnigh agus Ceatharlach; Muineachán An Cabhán; Chorcaí; Dhún na nGall; Cathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh; Chathair Bhaile Átha Cliath Theas; Fhine Gall; Gaillimh; Chiarraí; Cill Dara; Luimneach; An Iarmhí agus An Longfort; Lú; An Mhí; Ros Comáin; Sligeach agus Liatroim; Baile Átha Cliath Theas; Tiobraid Árann Theas; Phort Láirge; Loch Garman; Chill Mhantáin. Tá 4 Choiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga fós le bunú sa Chlár, Maigh Eo, Laois agus Uíbh Fhailé agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.</li> <li>• Tá an RLGÓ ag obair in éineacht le Tusla ar Chreatlach Acmhainní chun socrú maoinithe inbhuanaithe a cheapadh do na CYPSCanna i gcomhréir le tiomantas an RLGÓ (G48) i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile chun: 'Creat acmhainní aontaithe a chur i bhfeidhm do Choistí Seirbhísí Leanaí (CSLanna) trí leas a bhaint as tacaíocht airgeadais atá ann cheana féin ó Tusla, an Rialtas Áitiúil agus RLGÓ. Beidh sé mar aidhm ag an gCreat Acmhainní freisin caighdeánú a dhéanamh ar na socrúithe fostaíochta éagsúla atá i measc comhordaitheoirí na CYPSCanna.</li> <li>• Tá RLGÓ agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag obair ar dhoiciméad treorach do na coistí sin agus do Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil. Déanfar comhaontú maidir le príomhthosaíochtaí pleananna um Leanaí agus Daoine Óga gach CYPSC idir Choiste Forbartha an Phobail Áitiúil lena áireamh mar chomhpháirt de ghné an phobail de Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (LECP) an údarás áitiúil.</li> <li>• Thionóil an RLGÓ Tascghrúpa i Meán Fómhair 2014 chun saincheisteanna tábhachtacha a chíoradh a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu i bhforbairt straitéiseach agus oibríochtúil na CYPSCanna, lena n-áirítear struchtúir na CYPSCanna a oiriúnú lena n-ailíniú le Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Chríochnaigh an Tascghrúpa a gcuid oibre go luath i Samhain 2014 agus ar an ngrúpa bhí Cathaoirleach Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta na CYPSCanna, Comhordaitheoir Náisiúnta na CYPSCanna, ionadaí Comhordaitheoir na CYPSCanna, ionadaíthe ó Tusla agus ón eamháil Dheonach agus Pobail agus CES. Tá an RLGÓ ag obair ar threoirplean d'fhorbairt CYPSCanna sna cúig bliana atá amach romhainn ina n-ionchorprófar obair an Tascghrúpa agus seolfar é i gcéad Ráithe (R1) na bliana 2015.</li> </ul>
<p>Déanfar é sin faoi chuimsiú na Straitéise um Fhís don Athrú, nuair a sholáthraí <b>Foirne Meabhairshláinte Pobail</b> do leanaí agus d'ógánaigh. Beidh foireann amháin (1) ann do gach 100,000 duine faoi 2008 agus 2 foireann in aghaidh gach 100,000 duine faoi 2013.</p>	<p>Tá €125 milliún curtha ar fáil mar mhaoiniú imfhálaithe nua do sheirbhísí meabhairshláinte ó 2012 i leith chun seirbhísí a bheidh ag teacht le Fís don Athrú a fhorbairt agus a nuachóiriú. Díriodh ar phoist bhreise a chruthú chun na Foirne Meabhairshláinte Pobail do dhaoine fásta agus do pháistí a neartú. Tá an maoiniú nua á úsáid freisin chun seirbhísí meabhairshláinte speisialtóireachta pobail a fheabhsú do dhaoine scothaosta a bhfuil galair mheabhracha orthu, dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachtúil ag gabháil dóibh agus tinneas meabhrach orthu, agus le tacú leis na seirbhísí meabhairshláinte fóiréinseacha, agus le tionscnaimh chun féinmharú a chosc. Faomhadh breis agus 1,150 post nua ó 2012 i leith. Éascaíonn siad an beartas maidir le hathrú ó chúram institiúideach traidisiúnta go seirbhís meabhairshláinte atá solúbtha, dírithe ar an othar agus pobalbhunaithe agus ina laghdaítear go mór líon na n-othar a chuirtear chuig ospidéal, ach ag an am céanna cúram cónaithe a sholáthar nuair is cúf.</p> <p>Ag tús na bliana 2015, bhí 55 leaba de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Leanaí agus Daoine Óga ag FSS, .i. leapacha a d'fhéadfaí a chur ar fáil do leanaí nó d'ógánaigh dá mba ghá iad a thógáil isteach mar othair chónaitheacha. Bhí sé sin níos fearr ná mar a bhí i Samhain 2014 nuair nach raibh ach 48 leaba ar fáil dóibh. Tá 66 leaba cláraithe sa chóras i ndáiríre, ach tá thart ar 8 gcinn acu san Ionad Éist Linn (i gCorcaigh) nach féidir leas a bhaint astu toisc nárbh fhéidir comhairleach a earcú in ainneoin na n-iarraichtaí a rinne FSS Theas arís agus arís eile. Ba heart go gcríochnófar tógáil aonaid shaincheaptha 22 leaba d'othair chónaithe ar thailte Ospidéal Ghort na Silíní i lár 2015. Aonad de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Leanaí agus Daoine Óga a bheidh ann. Aistrefar anonn na 14 leaba atá ann faoi láthair sa tsaoráid shealadach, sa chaoi go mbeidh 8 leaba bhreise ar fáil, nó 71 leaba san iomlán.</p>
<p>Déanfar anailís ar shonraí ón Suirbhé ar Éire Shláintiúil, an Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí, an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile (HBCS) agus an Tionscadal Eorpach um Shuirbhé Scoile faoi alcól agus Drugaí eile (ESPAD) agus foilseofar iad chun léargas cruinn a sholáthar ar leitheadúlacht chaithimh tobac agus úsáid substaintí agus úsáidfear iad chun beartais a fhorbairt sna réimsí sin.</p>	<p>I 2013/2014 choimisiúnaigh an <b>Clár Sláinte agus Folláine</b> Suirbhé nua ar Éire Shláintiúil a chuirfear i gcrích gach bliain idir 2014 agus 2016. Choimisiúnaigh an <b>Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí agus Alcól</b> Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí atá á chur i gcrích sa tréimhse 2014/2015. Beidh daoine atá 15 bliana d'aois agus níos sine san áireamh sa dhá shuirbhé sin. Lena chois sin, cuireadh tús le Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile in 2014 ag teacht leis an timthriall idirnáisiúnta agus tá an suirbhé ESPAD á choimisiúnú le haghaidh 2015 i gcomhréir leis an timthriall idirnáisiúnta.</p>

<p>Is tionscadal taighde trasnáisiúnta é an <b>Staidéar ar Iompraíocht Sláinte Leanaí in Aois Scoile (HBSC)</b> a cuireadh i gcrích i 44 thír i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Tá Éire ina ball den ghréasán staidéir ó 1994 i leith agus déantar suirbhéanna gach 4 bliana.</p>	<p>Cuireadh tús le Suirbhé HBSC 2014 i Mí an Mhárta 2014. Bhí na sonraí bailithe faoi mhí Iúil 2014 agus cuireadh na tacair sonraí isteach le haghaidh seiceálacha cáilíochta i mí Dheireadh Fómhair 2014. Táthar ag súil le tuarascáil na bliana 2014 a fhoilsiú go déanach in 2015. Leanfar ar aghaidh ag obair ar an tionscadal seo go dtí 2016.</p>
<p>Cuirfear cóireáil ar fáil do 100% de na daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhfuil úsáid fhadhbach drugaí á gcleachtadh acu agus é sin laistigh de mhí ón am a dhéantar measúnú orthu.</p>	<p>Cuirtear cóireáil ar fáil do 100% de na daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois laistigh de sheachtain ón mheasúnú agus níl aon liosta feithimh ann don ghrúpa sin. Cuirtear réimse idirghabhálacha ar fáil do dhaoine aonair faoi bhun aois 18 a thagann le haghaidh cóireála andúile .i. Measúnú Tosaigh, Measúnú Cuimsitheach, Clár Minnesota, Idirghabháil Achomair, Comhairleoireacht Aonair, féinchabhair, tacaíocht piaraí srl. nó teaglaím díobh. Tá seachadadh na seirbhísí seo bunaithe ar Shamhail na gCeithre Shraith idirghabhála agus cóireála agus tá na seirbhísí ceaptha chun freagra a thabhairt ar riachtanais shonracha a aithnítear a bheith ag duine.</p> <p>Cuirtear an tseirbhís ar fáil trí obair idirghníomhaireachtaí idir FSS, na Seirbhísí Óige, na Tascfhórsaí Drugaí agus ilghníomhaireachtaí eile pobail, reachtúla agus deonacha mar go bhfuil sé d'aidhm acu seirbhísí a chur ar fáil i measc an phobail nuair is féidir. Cuirtear seirbhísí comhairleoireachta agus athshlánúcháin ar fáil dóibh siúd a thagann le fadhbanna andúile. Tugtar comhairleoireacht duine le duine dóibh agus déantar iad a atreorú chuig grúpaí reachtúla agus deonacha eile nuair is cuí. Cuireann FSS maoiniú ar fáil freisin do roinnt soláthraithe seirbhísí deonacha a dhéanann andúil drugaí agus alcóil a chóireáil.</p>
<p>An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS): Oibríonn síceolaithe NEPS le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon agus bíonn siad ag plé le cúrsaí foghlama, iompair agus forbairt mhothúcháin agus sóisialta. Sanntar gach síceolaí díobh do ghrúpa scoileanna. Oibríonn siad i gcomhar le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí chun riachtanais oideachais a shainiú.</p>	<p>Bhí 11 síceolaí NEPS breise ann sa tréimhse 2013/14 sa chaoi go bhfuil 178 acu ann (Coibhéis Lánaimeartha 169 duine). Tá earcaíocht leanúnach ar siúl sa bhliain acadúil reatha (2014/15) agus ardófar na figiúir sin go 182 (Coibhéis Lánaimeartha 173 duine). Ó Meán Fómhair 2013 i leith bhí síceolaí NEPS sannta do gach bunscoil agus iar-bhunscoil. I mí Eanáir 2014 sheol an Roinn Oideachais agus Scileanna an clár "Folláine in Iar-Bhunscoileanna - Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe" atá á chur chun cinn go gníomhach ag síceolaithe NEPS ar leibhéal na scoile. Ceapadh é le tacú le daltaí a bhfuil réimse leathan de shaincheisteanna iompraíochta, mothúcháin agus sóisialta acu. D'fhorbair NEPS treoirlínte den chineál céanna do bhunscoileanna i mbliana.</p>
<p>Rinneadh Suirbhé maidir le Scileanna Beatha i Scoileanna in 2012. Tá anailís le déanamh ar na sonraí agus cuirfear na torthaí ar fáil in 2013.</p>	<p>D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna torthaí Suirbhé na bliana 2012 ar Scileanna Beatha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna i mí Eanáir 2014. Is iad seo a leanas na torthaí ábhartha maidir le húsáid substaintí a fuarthas ó na scoileanna a d'fhreagair an suirbhé:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bhí beartas maidir le mí-úsáid substaintí ag 88% de na bunscoileanna agus ag 93% de na hiar-bhunscoileanna</li> <li>• Thuairiscigh 94% de na bunscoileanna go raibh an clár 'Misneach' á úsáid acu.</li> <li>• Thuairiscigh 83% de na hiar-bhunscoileanna go raibh siad ag baint úsáide as an acmhainn 'On My Own Two Feet'</li> <li>• Thuairiscigh 90% de na bunscoileanna agus 100% de na hiar-bhunscoileanna go raibh faisnéis á cur ar fáil dá gcuid daltaí acu faoi chúrsaí drugaí agus conas dul i ngleic le mí-úsáid drugaí</li> <li>• Thuairiscigh 99% de na bunscoileanna agus de na hiar-bhunscoileanna araon go dtugann siad faisnéis dá gcuid daltaí le cur ar a gcumas seasamh in aghaidh piarbhrú mhíchúí.</li> </ul> <p>Eiseofar suirbhé na bliana 2015 faoi Scileanna Beatha chuig scoileanna go luath. Cabróidh torthaí an tsuirbhé sin chun an dul chun cinn a thomhas i gcomparáid le torthaí suirbhéanna 2012 agus 2009.</p>

<p>Bíonn tacaíochtaí breise riachtanach do dhaoine óga atá cláraithe in ionaid Ógtheagmhála ar fud na tíre chun scileanna a fhorbairt a chinnteoidh gur féidir leo a n-acmhainn iomlán sóisialta, pearsanta, oideachais agus eacnamaíoch bhaint amach. Tá €2 milliún le leithdháileadh in 2007 ar 20 Ionad Ógtheagmhála atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais speisialta oideachais na mac léinn atá idir 15 agus 20 bliain d'aois. Déanfar an scéal a mheas agus breathnófar an féidir an socrú a leathnú chuig gach Ionad Ógtheagmhála. Cuirfear 1,000 áit Ógtheagmhála breise ar fáil faoi 2009, le cois an 3,292 áit a chuireann Coistí Gairmoideachais ar fáil.</p>	<p>Bunaíodh SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna nua ar an 27 Deireadh Fómhair 2013, agus é de phríomhchuspóir aige forbairt, maoiniú agus maoirsiú a dhéanamh ar earnáil chomhtháite breisoideachais agus oiliúna. D'fhoilsigh SOLAS a straitéis Breisoideachais agus Oiliúna ar an 12ú Bealtaine, 2014. Tá cúig phríomhsprioc sa Straitéis chun scileanna a sholáthar don gheilleagar lena n-áirítear rannpháirtíocht láidir fostóirí, tacú le cuimsiú gníomhach na saoránach, feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar Breisoideachas agus Oiliúint a phleanáil agus a mhaoiniú agus béim láidir á leagan ar mheastóireacht torthaí agus ar dhíríú orthu chun caighdeán Breisoideachais agus Oiliúna a ardú agus feabhas a chur ar stádas Breisoideachais agus Oiliúna mar rogha mhaith tharraingteach san earnáil oideachais agus oiliúna foriomlán. Coinníodh maoiniú agus áiteanna Ógtheagmhála gan athrú in 2013 agus 2014. Coinníodh an maoiniú le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais gan athrú freisin.</p>
<p>Déanfaidh an Fóram Comhairleach &amp; Comhairliúcháin um Oideachas don Lucht Siúil scrúdú agus athbhreithniú ar na moltaí go léir a bhí sa Tuarascáil agus sna Moltaí sa Straitéis Oideachais don Lucht Siúil ach atá fós gan cur i bhfeidhm. Scrúdóidh an Fóram bhealaí chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar príomhshruthú oideachais don Lucht Siúil.</p>	<p>Tá an Fóram Comhairleach &amp; Comhairliúcháin um Oideachas don Lucht Siúil ag leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú na moltaí atá gan cur i bhfeidhm fós agus tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le tiomsú sonraí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi láthair ar thiomsú agus saincagadh sonraí faoi dhaltaí an Lucht Siúil ón Daonáireamh Bunscoile agus ón mBunachar Sonraí Daltaí Iar-bhunscoile rud a éascóidh monatóireacht níos fearr ar dhul chun cinn agus gnóthachtálacha an Lucht Siúil agus iad ag gluaiseacht trí bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara ós rud é go bhfuil na sonraí a bailíodh ar fud an chórais oideachais bunaithe ar féinaithint, go bhféadfadh líon iarbhír an Lucht Siúil sa chóras oideachais a bheith níos airde ná na figiúirí a tugadh.</p>
<p>Cuirfear deireadh de réir a chéile le soláthar leithscartha ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile lena chinntiú go ndéanfar an Lucht Siúil a chomhtháthú i scoileanna príomhshrutha faoi 2009.</p>	<p>Ceann de phríomhchuspóirí na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil is ea deireadh a chur le soláthar leithscartha don Lucht Siúil agus leanaí agus daoine óga an Lucht Siúil a chuimsiú san oideachas príomhshrutha. Tá deireadh á chur de réir a chéile ó 2006 i leith le réimse soláthair leithscartha lena n-áirítear Ionaid Oideachais Sinsearach agus Sóisearacha don Lucht Siúil; agus Scoileanna Speisialta agus Iompar Scoile agus Oideachas Luath-Bhlianta don Lucht Siúil amháin agus tá áiteanna do mhic léinn á n-ionchorprú sa soláthar príomhshrutha. Níl ach dá Scoil Speisialta don Lucht Siúil fágtha agus tá a bpátrún, Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, ag cur deireadh leo de réir a chéile agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil le cabhrú leis an bpróiseas sin.</p>
<p>Reachtaíocht a thabhairt isteach chun go ndéanfar Sochar Linbh a roinnt go cothrom idir na tuismitheoirí i gcásanna nach bhfuil siad ina gcónaí le chéile agus go bhfuil socrúithe maidir le comhchaomhnóireacht chomhionann déanta. Na himpleachtaí agus na saincheisteanna a bhaineann le haistriú fócaíochta ó phríomhchúramóir an pháiste chuig duine cáilithe malartach i gcás ina bhfuil sé cruthaithe nach bhfuil an Sochar Linbh á úsáid ar mhaithe le leas an linbh.</p>	<p>Scrúdaíodh na saincheisteanna sin i bhfianaise na tuarascála ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le gnéithe dlíthiúla a bhaineann le gaoil teaghlai, agus foilsíodh na torthaí i mí na Nollag 2010. Tá impleachtaí beartais agus riaracháin an dá shaincheist sin á mbreithniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.</p>

<p>Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do scoileanna DEIS faoi Scéim Uirbeach na mBéilí Scoile agus Scéim Béilí Scoile na dTionscadal Áitiúil d'fhonn iarratais a lorg ó scoileanna DEIS nach bhfuil rannpháirteach faoi láthair sa Chlár Béilí Scoile agus freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí reatha i gcomhthéacs líon méadaithe na ndaltaí agus an chaoi a bhfuil leathnú tagtha ar na clubanna bia.</p>	<p>Bhí foráil i mBuiséad na bliana 2013 go gcuirfí €2m breise ar fáil do Chlár na mBéilí Scoile in 2013. Bhí foráil i mBuiséad na bliana 2015 go gcuirfí €2m breise ar fáil do Chlár na mBéilí Scoile (sa chaoi go méadófaí an soláthar iomlán ó €37m go €39m). Toisc gur cuireadh an maoiniú breise ar fáil i mBuiséad 2013 bhíodas in ann glacadh le 100 scoil breise DEIS nó scoileanna speisialta rud a chuaigh chun tairbhe thart faoi 9,800 leanbh. Cuireadh €2m breise ar fáil don chlár Béilí Scoile i mBuiséad na bliana 2015 agus táthar ag breithniú conas is féidir é sin a leithdháileadh. Úsáidfeadh an maoiniú breise chun íocaíochtaí méadaithe a thabhairt do scoileanna DEIS atá rannpháirteach sa scéim béilí scoile cheana féin ach nár tugadh maoiniú breise dóibh de bharr an mhéadaithe sin atá tagtha ar líon a gcuid daltaí le blianta beaga anuas. Tabharfar aird ar leith do chlubanna bricfeasta a chur ar fáil a chinntíonn go mbíonn an-dea-thorthaí ag páistí leochaileacha ó thaobh freastal scoile, poncúlacht agus leibhéil fuinnimh.</p>
<p>Cinntoidh Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann go gcuirfidh an tSeirbhís Phromhaidh na seirbhísí ar fáil atá riachtanach le tús a chur le gach rogha pobail eile seachas coinneáil, chomh luath agus is féidir sa tréimhse 2007-2013.</p>	<p>Leathnaíodh Rannóg Phromhaidh na Seirbhíse Promhaidh na Daoine Óga in 2008 chun seirbhís náisiúnta a sholáthar ó áiteanna i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge, Droichead Átha agus Sligeach. Chabhraigh sé sin le smachtbhannaí pobail a chur ar fáil ar fud na tíre.</p>
<p>Is é an dáta sceidealaithe do thosú na bhforálacha reachtaíochta le smachtbhannaí pobail a chur i bhfeidhm ná 1 Márta 2007. Rollófar amach na bearta ina dhiadh sin ar bhonn céimnithe ar fud na tíre. Beidh an rolladh amach seo críochnaithe roimh 2013.</p>	<p>Cuireadh i bhfeidhm an réimse iomlán de smachtbhannaí pobail faoi Acht na Leanaí 2001, arna leasú, i Márta 2007.</p>
<p>Méadóigh an líon iomlán de Thionscadail Athstíúrtha don Óige go 130 go neasach, ag freastail ar thart ar 4,500 duine óg roimh 2013. Déanfar measúnú cuimsitheach de Thionscadail Athstíúrtha don Óige in 2007-2008 le bonn eolais a chur le forbairt na dtionscadail.</p>	<p>I Nollag 2014, faomhadh €2.8 milliúin breise faoin Scéim Cuntais Suanacha le ceadú do na Cláir Pobail Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig Pobail chun roinnt tograí a thacú ag cuimsiú bunú 10 Tionscadal Garda Athstíúrtha don Óige (GYDP) nua ag suíomhanna breise ar fud na tíre.</p> <p>Tacóidh an maoiniú méadaithe le fostaíocht oibreoirí don óige breise i 16 Tionscadal Garda Athstíúrtha don Óige (GYDP) atá ann cheana a éilíonn acmhainní agus forbairt idirghabhálacha feabhsaithe le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá faoi bhráid An Garda Síochána. Le linn 2014 lean dul chun cinn ar aghaidh a bheith déanta ar bhearta le múnláí leithdháileadh acmhainní a alíniú chun dul i ngleic le riachtanais ógchoireachta áitiúla.</p> <p>D'éascaigh córas píolótach, déanta i Rannán nan Gardaí Ciarraí, seachadadh seirbhíse thar an rannán/condae ar fad in áit do na dobhcheantair GYDP traidisiúnta. Bhí an córas píolótach rathúil agus tá páirtithe leasmhara ag obair anois ar an dul chun cinn a baineadh amach a chomhdhlúthu.</p> <p>D'oscail Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa óig díospóireachtaí le Bainistíocht Gharda agus eagraíochtaí pobal-bunaithe ag seachadadh GYDPanna i gCathair Corcaigh chun próiseas cosúil de sheachadadh seirbhíse a athailíniú chun ceantair nach bhfuil freastalta ag na tionscadail atá ann cheana sa chathair a aimsiú. Tástáladh ceithre beart nua i 15 suíomh GYDP roghnaithe ar fud na tíre faoin chlár acmhainn an phobail a fhorbairt &amp; bainistíocht athraithe den GYDP chun iad a chumasú díriú níos fearr ar fhadhbanna ógchoireachta áitiúla.</p>

Aois Oibre	
NAP Aicsean cuimsithe	Tuarascáil ar dhul chun cinn 2013 /2014
<p><b>Spioc Ardleibhéil 5:</b>                      Tabhair isteach cur chuige bainistíocht cáis ghníomhach a thacóidh leo siúd atá ar leas sóisialta fad-téarmach in oideachas oiliúint agus fostaíocht. Is í an sprioc ná tacaíocht a thabhairt do 75, 000 daoine den chineál sin, ag cuimsiú tuismitheoirí aonarachacha agus na daoine dífhostaithe fad-téarmacha, le dul isteach i bhfostaíocht roimh 2015 agus an meán-am caite ar an mBeochlár a laghdú go níos lú ná 12 mí roimh deireadh 2015.</p>	<p>Leagann an Straitéis Conairí go hObair amach leasú cuimsitheach de chur chuige an Stáit cabhrú le daoine dífhostaithe filleadh ar obair. Cuireadh tús leis in 2012 agus tá sé deartha leis an bPlean Aicsin do Phoist a chomhlánú mar chuid de chur chuige dhá-bheangán le dul i ngleic leis an ngéarchéim phoist a tháinig chun cinn sna blianta deireanacha de na deich mbliana seo caite. Tá an Plean Aicsin do Phoist dírithe ar fhás fostaíochta a spreagadh; Pathways to Work ar chinntiú go bhfuil an méid is mó agus is féidir de na postanna nua seo, agus folúntais eile a thagann chun cinn sa gheilleagar, líonta ag daoine atá ina gcuardaitheoirí poist dífhostaithe.</p> <p>Ó bunaíodh é in 2012, tugadh seirbhísí fostaíochta agus teidlíochta le chéile i lárionaid ilfhreastail Intreo; tugadh isteach scéimeanna nua agus tacaíochtaí fostaíochta, agus fairsingíodh roinnt scéimeanna atá ann cheana; agus tharla claochlú ar sheirbhísí cuairitheora poist trí Intreo. Cuireadh i bhfeidhm ‘conradh sóisialta’ de chearta agus freagrachtaí idir cuairitheoirí poist agus an Stát. Atheagraíodh an earnáil Bhreisoideachas agus Oiliúna (FET) go suntasach agus glacadh le straitéis FET cúig bliana nua. Bunaíodh Comhairle Margadh Fostaíochta, cuimsithe de cheannairí tionsclaíochta agus speisialtóirí margadh fostaíochta le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Straitéis Conairí go hObair. Tá próifíliú i bhfeidhm anois do chuairitheoirí poist ar fad. Lean leasuithe Pathways ar glacadh leo níos luaithe ar aghaidh éifeacht níos fearr a bheith acu in 2014.</p> <p>Chuimsigh sé seo agallaimh treoracha duine le duine tosaigh a mhéadú le cuairitheoirí poist (le líon na n-agallamh, ag 169,000, suas 8% ar 2013) agus ag cur 57,000 áit FET ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fad téarmach. Seoladh an Plean Forfheidhmiú Ráthaíocht don Aos Óig (YGIP), faoi Conairí go hObair, chomh maith in Eanáir 2014, agus tugadh isteach beartanna YGIP go céimnitheach le linn 2014.</p>
<p><b>Spioc Ardleibhéil 6:</b>                      Cothabháil an luach coibhneasta den ráta leas sóisialta is ísle ag €185.80, i dtéarmaí 2007, le linn an Phlean seo, de réir acmhainní atá ar fáil.</p>	<p>I mBuiséid 2013 agus 2014, ní raibh aon athruithe ar na rátaí d’íocaíochtaí leas sóisialta príomhúla, ag cuimsiú méadaithe d’aoisigh incháilithe nó leanaí incháilithe.</p>
<p>Tá an Rialtas tiomanta do chúram DG a thabhairt isteach, ar bhonn céimnithe, laistigh dá chéad téarma oifige. Tá bunreachtáíocht de dhíth chun éifeacht a thabhairt do thiomantas an Rialtais seirbhís DG uilíoch gan táillí; Reachtaíocht le ceadú don Aire Sláinte rialúcháin a dhéanamh le rochtain ar sheirbhís DG a síneadh do dhaoine le tinnis ordaithe á dréachtadh faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne agus an Roinn agus foilseofar go luath iad. Fógrófar dátaí feidhmithe agus sonraí iarratais de bhun na reachtaíochta.</p>	<p>Achtaíodh an tAcht Sláinte (Seribhís Dochtúra Sláinte) 2014, a fhorálann teidlíocht do leanaí ar fad faoi 6 bliana d’aois do sheirbhís DG gan táillí, ar 25 Iúil 2014. Faoi Chomhaontú Creatlaí, tá an Roinn Sláinte, an FSS agus Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (IMO) ag obair go dian ar thabhairt isteach seirbhísí DG gan táillí do leanaí atá faoi 6 bliana d’aois.</p> <p>Is é an aidhm ná an chéim faoi-6 a bheith curtha i bhfeidhm roimh Ceathrú 2, 2015, faoi réir conclúid na ndíospóireachtaí sin. In Iúil 2014, d’fhaomh an Rialtas dréachtadh Bille chun an tAcht Sláinte 1970 a leasú chun seirbhís DG a sholáthar gan táillí do dhaoine ar fad atá 70 bliain d’aois nó níos mó.</p> <p>Tá dréachtadh den reachtaíocht seo beagnach críochnaithe agus, faoi réir faomhadh Rialtais, tá sé beartaithe ag an Aire Sláinte an Bille a thógáil isteach san Oireachtas i gC1 2015. Is é cuspóir an Rialtais ná an chéim thar-70 a chur i bhfeidhm i gC2 2015.</p>

<p>Tá corp láidir fianaise ag nascadh bochtaineacht agus drochshláinte intinne agus tá bochtaineacht comhcheangailte le húsáid níos mó de sheirbhísí sláinte intinne. Roimh 2013 beidh dhá Fhoireann Sláinte Intinne Ginearálta d'Aosach Pobail (CMHanna) in aghaidh 100,000 den daonra.</p>	<p>Sholáthair an Rialtas €125 milliúin maoiniú imfhálaithe nua do sheirbhísí sláinte intinne ó 2012 chun seirbhísí a fhorbairt agus a nua-aoisiú de réir Fis d'Athrú, a leagann amach an creatlach polasaí do sheirbhísí sláinte intinne in Éirinn.</p> <p>B'eochairfhócas é postanna breise le Foirne Sláinte Intinne Pobail a neartú do dhaoine fásta agus leanaí araon. Tá an maoiniú nua á úsáid chomh maith chun seirbhísí sláinte intinne pobail speisialta a fheabhsú do dhaoine níos sine le tinneas intinne, iad le míchumas intleachtúil agus meabharghalar, na seirbhísí sláinte intinne fóirínseacha, agus le rochtain ar chomhairleoireacht agus sícíteiripe i dtionscnaimh cúram príomhúil agus infheistíocht i bhféinmharú a chosc. Faomhadh níos mó ná 1,150 post nua ó 2012.</p> <p>Éascaíonn siad an polasaí de ghníomhú as cúram institiúid-bhunaithe traidisiúnta chuig seirbhís sláinte intinne fulangaí-láraithe, solúbtha agus pobal-bhunaithe ina bhfuil iontrálacha ospidéal laghdaithe go mór, ach ag soláthar cúram othar cónaitheach nuair is cuí. Ag deireadh Nollaig 2014, thosaigh 86% go neasach de chomhphostanna amach comhcheangailte thar 2012-13 amach le hobair. Tá an maoiniú breise soláthartha ó 2012 ag cumasú don FSS foireann a earcú atá níos oiriúnaí d'fhorbairt seirbhís sláinte intinne pobal-bhunaithe agus sholáthair sé d'athrú riachtanach i meascán foirne, go háirithe Gairmithe Sláinte Comhaontaithe, thar Fhoirne Sláinte Intinne Pobail, de réir Fis d'Athrú.</p>
<p>Ag obair i bpairtnéireacht, leanfaidh an Roinn Sláinte ar aghaidh le hobair trasnaitheach chun bia shláintiúil agus rochtain ar bhia shláintiúil agus gníomhaíocht choirp i measc aostaigh. Le fócas áirithe ar aostaigh mhurtallacha agus leanaí a bhfuil cónaí orthu i limistéir de mhíbhuntáiste.</p>	<p><b>Treoirlínte Bhia Sláintiúil Athbhreithnithe;</b> feidhmíodh tionscnamh Calraí ar Bhiachláir i mbialanna mearbhia; Forbraíodh tuarascáil aicsein ar Bhia Barrsheilf agus reáchtáladh cruinnuithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara cuí ag cuimsiú Ranna Rialtais eile; leanadh ar aghaidh le Scéim Food Dude agus Bia Sláinte do Chách a thacú.</p> <p>I bpairtnéireacht leis an Roinn Iompair, Turaóireachta agus Spóirt, thosaigh obair ar Phlean Gníomhaíocht Choirp Náisiúnta a fhorbairt le tuilleadh rannpháirtíocht i agus aitheantas níos mó ar thábhacht, gníomhaíocht choirp do gach duine a spreagadh.</p>
<p>Beidh cion an daonáirimh de 16-64 bliain d'aois le litearthacht srianta laghdaithe chuig idir 10%-15% roimh 2016, ón leibhéal de 25% faighte in 1997 (litearthacht srianta á shainmhíniú mar Leibhéal 1 ar an scála Suirbhé Idirnáisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (IALS), nó coibhéis). Tá Éire ag glacadh páirte sa Chlár do Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosaigh (PIAAC). Tá an suirbhé allamuigh á dhéanamh faoi láthair ag an bPríomh-oifig Staidrimh agus táthar ag siúl le torthaí i mí Dheireadh Fómhair 2013.</p>	<p>Cothaíodh infheistíocht sa tseirbhís litearthacht d'aosaigh ag €30m in 2013 agus 2014 le huimhir bhliantúil de 54,682 rannpháirtí in 2013. Fuair 3,000 fostaí breise teagasc bunoidreachais tríd an chlár Scileanna d'Obair. Foilsíodh Athbhreithniú den chlár Litearthacht Aosaigh in 2013.</p> <p>Rinne an tAthbhreithniú seo roinnt moltaí a cuireadh san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirlínte oibríochtúla um litearthacht aosaigh agus ag SOLAS agus iad ag cumadh an Straitéis Breisoideachas agus Oiliúna 2014-2019. Ghlac Éire páirt sa Chlár do Mheasúnú Idirnáisiúnta d'Inniúlachtaí Aosaigh (PIAAC). Chríochnaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an staidéar allamuigh i Márta 2012 agus d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhoibriú Eacnamaíoch agus Forbairt (OECD) i mí Dheireadh Fómhair 2013.</p> <p>Bhí feidhmíocht na hÉireann measctha. Bhí meánscór rannpháirtithe Éireannacha beagnach faoi mheán an tsuirbhé i litearthacht áit ar rangaimid 17 as 24 ar an iomlán agus 15 as 24 ag leibhéal 1 nó níos lú. Scóráil rannpháirtithe Éireannacha faoi mheán an tsuirbhé in uimhirtheacht 19 as 24 tír ar an iomlán agus 18 as 24 dóibh siúd ag leibhéal a haon nó níos lú, ach i réiteach fadhbanna, d'fheidhmigh Éire ag meán an tsuirbhé ó thaobh a chion de rannpháirtithe ag scóráil ag na leibhéil níos ísle de ach bhí sé faoi mheán an tsuirbhéag na leibhéil níos airde.</p> <p>Tá dul chun cinn á dhéanamh ar litearthacht aosaigh le laghdú de ceithre pointe faoin gcéad i gcion aosaigh Éireannacha atá ag scóráil ag nó faoi leibhéal a haon nuair a dhéantar comparáid leis an tsuirbhé idirnáisiúnta um Litearthacht Aosaigh (IAL).</p>
<p>Tá tionscadal litearthacht teaghlaigh á chur i bhfeidhm chomh maith faoin bplean aicsein DEIS.</p>	<p>Tá maoiniú do litearthacht teaghlaigh á chothabháil. Fuair na 16 Bord Oideachas agus Oiliúna áitiúla maoiniú de €272,000 do thionscadail litearthachta teaghlaigh in 2013/14. Cuireadh maoiniú de €280,000 ar fáil do thionscadail litearthachta teaghlaigh in 2014//15.</p>



<p>Beidh iomlán de €1 billiún infheistithe san earnáil iar-ardteistiméireachta thar an tréimhse 2007-2013 le rannpháirtithe a sholáthar le gairmscileanna sonraithe chun a ionchais d'fhostaíocht a aimsiú agus gluaiseacht chuig tacú le staidéir eile.</p>	<p>Bhí an caiteachas bliantúil ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta (PLC) do 2013 agus 2014 thart ar €320m. Cothaíodh an líon iomlán d'áiteanna PLC ar fáil ar bhonn náisiúnta ag 32,688.</p>
<p>I gcomhairle leis an Roinn Oideachais &amp; Scileanna, socróidh an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas spriocanna agus cuspóirí agus forbróidh sí sonraí bonnlíne do rannpháirtíocht mhac léinn le míchumas, mic léinn lánfhásta agus iad ó chúlraí faoi mhíbhuntaiste socheacnamaíoch, ag cuimsiú Daoine den Lucht Siúil agus mionlaigh eile thar an tréimhse 2007-2013. Soláthrófar cúnamh deontais do mhic léinn tríd an gCiste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, an Ciste Pháirtnéireacht na Mílaoise, agus na hacmhainní airgeadais d'institiúidí ardoideachais.</p>	<p><b>(i) Obair ar phlean nua</b> Tá an plean rochtana náisiúnta reatha críochnaithe. Tá athbhreithniú iomlán de spriocanna sa phlean deireanach ar fáil i ndoiciméad comhairliúcháin foilsithe i mí Lúnasa seo caite ag an Údarás um Ard-Oideachais (HEA) (<a href="http://www.heai.ie">www.heai.ie</a>). Go hachomair, as na 13 sprioc sa phlean sin, níor baineadh amach ocht gcinn. Chríochnaigh próiseas comhairliúcháin ar phlean nua le déanaí agus tá sé seo á chríochnú. Cuimseoidh an chéad phlean eile cuspóirí agus spriocanna chun iarrachtaí a ath-dhíriú ar rannpháirtíocht ag na grúpaí sin nar bhain na léibhéil sin réamh-mheasta roimh 2013 a mhéadú. Mic léinn lán-fhásta agus iad ó ghrúpaí socheacnamaíocha sprice. Beidh straitéisí chun oideachas páirt-aimseartha, conairí ó bhreiseoideachas agus nascanna le pobail atá faoi mhíchumas rí-thábhábhachtach chun na cuspóirí seo a bhaint amach.</p> <p><b>(ii) Feidhmíocht an Chóras Ard-Oideachais - Rochtain</b> In 2013-14, mar chuid d'fheidhmiú na straitéise náisiúnta um ard-oideachas, tá idirphlé leanúnach ag an HEA le gach institiúid ard-oideachais ar a gcuid pleananna straitéiseacha agus próifíleanna staitistiúla. In 2014 chomhaontaigh gach institiúid comhshocrú leis an HEA, a chuimsigh cuspóirí agus spriocanna do rochtain. IN 2014 d'fhoilsigh an HEA an chéad tuarascáil ar feidhmíocht iomlán an chórais ard-oideachais.</p> <p><b>(iii) Ag forbairt bunchistiú agus acmhainní airgeadais do rochtain.</b> Leithdháileadh €29 milliúin i mbunchistiú do 26 institiúid in 2013 mar chuid dá ndeontas atréimhseach. Tá an cistiú seo feidhmíocht-bhunaithe mar tá sé ríofa bunaithe ar líon na n-iontrálacha atá ina mhic léinn lánfhásta, iad ó ghrúpaí socheacnamaíocha sprice agus mic léinn ata faoi mhí-chumas a théann isteach i ngach institiúid cistithe. Tarraingítear uimhreacha na mac léinn as rochtain cothroim agus sonraí eile fillte gach bhliain ag gach institiúid don chóras taifid mhac léinn HEA. Is é cuspóir an chistithe seo ná aitheantas a thabhairt ar an gcostas breise ar gach institiúid straitéisí rochtana a thacaíonn grúpaí sprice a chur i bhfeidhm agus baic ar rochtain agus rannpháirtíocht á shárú. Cuimsíonn na straitéisí seo cláir rochtana a sholáthar do scoileanna agus pobail; scéimeanna iontrála ar nós Bealach Isteach Ard-oideachais (HEAR) agus Bealach Isteach faoi Mhíchumas ar Oideachas (DARE) agus infrastruchtúir fhoirne agus seirbhísí atá de dhíth chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn nuair a théann siad isteach in ard-oideachas. Mar shampla pearsanra atá oile i measúnú a dhéanamh ar riachtanais mhac léinn le míchumais agus na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar. Chomh maith leis sin, tacaíochtaí acadúla agus tréadacha breise a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar aon mhac léinn, ach go háirithe iad a sháraigh míbhuntaiste oideachasúil roimhe sin.</p> <p><b>(iv) Forbairt eile ar an gcóras taifid mhac léinn HEA</b> Leanann caighdeán agus cuimsiúchán sonraí bailithe ag an gcóras taifid mhac léinn HEA ar aghaigh a bheith feabhsaithe gach bliain. Mar aon le réimsí forbartha ar a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil roimhe, tá córais á fhorbairt chomh maith chun cross-tagairt a dhéanamh ar shonraí bailithe ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) ar mhic léinn atá ag fáil an deontas ard-oideachais agus sonraí HEA. Is é aidhm na hoibre seo ná an bunús fianaise ar mhic léinn ó theaghligh ar ioncam níos lú a éilíonn tacaíocht ó dheontas chun páirt a ghlacadh in ard-oideachas, go háirithe iad atá ar an ráta deontais speisialta a neartú. Tá an anailís ar na próifíleanna mhac léinn agus foirne i ngach institiúid HEA-maoinithe á athscagadh go leanúnach chun tacú le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta agus an próiseis straitéiseach idirphlé nua.</p>

<p>Tá beagnach €4.9 billiún á dháileadh ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar an tréimhse 2007-2013 chun oiliúnt agus tacaíochtaí dírithe a sholáthar do ghrúpaí lasmuigh den mhargadh fostaíochta ar nós daoine dífhostaithe, daoine le míchumais, tuismitheoirí aonarach, daoine den Lucht Siúil agus príosúnaithe.</p> <p>Tacóidh an maoiniú seo le rannpháirtíocht méadaithe mná, oibreoirí níos sine, oibreoirí páirt-aimseartha agus imircigh chomh maith. I Márta 2010, shocraigh an Rialtas go gcaithfear leis na gnéithe oiliúna d'oiríochtaí FÁS a bhí faoi shainchúram an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta teacht faoin Roinn Oideachas agus Scileanna.</p>	<p>Thuiriscigh an Roinn Oideachas agus Scileanna nach bhfuil acmhainní ar fáil faoi láthair i SOLAS chun na staitisticí amuigh iarrtha don ionchur Tuarascáil cuimsithe NAP mar níl na sonraí atá iarrtha ar fáil go héasca agus éilíonn sé cuardach, aisghabháil agus ullmhú láimhe. Rachfaidh SOLAS i gcomhairle arís, mar chuid dá chlár oibre do 2015, le Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) maidir le cóimheas staitisticí ar fud na tíre níos déanaí i mbliana.</p>
<p>I. Infheisteoidh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta €2.9 billiún idir 2007-2013 chun oiliúnt do dhaoine i bhfostaíocht a fheabhsú, chun cabhrú leo siúd a d'fhéadfadh a bheith teagmhaithe ag athchóiriú tionscail breisoiliúnt a dhéanamh, chun an córas printísigh a fheabhsú agus a mhéadú agus deiseanna dul chun cinn a sholáthar do lucht fágála scoile.</p>	<p><b>Safepass:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Le linn 2013 agus 2014, lean FÁS/SOLAS ar aghaidh le bainistíocht a dhéanamh ar an Scéim Deimhniúcháin um Scileanna Tógála (CSCS), agus Scéim Deimhniúcháin um Scileanna Cairéalachta (QSCS) agus an Scéim Safe Pass. IN 2013, fuair 66,666 duine oiliúint Safe Pass, rinne 8,928 duine oiliúint CSCS agus fuair 254 duine oiliúint i QSCS. In 2014, fuair 92,598 duine oiliúint Safe Pass, rinne 7,871 duine oiliúint CSCS agus fuair 208 duine oiliúint i QSCS.</li> </ul> <p><b>Clár Printísigh:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ghlac 1126 printísigh iomarcacha páirt ar an Scéim Socrúcháin do Phrintísigh Iomarcacha in 2013. Chríochnaigh an scéim seo in 2013.</li> <li>• Rinne 281 printísigh an Córas Cinnte Inniúlachta do phrintísigh iomarcacha in 2013. Rinne 100 printíseach CDM in 2014 go neasach.</li> <li>• Faoin Chlár AE Foghlamtha ar feadh an tSaoil Leonardo Da Vinci, thacaigh Léargas i gcónasc le FÁS le 10 printíseach iomarcach oiliúint ar-an-bpost thar lear in 2013. Chríochnaigh an clár seo in 2013.</li> <li>• B' é líon na ndaoine ag dul isteach i bprintíseacht in 2013 ná 1929. In 2014 chonaiceamar borradh i líon na gclárúcháin printíseach go 2698 a bhí ina mhéadú de 40% ar an mbliain roimhe sin.</li> </ul>

	<p><b>Athbhreithniú Printísigh:</b>          Faoin Phlean Aicín do Phostanna, tá an Roinn Oideachas agus Scileanna tiomanta d'Áthbhreithniú a dhéanamh ar Chóras Printísigh na hÉireann. Foilsíodh Plean Feidhmithe Printíseach in 2014. Bunaíodh Comhairle Printísigh nua in 2014 agus b'é an chéad phost oibre na Comhairle ná glaoch ar thairiscintí ó thionscal do Phrintíseachtaí nua a eisiúint. Eisíodh an glaoch seo in Eanáir 2015. Shíniú Caighdeán agus Cáilíochtaí na hÉireann (QQI) i gcónasc le SOLAS) a réimse tuairisceoirí cineál-duaise proifeisiúnta chuig leibhéal 5 agus 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus ghlac siad le caighdeáin do 5 duais ceardaíochta athbhreithnithe.</p> <p><b>SOLAS:</b>          Chuaigh an eamail bhreitheachas agus oiliúna in Éirinn faoi athrú suntasach le déanaí. Bunaíodh SOLAS, an t-údarás breitheachas agus oiliúna nua, ar 27 Deireadh Fómhair 2013 agus tá sé freagrach as maoiniú, pleanáil agus comhordú clár oiliúna agus breitheachais soláthartha ag Boird Oideachais agus Oiliúna le cinntiú go soláthraítear clár bhreitheachais agus oiliúna 21ú céad d'ardchaighdeán do chuardaitheoirí poist agus foghlaimoirí eile. Cinnteoidh SOLAS go gcuireann maoiniú torthaí agus comhleanúnachas, comhordúchán agus maoirseacht níos fearr don eamail breitheachais agus oiliúna san áireamh.</p> <p>Malgamaíodh na 33 Iar-Choistí Gairmoideachais (VECanna), a bhí ina bpríomhsholáthróirí de bhreitheachas in Éirinn, i 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) ar 1ú Iúil 2013. Aistríodh na hiar lárionaid oiliúna FÁS, a gclár pobal-bhunaithe bainteacha agus foireann bhainteach ar bhonn céimnithe don Bhord Oideachas agus Oiliúna (ETB) cuí. Ar 1ú Eanáir 2014, d'aistrigh seacht lárionad oiliúna chuig ETBanna leis na lárionaid oiliúna a bhí fágtha ag aistriú chuig a gcuid ETBanna ar 1 Iúil 2014. Is freagracht na ETBanna áitiúla anois é soláthar breitheachas agus oiliúna, a sholáthraíonn clár bhreitheachais agus oiliúna go díreach agus trí sheirbhísí conartha.</p> <p>Seoladh straitéis náisiúnta cúig-bliana do bhreitheachas agus oiliúnt ag SOLAS i mBealtaine 2014 i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara tábhachtacha. Aithníonn an Straitéis Breitheachais agus Oiliúna cúig sprioc staitéiseach ard-leibhéal;</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Scileanna don Gheilleagar: chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus todhchaí foghlaimoirí, cuardaitheoirí poist, fostóirí agus fostaithe agus chun cuir le forbairt eacnamaíochta náisiúnta</li> <li>2. Cuimsiú Gníomhach: chun tacú le cuimsiú gníomhach de dhaoine de gach chumas sa tsochaí le tagairt speisialta do litearthacht agus uimhirtheacht</li> <li>3. Soláthar Caighdeán: chun clár bhreitheachais agus oiliúna d'ardchaighdeán a sholáthar agus chun cloí leis na caighdeáin cháilíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta</li> <li>4. Pleanáil agus Maoiniú Comhtháite: beidh soláthar FET pleanáilte agus maoinithe ar bhonn anailís oibiachtúil ar riachtanais agus finalise de thionchar sóisialta agus eacnamaíoch</li> <li>5. Seasamh FET: le conair foghlamtha luachmhar as a dtagann fostaíocht, gairm, roghanna forbartha, pearsanta agus sóisialta comhaontaithe.</li> </ol> <p>Tá tús curtha leis an céim feidhmithe den Straitéis FET. Bunaíodh coiste comhairliúcháin feidhmiú na straitéise ar a dhéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna cathaoirleacht. D'ullmhaigh SOLAS plean feidhmithe sonraithe don Straitéis i gcónasc le páirtithe leasmhara. Cuimsíonn an Plean Feidhmithe aicín atá de dhíth, amlínte do sheachadadh, táscairí feidhmíochta agus aithníonn sé na príomheagraíochta(i) atá freagrach as gach aicsean.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuimsíonn an plean feidhmithe aicín sonraithe thar, mar shampla, forbairt agus rolladh amach struchtúir sonraí comhordaithe don eamail FET. Córas Tacaíochta Chlár agus Foghlaimora (PLSS), a bhfuil trí ghné aige, is iad sin: bunachar sonraí cúrsa FET; bunachar sonraí foghlaimora; agus, féilire cúrsa. Tá tús curtha leis an bhforbairt seo agus beidh an próiseas seo leanúnach le linn 2015 agus ina dhiadh sin.</li> <li>• D'fhoilsigh SOLAS a Phlean Seirbhísí Oiliúna in 2014 agus ar bhonn bhliantúil, leanfaidh sé ar aghaidh Pleananna Seirbhísí Oiliúna a chomhaontú leis na ETBanna ag leagaint amach spriocanna agus torthaí chomh maith le leibhéal chaiteachais bunaithe ar riachtanais scileanna áitiúla, réigiúnacha foghlaimoirí agus fostóirí.</li> <li>• Tá feidhmiú "Rátháocht don Óige" mar ghné tosaíochta i bhforbairt an phlean Seirbhísí Breitheachais agus Oiliúna 2014. Tá trian amháin go neasach den 6,500 áit an gclár oiliúna Momentum 2014 nua, mar shampla, in áirithe do faoi 25anna- deonachán tábhachtach don tionscnamh Rátháocht don Óige.</li> </ul>
--	--

<p>Beidh Straitéis Scileanna Náisiúnta (NSS) i bhfeidhm chun na leibhéil scileanna iad siúd atá ag obair a ardú, bunaithe ar an nGrúpa Saineolaithe Forfás ar Future Skills Needs Study.</p>	<p>Thuiriscigh an Roinn Oideachas agus Scileanna go léiríonn sonraí ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlach (GHNS) cé nach bhfuil na spriocanna gnóthachtála oideachasúla don fhórsa fostaíochta do 2020 bainte amach ag Éire go fóill, lean sí ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i leith na spriocanna seo.</p> <p>I gceathrú 4 2013, bhí an chuid de céimithe tríú leibhéil (NFQ 6-10) 45.3%, atá dhá phointe faoin gcéad níos mó ná mar a bhí ann i gceathrú 4 2012 agus gar don sprioc NSS de 48% do 2010. B'é an chuid de dhaoine le ar a laghad cáilíochtaí meanscoile níos ísle (.i. ar a mhéad NFQ 3) ná 15.6%, atá 1.2 pointe faoin gcéad níos lú ná bliain roimhe sin, ach a fhanann níos mó ná an sprioc NSS de 7%.</p> <p>Bhí an chuid den fhórsa fostaíochta le cáilíochtaí ard-mheanscoile/FET (NFQ 4-5) ná 39.1% agus déanann sé seo comparáid le 39.9% i gceathrú 4 2012 agus don sprioc NSS de 45% do 2020. Léiríonn na hathruithe seo i ndáileadh oideachasúil feabhsuithe eile i ngnóthachtáil oideachasúil den fhórsa fostaíochta.</p> <p>Faoin Phlean Aicsein do Phostanna 2015 tá an Roinn Oideachais agus Scileanna tiomanta do Straitéis Scileanna Náisiúnta nua a fhorbairt.</p>
<p>Tá leasú de na scéimeanna cuardaitheora poist agus íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora faoi bhreithniú maidir le hidirghníomhaíocht idir na scéimeanna agus socruithe dóibh siúd a bhaineann leas as meascán d'ioncaim leasa agus oibre.</p>	<p>Scrúdaigh an Grúpa Comhairliúcháin ar Cháin agus Leas Sóisialta a bhunaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) an saincheist de idirghníomhú na córais cánach agus leas sóisialta chun fáil amach conas is féidir leis an gcóras leas sóisialta a spriocanna de dhaoine a thacú trí thréimhsí de dhífhostaíocht neamhdheonach ar an slí is fearr, agus obair á dhreasú agus spleáchas leasa a dhídhreasú. Tá tuarascáil deiridh an Ghrúpa leis an dTánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí dá breithniú.</p>
<p>Leanfaidh an tástáil acmhainne caighdeánach do Fhorchíos (agus íocaíochtaí leasa tánaisteacha eile) faoin scéim Liúntas ForLeasa (SWA) ar aghaidh a bheith athbhreithnithe le dreasachtaí airgeadais feabhsaithe a sholáthar chun fostaíocht páirt-aimseartha, oiliúint, oideachas nó roghanna forbartha eile, agus ag laghdú nuair is féidir, tionchar tacaíochtaí leasa sóisialta a aisghabháil. Beidh an bhéim iomlán ar sholáthar réiteach títhíochta fad-téarmach.</p>	<p>Rinneadh obair shuntasach in 2013/2014 chun cuspóir polasaithe straitéiseach DSP de fhorchíos a fhilleadh chuig a chuspóir bunúsach a bheith mar íocaíocht tacaíochta ioncaim gearrthéarma trí fhorbairt an Íocaíocht Cúnaimh Títhíochta (HAP). Tá DSP ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) chun na gnéithe reachtúla, teicniúla agus oibríochtúla den scéim a chur chun cinn. Achtaíodh Acht na dTíthe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 ar 28 Iúil 2014 agus tá HAP á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe. Tháinig tosuithe HAP Tonn 1 i bhfeidhm ó 15ú Meán Fómhair i gComhairle Cathair agus Condae Luimnigh, Comhairle Cathair agus Condae Phort Láirge agus Comhairle Condae Corcaigh agus ó 1ú Deireadh Fómhair i gComhairle Chondae Lú, Comhairle Chondae Chill Cheannaigh, Comhairle Chondae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Chondae Mhuineacháin.</p> <p>Ag deireadh 2014, bhí beagnach 500 cás aistrithe chuig HAP. Tá sprioc ann 8,400 cás HAP a bhaint amach in 2015 mar a leagtar amach sa "Straitéis Tithíocht Shóisialta 2020: Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú". Cuireadh tús le scéim HAP easpa dídine píolótach ar 18 Nollaig 2014. Rairfaidh Comhairle Cathrach BHaile Átha Cliath ar an scéim píolótach thar cheann na n-údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath agus díreoidh í ar theaghlaigh gan dídine go sonrach.</p>
<p>Thosaigh an Tionscadal Gníomhaíocht um Míchumas (DAP) in Éanair 2008 i ndiaidh maoinithe a fháil faoin gCiste Sóisialta Éorpach (ESF) "Clár Oibríochtaí Infheistíocht Chaipiteal Daonna 2007-2013."</p>	<p>Tá an Tionscadal Gníomhaíocht um Míchumas maoinithe faoin Chlár Oibríochtaí Infheistíocht Chaipiteal Daonna 2007-2013 (HCIOP) ag costas de níos mó ná €7 milliúin. Is é cuspóir ard-leibhéil an tionscadail ná straitéis chuimsitheach a fhorbairt agus a thástáil a bheidh ábalta a ráta fostaíochta a mhéadú. Tá 14 tionscadal á mhaoiniú faoin chlár seo sa réigiúin Teorann, Lártíre &amp; Iarthair. Tá an tionscadal dlite a bheith críochnaithe in Aibreán 2015. Roimh dheireadh 2014 ghlac 1,838 duine páirt sa tionscadal nó 67% den líon iomlán sprice (2,751). As an méid sin chuaigh 974 duine i bhfostaíocht nó oideachas.</p>

<p>Ceadaíonn an Scéim Sóisialta Tuaithe (RSS) d'fheirmeoirí agus d'iascairí ar bheagioncam forioncam a thuilleamh ach, ag an am céanna, a thairbhíonn pobail tuaithe trí chonláistí agus áiseanna áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú. Soláthrófar caiteachas de €214 milliúin idir 2007 agus 2013 chun 2,600 teaghlach a thairbhiú. Tá sé mar aidhm ag an scéim go mbeidh rannpháirtithe ar fad éascaithe lena roghanna maidir le suíomh agus cineál oibre thar an mheántréimhse.</p>	<p>Soláthair na Meastacháin Athbheithnithe do 2013, 2014 agus 2015 €45 milliúin don Scéim Sóisialta Tuaithe do gach cheann de na blianta seo.</p>
<p>Cuir i bhfeidhm aicsin leagtha amach sa Straitéis Conairí go hObair agus an Plean Forfheidhmiú Rátháíocht don Aos Óig nuair a bhaineann siad le cuimsiú gníomhach.</p>	<p>Leagann an Straitéis Conairí go hObair amach leasú cuimsitheach ar chur chuige an Stáit chun cabhrú le cuardaitheoirí poist difhostaithe filleadh ar ais ar obair. Cuireadh tús leis in 2012 agus tá sé deartha chun an Plean Aicsin do Phoist a chomhlánú mar chuid de chur chuige dhá-bheangán le dul i ngleic leis an ngéarchéim poist a tháinig chun cinn sna blianta deireanacha de na deich mbliana atá thart. Tá an Plean Aicsin do Phoist dírithe ar fhás fostaíochta a spreagadh; Conairí go hObair ar chinntiú go bhfuil an chuid is mó de na poist seo, agus folúntais eile a thagann chun cinn sa gheilleagar, líonta ag daoine atá ina gcuardaitheoirí poist difhostaithe.</p> <p>Ó bunaíodh é in 2012, tugadh seirbhísí fostaíochta agus teidliochta le chéile i lárionaid ilfhreastail Intreo; tugadh isteach scéimeanna nua agus tacaíochtaí fostaíochta, agus fairsingíodh roinnt scéimeanna atá ann cheana; agus tharla claochlú ar sheirbhísí cuairditheora poist trí Intreo. Cuireadh i bhfeidhm 'conradh sóisialta' de chearta agus freagrachtaí idir cuairditheoirí poist agus an Stát. Athagraíodh an earnáil Bhreisoideachas agus Oilíúna (FET) go suntasach agus glacadh le straitéis FET cúig bliana nua. Bunaíodh Comhairle Margadh Fostaíochta, cuimsithe de cheannairí tionsclaíochta agus speisialtóirí margadh fostaíochta le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Straitéis Conairí go hObair. Tá próifiliú i bhfeidhm anois do chuairditheoirí poist ar fad. Lean leasuithe Pathways ar glacadh leo níos luaithe ar aghaidh éifeacht níos fearr a bheith acu in 2014.</p> <p>Chuimsigh sé seo agallaimh treoracha duine le duine tosaigh a mhéadú le cuairditheoirí poist (le líon na n-agallamh, ag 169,000, suas 8% ar 2013) agus ag cur 57,000 áit FET ar fáil do dhaoine atá difhostaithe go fad téarmach. Seoladh an Plean Forfheidhmiú Rátháíocht don Aos Óig (YGIP), faoi Chonairí go hObair, chomh maith in Eanáir 2014, agus tugadh isteach beartanna YGIP go céimnitheach le linn 2014. Feabhsóidh bearta polasaithe eile glacadh leo ó lár-2014, agus fógraíthe sa doiciméid nuashonraithe Conairí go hObair, leasuithe atá faoi shiúl cheana go háirithe do dhaoine dí-fhostaithe fad-téarmacha agus daoine óga difhostaithe. Fanann leanúint ar aghaidh le leasú ar an mórchóir de FET mar mhórghné den chlár Conairí go hObair, ag dul i bhfeidhm ar gach catagóir de chuairditheoirí poist.</p> <p>Tá próifiliú rollta amach anois, leis na sonraí a chruthaíonn na tréithe próifíle bailithe ó chomhcheangal eolais soláthartha ag an gcliant don Roinn (ar UP1 – foirm iarratais éilimh) agus ó cheistneoir próifíle. Ag baint úsáide ag an réimse gnéithe seo, ríomhtar scór nó luach ar a dtugtar PEX (Dóthúlacht Imeachta) ag úsáid eolas iomlán ón dá fhoinsé sonraí. Ceadaíonn úsáid an mhúnla don Roinn dul i ngleic le custaiméirí difhostaithe ar shlí níos dírithe, ag díriú ar iad siúd a éilíonn an méid is mó tacaíochtaí fostaíochta chomh luath agus is féidir.</p>

<p>Thairg an páipéar díospóireachta Rialtais, “Tairiscintí chun Tacú le Tuismitheoirí Aonair,” tairiscintí:</p> <p>(i) Dirithe ar thacaíochtaí ioncaim do thuismitheoirí aonaracha agus teaghlai ghéar ioncaim eile a athchóiriú agus iad a thacú isteach in oideachas, oiliúint agus fostaíocht.</p> <p>(ii) Chun dul i ngleic le constaicí roimh fostaíocht do thuismitheoirí aonaireacha agus teaghlai ghéar ioncaim eile. Chomh maith le sin cuimsíodh tairiscintí do shíneadh an Phlean Aicsein Fostaíochta Náisiúnta le diríú ar thuismitheoirí aonaracha, soláthar dirithe de chúram leanaí agus tabhairt isteach íocaíocht chúnamh leasa nua do theaghlai ghéar ioncaim le leanaí óga. Rachaidh na tairiscintí i ngleic le tacaíochtaí ar nós rochtain ar chúram leanaí, clár oiliúna agus oideachais solúbtha, agus deiseanna dearfacha do chustaiméirí.</p>	<p>Leagann an Roinn Coimirce Sóisialaigh amach na forbairtí suntasacha do 2013 agus 2014 mar seo a leanas:</p> <p>(i) Tabhairt isteach an comhaontú idir thréimhseach Liúntas Cuairdaitheora Poist (JA) chun freagrachtaí cúraim sonraithe tuismitheoirí aonaracha le leanaí óga a chur san áireamh. Freastalaíonn sé seo ar fhaighteoirí íocaíocht Teaghlai Ghéar Ioncaim Aontuismitheora (OFF) a chaileann a theidíocht don íocaíocht OFF, a bhfuil an páiste is óige acu níos óige ná 14 bliain, agus atá i dteideal an íocaíocht JA. Tá na custaiméirí seo díomhaithe ó choinníollacha an JA a éilíonn dóibh a bheith ar fáil do, agus ag lorg go macánta, obair lán-aimseartha, agus, ó dhifhostaíocht a chruithú chomh maith. Ceadaíonn sé seo do na tuismitheoirí seo freastal ar a bhfreagrachtaí cúraim agus obair pháirt-aimseartha, agus tacaíocht ioncaim a fháil fós. Tá rochtain ag na custaiméirí seo ar réimse tacaíochtaí gníomhaíochta oibre na Roinne via cruinníú duine ar dhuine le oifigeach cáis áit a dtairgfear plean forbartha pearsanta chun cúnaimh a thabhairt don chustaiméir dul i bhfostaíocht. Nuair a shroiceann an páiste is óige 14 bliain, má tá tacaíocht ioncaim fós de dhíth ar an gcustaiméir, bogfaidh sé/sí chuig an choinníoll JA iomlán.</p> <p>Mar aon leis sin d’eisigh an Roinn glaoch taighde, via an Chomhairle um Thairgde in Éirinn, chun staidéar de dhea-chleachtas idirnáisiúnta a dhéanamh i réimse gníomhaíochta do thuismitheoirí aonaracha ag chuimsiú suirbhé d’eagraíochtaí rialtais agus neamh-rialtas a oibríonn le tuismitheoirí aonaracha le tuairiscíú ar na bearta gníomhaíochta a chabhróidh leis an gcóhórt seo. Tá an taighde seo dlíthe a bheith críochnaithe i mBealtaine 2015.</p> <p>(ii) Cuireadh an scéim Chúraim Leanaí Iarscoile (ASCC) a fógraíodh i mBuiséad 2013 i bhfeidhm le maoiniú de €14m in 2013 a bhí leithroinnta ó choigiltas sa Roinn Coimirce Sóisialaí. In 2014 bhí an maoiniú seo ath-leithroinnta le €2 m leithroinnta do ASCC, €7.5m leithroinnta don Chlár Cúraim CE agus €4.5m leithroinnta do thionscnaimh feabhsaithe caighdeán laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA). Athbhreithníodh an scéim ASCC agus rinneadh leasuithe air go rialta ag an Roinn ó tugadh isteach é in 2013, bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara ar fad leis an eisúint deireanach ar 14 Iúil 2014. Chuimsigh an eisúint seo an scéim a shíneadh chuig custaiméirí breise, ag laghdú an deonachán tuismitheora go €15 de réir an Clár Cúraim Leanaí CE agus ag tabhairt isteach rogha glactha gan aon costas breise don tuismitheoir. Laghdaíodh an leithroinnt maoinithe don scéim ASCC, ar ordú an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), ag an DCYA ó €2.2 milliúin go €1.3 milliúin in 2015, agus mar thoradh bhí laghdú i líon na n-áiteanna atá ar fáil faoin scéim ó uasmhéid de 800 áit go huasmhéid de 500 áit. Tá an DCYA freagrach as soláthar seirbhísí cúraim sláinte. Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí comhairlithe go bhfuil an DCYA ag tairiscint bhunú grúpa beag ag leibhéal sinsear chun anailís eacnamaíoch agus costas tairbhe ar pholasaithe agus roghanna todhchaí do sholáthar, inrochtaineacht agus inacmhainneacht cúraim leanaí ar ardchaighdeán. Beidh an Grúpa ceannasaithe ag an DCYA agus tá sé beartaithe go gcríochnóidh sé a chuid oibre san Earrach 2015. Tacaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaigh an tairiscint an grúpa seo a bhunú agus fáiltíonn sí roimh an deis páirt a ghlacadh mar bhall den ghrúpa.</p>
<p>Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaigh an <b>Clár Gníomhaíochta &amp; Tacaíocht Teaghlai Ghéar Ioncaim</b> (AFSP) chun tacú le forbairt phearsanta, dian-oiliúint, comhairleoireacht agus tacaíochtaí eile dóibh siúd atá immeallaithe is mó. Meastar go mbeidh 420 tionscadal maoinithe in aghaidh na bliana thar saolré an Phlean seo.</p>	<p>Sholáthair na Meastacháin Athbhreithnithe €2.3m don Chlár Gníomhaíochta agus Tacaíocht Teaghlai Ghéar Ioncaim (AFSP), síos ó €3.4m in 2013.</p>
<p>Leanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh ag cur tionscnaimh atá deartha le dul i ngleic le patrúin d’iompar cóiriúil comhcheangailte le heisiámh sóisialta, le béim ar thionscnaimh ceartais aisiríochta chun cinn.</p> <p>Go háirithe, beidh tacaíocht ann leis an <b>gClár Nascachta</b> a shíneadh chun líon na gciontóirí curtha go rathúil i bhfostaíocht, oideachas nó scéimeanna Fostaíochta Pobail. Táthar ag siúl le toradh de mhéadú ó 614 socrúchan in 2005 go 900 socrúchan in aghaidh na bliana roimh 2016 mar gheall ar atreoruithe ag an Seirbhís Phromhaidh don Chlár Nascachta.</p>	<p>In 2013, atreoraíodh 2,086 ciontóir ag an tSeirbhís Phromhaidh chuig 15 Oifigeach Oiliúna agus Oideachais den Chlár Nascachta agus cuireadh 1,097 i bhfostaíocht, oideachas nó scéimeanna Fostaíochta Pobail. In 2014, atreoraíodh 2,101 ag an tSeirbhís Phromhaidh chuig 15 Oifigeach Oiliúna agus Oideachais den Chlár Nascachta agus socráíodh 1,228 i bhfostaíocht, oideachas nó scéimeanna Fostaíochta Pobail.</p> <p>Tá an Clár Nascachta ag leanúint spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach go nuige seo agus tá an tSeirbhís Phromhaidh muiníneach go bhfuil an Clár Nascachta ag dul go maith chun na spriocanna clár pleanáilte a bhaint amach.</p> <p>Lean an Dá Eagraíocht Ceartas Aisiríoch Pobal-Bhunaithe maoinithe ag an tSeirbhís Phromhaidh, Ceartas Aisiríoch sa Phobal agus Seirbhís Ceartas Aisiríoch, ar aghaidh a seirbhísí a shíneadh sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla agus na Cúirteanna Dúiche I dTiobraid Árinn/Uibh Fháil agus Corcaigh.</p>

Daoine Níos Sine	
Aicsean Cuimsiúcháin NAP	Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2013 /2014
<p><b>Sprioc Ardleibhéil 7:</b> Lean ar aghaidh ag méadú infheistíocht i seirbhísí cúraim pobail do dhaoine níos sine, ag cuimsiú pacáiste cúraim baile agus seirbhísí cúraim lae feabhsaithe, chun tacú leo maireachtáil go neamhspleách sa phobal don am is faide agus is féidir.</p>	<p>Tá an FSS ag leanúint uirthí réimse bhearta a chur chun cinn le soláthar cúraim baile a fheabhsú ar an iomlán, seirbhísí a chaighdeánú go náisiúnta agus le caighdeán agus sábháilteacht a spreagadh. In 2014 thosaigh an FSS athbhreithniú iomlán ar sheirbhísí cúraim baile chun seirbhísí a fheabhsú go ginearálta.</p> <p>Eochairshonraí 2013 &amp; 2014:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• €185m le 10.3m Uair Cúntoir Baile a sholáthar do 50,000</li> <li>• €130m le Pacáistí Cúraim Bhaile (HCP) a sholáthar do 10,870 duine</li> <li>• €10m breise chun 190 cliant le hardleibhéil spleáchais a sholáthar le HCPanna dian (tugtha isteach 2014).</li> </ul>
<p><b>Sprioc Ardleibhéil 8:</b> Cothaigh íosráta íocaíochta de €200 in aghaidh na seachtaine, i dtéarmaí 2007, do phinsin leasa sóisialta le linn an Phlean seo agus, más féidir, ag tabhairt aghaidh ar acmhainní atá ar fáil agus tiomantas an Rialtais in I Leith 2016, chun an foráil seo a fheabhsú. Déanfar athbhreithniú ar na struchtúir agus córas pinsin chun tacaíochtaí ioncain a sholáthar do phinsinéirí.</p>	<p>I mbuiséid 2013 agus 2014, ní raibh athruithe ar bith ar na rátaí de bhuníocaíochtaí leas sóisialta seachtainiúla, ag cuimsiú méadaithe d'aosaigh incháilithe nó leanaí incháilithe. Mhéadaigh Buiséad 2015, fógraíthe i mí Dheireadh Fómhair 2014, an Liúntas Maireachtála Aonair ( íoctha do phinsinéirí agus daoine le míchumais ag maireachtáil go haonair) ó €7.70 in aghaidh na seachtaine nó €9 in aghaidh na seachtaine.</p>
<p>Tá an Roinn Sláinte ag breithniú todhchaí Soláthar FSS de Chúram Cónaithe do Dhaoine Níos Sine. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo trácht ar staid saoráidí cónaithe do Dhaoine Níos Sine ó thaobh cloí leis na Caighdeáin agus Rialúcháin Náisiúnta. Déanfaidh sé trácht ar bhrúnna déimeagrafacha agus réim soláthair poiblí agus príobháideach atá ann cheana, chun straitéis iomlán a fhorbairt ar chonas ba cheart leis an gCoiste Feidhmiúcháin leanúint ar aghaidh an tseirbhís seo a sholáthar mar gheall ar bhrúnna buiséideacha agus eile.</p>	<p>I ndiaidh chríochnú athbhreithniú inmharthanachta d'aonaid fad-chónaithe, in 2013 tháinig an FSS plean aicsein chun oibriocht a sheirbhísí sa ghearrthéarma a achoimriú agus léargas a thabhairt ar riachtanais don 10 mbliana atá le teacht. Lean an Roinn Sláinte agus FSS ar aghaidh ag obair ar fhorbairt pholasaithe maidir le soláthar cónaithe poiblí, ag cur aois agus struchtúir de go leor aonaid poiblí san áireamh, chomh maith le brúnna déimeagrafacha reatha agus sa todhchaí.</p>
<p>Forbróidh an Roinn Sláinte, leis an FSS, straitéis iomlán do sholáthar poiblí leanúnach de chúram cónaithe fadchónaithe, ag cur brúnna buiséideach agus déimeagrafacha athraitheach san áireamh.</p>	<p>Cuireadh tús leis an réisim de chlárúchán agus iniúchadh de lárionaid ainmnithe do dhaoine níos sine, tugtha isteach faoin Acht Sláinte 2007 in 2009. Tá lárionaid ainmnithe ar fad do dhaoine níos sine cláraithe faoi láthar suas go 2015. Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar Rialúcháin an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Níos Sine). Tháinig rialúcháin i bhfeidhm ar 1 Iúil 2014. Rinneadh athbhreithniú ar an gClárúchán de Rialúcháin Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Níos Sine in 2014 agus taiscfear é d'fhaomhadh Aire in 2015. Rinneadh athbhreithniú ar Chaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta do shuíomhanna Cúram Cónaithe do Dhaoine Níos Sine HIQA in 2014 agus taisceadh iad d'fhaomhadh Aire.</p>

<p>Forbróidh agus cuirfidh an Roinn Sláinte caighdeán náisiúnta do sheirbhísí tacaíochta baile i bhfeidhm a bheidh faoi réir iniúchadh an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).</p>	<p>Cothaíodh soláthar maoinithe agus seirbhíse ag leibhéil sprice pleanáilte in 2013 &amp; 2014</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• €185m a sholáthair 10.3 uair Cúinteoir Baile de bhreis ar 50,000</li> <li>• a sholáthair Pacáistí Cúram Baile (HCP) do 10,870 duine ag aon cheann</li> <li>• Tugadh isteach €10m breise chun 190 cliant le hardleibhéil spleáchais (ag aon am amháin) a thacú le HCPanna diana in 2014. Táthar ag siúl le suas le 250 duine a bheidh in ann tairbhe a bhaint as an dtionscnamh seo i mbliain iomlán.</li> </ul>
<p>Is é príomhfhócas na Foirne Idirghabhála Pobail (CITanna) ná cosc iontrálacha ospidéal ineachanta agus éascú scaoileadh luath ó ospidéal trí sholáthar cúraim sa phobal.</p> <p>Beidh seirbhísí CIT breise do sheirbhísí pobail príomhshrutha atá ann cheana agus rachaidh siad i ngleic le saincheisteanna ar nós Inniúlacht chúram neamh-leighis mear nó tacaíochtaí a sholáthar do thréimhse idirlinne nuair atá seirbhísí príomhshrutha á shocrú don othar ar bhonn 7 lá sa tseachtain. Baintear é seo amach trí sheirbhísí tiomnaithe a sholáthar le freagairt láithreach a chinntiú d’othair atá aitheanta ag an DG a bheidh ag teastáil tacaíochtaí baile nua nó feabhsaithe; an Nasc idir seirbhísí pobail agus othair atá á scaoileadh ó Aonaid Timpistí agus Éigeandála, a éilíonn tacaíochtaí pobail;</p> <p>Tá sé beartaithe ag an FSS seirbhísí cúraim phríomhúil a fheabhsú trí CITanna a fhorbairt go náisiúnta laistigh de shuíomhanna cúraim phríomhúil roimh dheireadh 2014.</p>	<p>Oibríonn CITanna i bpáirtnéireacht le Foirne Cúraim Príomhúil (PCTanna), Cleachtadh Ginearálta, Leabaí Freagartha Pobail, altranas pobail, seirbhísí tacaíochta baile, ospidéal géara agus soláthróirí proifeisiúnta, deonacha agus seachtracha eile chun seirbhísí feabhsaithe agus cúram othar-láraithe a sheachadadh sa suíomh is cuí. Soláthraíonn an CIT freagairt gasta agus comhtháite d’othar cuí le heachtra tinnis géar a éilíonn seirbhísí CIT do thréimhse sainithe/gearra ama (go hídéalach &lt;72 uair) sa phobal/bhaile. Tá 8 CITanna feidhmiúla, Le linn 2014; atreoraíodh thar 14,000 duine dár seirbhísí CIT.</p>
<p>Spreagfar agus tacófar le daoine níos sine rochtain a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus socrófar spriocanna cuí i gcmhthéacs tairiscintí ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.</p>	<p>Taobh amuigh de Youthreach d’fhágóirí-scoile luath agus an Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (VTOS) do dhaoine d’aois oibre, níl aon uasteorann aoise do rochtain ar chlár Bhreisoideachas agus Oideachas Aosaigh.</p> <p>In 2013, bhí 23% de rannpháirtithe litearthacht aosaigh agus 16% de rannpháirtithe Thionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go neasach thar 55 bliain d’aois. Glacann daoine níos sine páirt i ranganna maoinithe faoin chlár Oideachas Pobail. Maoiníonn an clár seo ranganna i ríomhaire (réamhléiritheach don chuid is mó), teanga agus cúrsaí de chineál caitimh aimsire éagsúla trí sholáthar uaireanta teagaisc don mhórchuid.</p>
<p>Beidh leibhéal an Liúntas Aosaigh Cáilithe do chéilí pinsinéara méadaithe chuig leibhéal an Phinsean Stáit (neamh-ranníocach) roimh 2009.</p>	<p>Ní raibh aon athruithe ar na rátaí d’íocaíochtaí seachtainiúla do phinsinéirí in 2013 go 2015 (ag cuimsiú íocaíochtaí tugtha d’aoisigh incháilithe). Rátaí cothabháilte.</p>
<p>Cuireann údarás áitiúla a bPleananna Aicín Títhíochta i bhfeidhm de réir chlár títhíochta comhaontaithe ag cuimsiú trí chloí le riachtanais ghrúpaí leochaileacha sonraithe.</p>	<p>Leanann údarás áitiúla ar aghaidh a gcuid Pleananna Aicín Títhíochta a chur i bhfeidhm de réir chlár títhíochta comhaontaithe, ag cuimsiú trí chloí le riachtanais ghrúpaí leochaileacha sonraithe. Tuairiscítear dul chun cinn ar fhorfheidhmiú go bliantúil trí chruinnithe Phlean Aicín Títhíochta idir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus údarás áitiúla.</p>



<p>Leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail &amp; Rialtais Áitiúil ar aghaidh acmhainní atá ar fáil a chur in ord tosaíochta don sraith Dheontais do Dhaoine Níos Sine agus Daoine le Míchumas chun iad a chumasú leanúint ar aghaidh le maireachtáil neamhspleách agus fanacht ina dtithe agus pobail féin don tréimhse is faide agus is féidir.</p>	<p>In 2013, soláthraíodh maoiniú iomlán de €47 milliúin faoin sraith Scéimeanna Deontais Oiriúnú Títhíochta agus íocadh 7,011 deontas. In 2014, soláthraíodh maoiniú iomlán de €48 milliúin agus íocadh 7,547 deontas.</p>
<p>Spreagann an Scéim Phráinne Seanóra tacaíocht phobail do dhaoine níos sine leochaileacha trí chúnadh deontais a sholáthar i leith ceannacht agus súiteáil aláraim monatóiríthe pearsanta chun daoine níos sine d'acmhainní srianta a chumasú, maireachtáil go slándáil ina dtithe féin.</p> <p>Tá an Scéim riartha ag grúpaí pobail áitiúla agus deonacha le tacaíocht an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.</p>	<p>D'aistrigh an Scéim Phráinne Seanóra ó Thobar an Choire go Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2013 i ndiaidh cinnidh an Roinn Comhshaoil, Pobail &amp; Rialtais Áitiúil chun lárionaid ghnó a chomhdhlúthú i suíomh geografach amháin chomh fada agus is féidir. Thug an Roinn faoi cur chuige nua a mhachnamh don Scéim in 2014 agus ag eascair ón mhéid seo, socraíodh go ndéanadh Pobal bainistíocht ar an scéim. Aistroidh an Scéim go Pobal lár-2015.</p> <p>Bhí an maoiniú leithroinnte in 2013 €2.35 milliúin, soláthartha go 575 grúpa agus ag tairbhiú 10,597 tairbhí. Cothaíodh an leibhéal maoinithe seo in 2014 ag maoiniú 538 grúpa agus ag tairbhiú 7,120 tairbhí.</p>

Daoine le Míchumais																
Aicsean Cuimsiúcháin NAP	Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2013 /2014															
<p><b>Sprioc Ardleibhéal 9:</b> Fostaíocht daoine le míchumais a mhéadú nach bhfuil deacracht acu post a choinneáil. Is é an cuspóir láithreach ná 7,000 breise den gcóhort sin a bheith i bhfostaíocht roimh 2010. Is é an cuspóir fad téarmach ná ráta fostaíochta dhaoine le míchumais a mhéadú ó 37% go 45% roimh 2016, mar atá tomhaiste ag an Suirbhé Teaghlaigh Náisiúnta Ráithiúil (QNHS). Méadófar an rannpháirtíocht iomlán in oideachas, oiliúint agus fostaíocht go 50% roimh 2016. Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna seo i bhfianaise taithí agus infhaighteacht sonraí níos fearr.</p>	<p>Léirigh anailís ón mhodúl cothromais QHNS (2010) go raibh ráta rannpháirtíochta mhargadh fostaíochta de 36 faoin gcéad ag daoine le míchumais. Rinne sé seo comparáid le ráta de 77 faoin gcéad dóibh siúd gan mhíchumais.</p> <p>Léirigh an daonáireamh 2011 go raibh 33% de dhaoine le míchumais d'aois oibre in obair, i gcomparáid le 66% de dhaoine gan mhíchumais. San iomlán, bhí 112,000 duine le míchumais i bhfostaíocht.</p> <p>Ó 2013 bhí an tÚdarás Míchumais Náisiúnta chun tosaigh ar fhorbairt Straitéis Fostaíochta Cuimsitheach do Dhaoine le Míchumais. Tá an Straitéis ina cur chuige tras-rialtais a thógann aicsein le chéile ag Ranna difriúla agus áisíneachtaí stáit in iarracht comhpháirteach dul i ngleic le baic agus dúshlán a théann i bhfeidhm ar fhostaíocht dhaoine le míchumais. Tugadh faoi obair shuntasach ar an Straitéis a fhorbairt in 2014 le doiciméad straitéiseach dréachta agus pléite ag páirtithe leasmhara. Bhí tiomantas do Straitéis Fostaíochta Cuimsitheach a fhoilsiú ina aicsean faoin bPlean Aicsein do Phostanna 2014.</p> <p>Soláthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) réimse leathan tacaíochtaí ioncaim agus seirbhísí margaidh fostaíochta do dhaoine le míchumais, a éascaíonn a rannpháirtíocht méadaithe sa lucht oibre. Cuimsíonn siad an Scéim Fóirdheontais Pá, clár fostaíochta tacaíthe (EmployAbility) agus an Ciste Cóiríochta Réasúnta. Bainistíonn an Roinn an Tionscadal Gníomhaíochta um Míchumais chomh maith, comh-mhainithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF). Is é aidhm an tionscadail ná cumas agus poitéinsiúl daoine ar íocaíochtaí leasa míchumais/breuiteachta a mhéadú chun páirt a ghlacadh sa mhargadh fostaíochta, bunaithe ar chur chuige bainistíocht cháis. Cuireadh tús leis an tionscadal go déanach in 2012 agus tá sé dlíte a bheith críochnaithe in Aibreán 2015. Is féidir le daoine ar réimse d'íocaíochtaí tacaíochta ioncaim míchumais agus breuiteachta páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Pobail, a sholáthraíonn deis do rannpháirtithe páirt a ghlacadh in obair pháirt-aimseartha laistigh dá bpobail ar bhonn sealadach, téarma sheasta.</p> <p>Líon na nDaoine le míchumais ar na Scéimeanna/Cláir Tacaíochta Fostaíochta DSP ag deireadh na bliana</p> <table border="1" data-bbox="891 933 1758 1013"> <thead> <tr> <th>Bliain</th> <th>Scéim Fóirdheontais Pá</th> <th>Fostaíocht Tacaíthe</th> <th>DACT</th> <th>Fostaíocht Pobail</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>2014</td> <td>1,548</td> <td>2,936</td> <td>797</td> <td>2,352</td> </tr> <tr> <td>2013</td> <td>1,159</td> <td>2,872</td> <td>1,178</td> <td>1,817</td> </tr> </tbody> </table>	Bliain	Scéim Fóirdheontais Pá	Fostaíocht Tacaíthe	DACT	Fostaíocht Pobail	2014	1,548	2,936	797	2,352	2013	1,159	2,872	1,178	1,817
Bliain	Scéim Fóirdheontais Pá	Fostaíocht Tacaíthe	DACT	Fostaíocht Pobail												
2014	1,548	2,936	797	2,352												
2013	1,159	2,872	1,178	1,817												

<p>Cur chuige Rialtais iomláin atá sa <b>Straitéis Náisiúnta Míchumais</b> i leith cuimsiú sóisialta daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn. Leagtar amach i bPlean um Chur i bhFeidhm 2013-2015 bearta praiticiúla faoina dtabharfar chun an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn i gcaitheamh na tréimhse seo.</p>	<p><b>Thug an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</b> (DCYA) le fios go leanann gach struchtúr a bhunaigh an DYCA le comhairliúchán a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga bheith oscailte do gach leanbh, leanaí atá faoi mhíchumas san áireamh. Forbraíodh treoir le cabhrú le rannpháirtíocht daoine óga arb annamh a gcloistear a nglór a chinntiú in imeachtaí Chomhairle na nÓg (CNN), lena n-áirítear comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí a oibríonn le agus ar mhaithe le daoine óga arb annamh a gcloistear a nglór, a chinntíonn go ndéantar ionadaíocht do na heagraíochtaí seo ar Ghrúpaí Stiúrtha Áitiúla CNN, agus tabhairt faoi chláir um acmhainn an phobail a fhorbairt. Tugtar gealltanais in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga (2014-2020) chun glór a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga i gcinní a imríonn tionchar ar a saol agus aithníodh go bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas i measc na leanaí siúd arb annamh a gcloistear a nglór is deacra a aimsiú agus a chloisteáil. Tá sraith uirlisí á críochnú faoi láthair ag an DCYA chun cabhrú le heagraíochtaí i gcomhairliúcháin le leanaí atá deacair a aimsiú, a fhoilseofar go déanach in 2014. Anuas air sin, tugtar gealltanais shonracha sa Straitéis Náisiúnta um Leanaí agus Rannpháirtíocht Daoine Óga i gCinnteoireacht, atá le teacht, chun comhairliúchán a dhéanamh le leanaí atá faoi mhíchumas maidir le measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus folláine a sholáthraítear dóibh.</p> <p>Soláthraítear soiléire agus treoir do dhaoine agus d’eagraíochtaí chun freagairt go cuí do mhí-úsáid agus d’fhaillí leanaí agus iad a shainaitheint i dTreoir Náisiúnta leasaithe maidir le Cosaint agus Leas Leanaí um Thús Áite do Leanaí, a foilsíodh in 2011. Anuas air sin, leagtar amach an méid ar cheart d’eagraíochtaí a dhéanamh a thugann cúram do leanaí nó a oibríonn le leanaí, lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte fad atá siad i gcúram na heagraíochta. Dirítear i gCaibidil 8 ar Leanaí atá an-Leochaileach agus soláthraítear treoir bhreise ar leanaí a d’fhéadfadh bheith an-leochaileach agus a bhféadfadh gur baineadh mí-úsáid astu nó go ndearnadh faillí ina leith nó atá i mbaol mí-úsáide nó faillí.</p> <p>Áirítear leo seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leanaí atá i suíomhanna cónaithe</li> <li>• Leanaí atá i gcúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 (cúram altrama; cúram gaoil; cúram cónaithe)</li> <li>• Leanaí atá gan dídean</li> <li>• Leanaí atá faoi mhíchumas</li> <li>• Leanaí atá dealaithe a bhfuil tearmann á lorg acu</li> <li>• Leanaí a bhfuil gáinneáil á déanamh orthu.</li> </ul> <p>Tugtar soiléiriú sa treoir ar ról Tús, an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus na Cigireachta Seirbhísí Sóisialta (SSI) nuair a dhéileáiltear leis na leanaí siúd. Ghabh foilseachán, ag FSS, le foilsiú na Treorach, de Lámhleabhar um Chosaint Leanaí agus Cleachtas Leasa. Áirítear leis seo, chomh maith, treoir shonrach ar leanaí atá faoi mhíchumas.</p> <p>Foilsíodh an Bille um Thús Áite do Leanaí, 2014, a chuirfidh gnéithe de Thús Áite do Leanaí, Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2011) ar bhonn reachtúil, in Aibreán. Chríochnaigh sé an dara céim sa Dáil, agus sceidealófar céim an Choiste go luath amach anseo. Ceanglóidh an Bille ar dhaoine áirithe a bhfuil de shainchúram acu faoin mBille, chun buarthaí um leas agus um chosaint leanaí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Anuas air sin, beidh ar dhaoine a bhfuil de shainchúram acu tuairisciú a dhéanamh don Ghníomhaireacht i dtaobh aon nochta de dhíobháil a dhéanann leanbh leis an duine a bhfuil an sainchúram sin orthu. Is dóchúil go mbeidh tionchar dearfach ag daoine a thuairiscíonn díobháil a dhéanamh do leanaí, a bhfuil dóthain scileanna acu, de bhua na hoiliúna a cuireadh orthu, a gcáilíochtaí agus a dtaithe gairmiúla, chun díobháil a aithint, ar phróiseas an mheasúnaithe ar riosca ag an nGníomhaireacht. Foráiltear sa Bhille, chomh maith, go mbeidh ar eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht i leith riosca do leanaí a gcuirtear a seirbhísí ar fáil dóibh agus a léiríonn feachtas agus dea-chleachtas i Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheidh ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne.</p> <p>I gcomhthráth leis an bpróiseas reachtúil seo, chuir an Roinn tús le cleachtas chun Tús Áite do Leanaí: Treoir reatha Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2011) a leasú agus a nuashonrú. Déantar seo lena chinntiú go léiríonn an Treoir, a leanfaidh mar an mbonn do gach saoránach chun buarthaí a thuairisciú, na dualgais nua reachtaíochta agus go soláthraítear, in aon áit amháin, acmhainn iomlán tagartha do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí. Soláthróidh seo soiléireacht agus cinnteoidh sé comhsheasmhacht idir an reachtaíocht a bheartaítear agus na dualgais reatha neamhreachtúla a leanfaidh bheith ag oibriú ar</p>
--	---

bhonn riaracháin do gach cuid den tsochaí. Is ionann a bheidh reachtaíocht Tús Áite do Leanaí, a luaithe a achtófar agus a thosófar í, agus breisiú tábhachtach agus riachtanach leis an gcóras um leas agus cosaint leanaí.

Tá láithreán gréasáin nua á fhorbairt ag **an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta** faoi láthair, lena n-áireofar, faoi mar a dtugtar gealltanais dó faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, (a) I gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), soláthrófar naisc lena chur ar chumas fostóirí faisnéis a scaipeadh ar fhostaithe a choimeád a fhaigheann míchumas (b) Faoi réir go soláthrófar na naisc chúí ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí cuí agus i gcomhar leis an RCS agus an Roinn Sláinte, béim a leagan ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun fostaíocht daoine atá faoi mhíchumas a éascú sa mhargadh saothair oscailte.

Thug **an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt** le fios go bhfuil feabhsúcháin inrochtaineachta ar sheirbhísí iompair phoiblí á gcur chun cinn i gcomhthéacs Rochtana ar Iompar do Chách, an Plean Eanála Iompair faoin Acht um Míchumas, 2005. Tá an Plean ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, [www.dttas.ie](http://www.dttas.ie), agus tá sé bunaithe ar an bprionsabal go bhfeabhsófar rochtain do gach duine trí fheabhsúcháin inrochtaineachta a chur ar an gcóras iompair phoiblí do dhaoine atá faoi mhíchumas. Foilsíodh Rochtain Iompair do Chách den chéad uair in 2006 agus foilsíodh athbhreithniú in 2008. Críochnaíodh athbhreithniú breise in 2012 agus foilsíodh é in 2013 i ndiaidh fhaomhadh Thithe an Oireachtais a fháil.

Thug **an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha** le fios go ndearna Grúpa um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIG) Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIP) 2013-2015 a réiteach agus a chomhaontú mar chuid de ghealltanais i gClár an Rialtais, chun an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn. Déanann an NDSIG monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean. Is éard atá i bPlean um Chur i bhFeidhm an DCENR ná gníomhartha a chuimsítear ina bPlean Eanála. Déantar monatóireacht ar an NDSIP chun solúbthacht a ligean chun gníomhartha breise a chur san áireamh a d'fhéadfadh teacht chun solais maidir le saincheisteanna reatha atá cuimsithe ag an bPlean atá foilsithe. Déantar monatóireacht ar an NDSIP, chomh maith, i dtaobh torthaí trí shraith táscairí atá forbartha ag an NDA. Thug an NDA faoi athbhreithniú meántéarmach ar an bPlean in 2014.

I rith 2013, chríochnaigh **an Roinn Sláinte** gnéithe sláinte Phlean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIP) i gcomhar leis an nGrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais (DSG) maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais. Rinne Grúpa um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIG) an plean a réiteach agus a chomhaontú agus chuir siad faoi bhráid an Rialtais é an 23 Iúil 2013 faoi cheannas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. In 2013 agus 2014, ghlac an Roinn Sláinte páirt i gcuinnithe tras-Roinne i dtaca le fostaíocht, tithíocht agus bodhaire/teanga chomharthaíochta agus i gcuinnithe iomlánacha an NDSIG araon. I rith 2014, rinneadh an Roinn Sláinte a chomhdhéanamh athuair agus chas siad lena nGrúpa Comhairleach Míchumais maidir le cur i bhfeidhm an NDSIP. Déantar monatóireacht ar an NDSIP agus i rith 2014, seoladh tuairisc ar dhul chun cinn ar na gníomhartha faoin NDSIP chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Thug **an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais** le fios gur foilsíodh Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais in Iúil 2013. Is iad Spriocanna Ardleibhéil an Phlean ná go mbíonn daoine atá faoi mhíchumas saor ó idirdhealú; go dtacaítear leo chun an saol a mhaireachtáil a roghnaíonn siad; gnáthshaol a mhaireachtáil i ngnátháiteanna; páirt a ghlacadh i saol an phobail; agus go gcumasaítear iad chun a lánchumas a bhaint amach. Tá cuspóirí agus gníomhartha sonracha ag gach Sprioc trína mbainfear amach iad. Cuimsítear sa Phlean, amhail a faomhadh é, meicníochtaí tréana maoirsithe lena chinntiú go soláthraítear na bearta seo. Déanann Grúpa um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais athbhreithniú ar Dhul chun Cinn an Phlean trí chruinnithe téamacha a dhéileáilann le saincheisteanna sonracha. Freastalaíonn gach comhlacht ábhartha ar na cruinnithe seo le hionchur agus athbhreithniú trasearnála a chinntiú. Pléitear gach gníomh sa Phlean a bhaineann leis an tsaincheist a roghnaítear agus déantar an dul chun cinn a dhéantar a léarscáil i leith na ngealltanais sa Phlean. Tionóladh trí chruinniú théamacha go dtí seo agus bhí siad dírithe ar théamaí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Tithíocht agus Fostaíocht. Tá comhairliúcháin ar bun ar an iar-mheasúnú ar Phlean reatha um Chur i bhFeidhm an NDS, a éagfaidh ag deireadh 2015, agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith comhairliúcháin le daoine atá faoi mhíchumas lena chinntiú go ndéanann siad fíor-rannpháirtíocht chun monatóireacht a dhéanamh ar an straitéis reatha agus chun téamaí, cuspóirí agus gníomhartha a fhorbairt don chéad bheart eile. Tá Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas, a bhfuil spriocanna réalaíochta inbhainte amach acu chomh maith á forbairt faoi láthair.

	<p>Bhí <b>an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta</b> gníomhach maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirfidh cuimsiú sóisialta níos fearr chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas. Go háirithe, cuimsítear feabhsúcháin do na daoine siúd atá faoi mhíchumas i saoráidí do chuairteoirí, raonta agus gach comharthaíocht nua i bPáirceanna Náisiúnta, sa chás gur féidir, agus tá an Roinn ag oibriú le hOifig na nOibreanna Poiblí chun a mhacasamhail de thionscnaimh a éascú ag séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit. Déanann tionscnaimh chun feabhas a chur ar chomharthaíocht agus painéil faisnéise inár n-institiúidí cultúrtha seo a mhacasamhlú. Ina theannta sin uile, tá an earnáil chultúrtha ag oibriú, chomh maith, chun deiseanna d’ealaíontóirí agus do lucht féachana atá faoi mhíchumas a mhéadú agus táthar ag lorg chun rochtain fheabhsaithe a chur chun cinn ag gach ionad.</p> <p>Leanann <b>an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil</b> le Plean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais a chur i bhfeidhm. Tacaíonn sé leis an Líonra Oifigigh Rochtana trí chistiú a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Glacann sé ról lárnach i gcur i bhfeidhm na Straitéise Míchumais agus soláthraíonn sé réimse comhairle agus tacaíochta d’údarás áitiúla ina leith sin.</p> <p>Thug <b>an Roinn Oideachais agus Scileanna</b> le fios go bhfuil na hearnálacha oideachais agus sláinte ag glacadh le cur chuige comhtháite chun spriocdhírú ar acmhainní a sholáthar sna limistéir is mó ina dteastaíonn siad. Leanann Foireann Trasearnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sa dá earnáil, ina bhfuil ionadaithe den mhéid a leanas: an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Sláinte, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Chas an Fhoireann Trasearnála an 21 Samhain 2014 agus tá siad le casadh arís an 11 Feabhra 2015.</p>
<p>Cuirfear tús leis an Acht um Míchumas do na leanaí siúd idir aois 5 agus 18 mbliana i gcomhthráth le cur i bhfeidhm an Acha um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004. Thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) cuntas ar na bearta atá le glacadh chun cur i bhfeidhm a éascú ar bhonn céimnithe a fhad le 2010.</p> <p>Cuirfear saincheisteanna i dtaca le míchumas chun cinn i gcomhthéacs an mhéid a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Forbairt an phróisis mheasúnaithe ar riachtanais atá le bunú faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, (atá le tosú faoi lár 2007);</li> <li>• Na deiseanna le haghaidh réasúnú agus forbairt íocaíochtaí i ndiaidh go n-aistrítear scéimeanna cothabhála ioncaim a bhaineann le míchumas ó FSS go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá foráil d’aistriú na scéimeanna seo le déanamh sa Bhille Leasa Shóisialaigh, 2008;</li> <li>• An Suirbhé ar Míchumas, a fhoilseofar in 2007;</li> <li>• Déanfaidh an Grúpa Idir-Roinne ar Chostais Míchumais maoiniú ar na forbairtí seo.</li> </ul>	<p>Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le fios, i bhfianaise an cháis an-deacair gheilleagraigh agus na gcostas mór atá i gceist, gur cuireadh cur i bhfeidhm <b>an Acha um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN)</b> ar athlú. Tá sé ar intinn go leor de na dea-smaointe a chuimsítear in Acht EPSEN a chur i bhfeidhm, ar bhonn neamhrechtúil i dtosach, trí fhorbairtí beartais i measc réimse limistéar, i gcomhar le comhairle bheartais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE). Cé go moltar i dTuarascáil an NCSE ar Thacú le Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna, a foilsíodh i mBealtaine 2013, go gcuirfear Acht EPSEN i bhfeidhm go hiomlán a luaithe is féidir, luaitear sa tuarascáil, chomh maith, go n-aithníonn an NCSE nach dóchúil go mbeidh an Rialtas in ann an moladh seo a chur i bhfeidhm idir an gearrthéarma agus an fadtéarma mar gheall ar an timpeallacht reatha gheilleagraich. Ar feitheamh chur i bhfeidhm iomlán Acht EPSEN, rinne an NCSE líon moltaí atá dírithe ar rogha níos éifeachtaí a fhorbairt ar an tsamhail reatha leithdháilte acmhainní.</p> <p>D’fhoilsigh an NCSE a dTuarascáil ar Shamhail Bheartaithe Nua chun Múinteoirí a Leithdháileadh do Dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais an 18 Meitheamh 2014. Moltar sa tuarascáil gur cheart breis acmhainní a leithdháileadh ar leanaí ar aon dul lena leibhéal riachtanais, seachas i dtaobh catagóir mhíchumais agus gur cheart samhail nua leithdháilte a fhorbairt, bunaithe ar phróifíl oideachais scoile, agus leithdháileadh bonnlíne á sholáthar i gcomhthráth do gach scoil phríomhshrutha chun tacú le cuimsiú. Críochnaíodh an bailiú sonraí a theastaigh chun tacú leis an tsamhail nua leithdháilte, sonraí maidir le comhthéacs sóisialta scoileanna agus sonraí caighdeánaithe tástála agus próiseas comhairliúcháin le comhpháirtithe oideachais, páirtithe leasmhara, agus grúpaí ionadaíocha tuismitheoirí maidir le samhail nua a fhorbairt.</p> <p>Agus aird ar na sonraí a bailíodh ó scoileanna go dtí seo, tá anailís á déanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an NCSE anois ar conas a dhéanfadh an tsamhail mholta leithdháilte do scoileanna, agus conas a dhéanfaidís breithniú, ar cibé acu arbh fhéidir nó nárbh fhéidir an tsamhail nua leithdháilte múinteoireachta a bheartaítear a chur i bhfeidhm, agus más féidir, ó cén dáta a bhféadfaí í a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an measúnú seo breithniú, chomh maith, ar thionchar samhail nua leithdháilte ar scoileanna agus ar leanaí. Leanann an Fhoireann Trasroinne ag casadh ar a chéile chun dul i ngleic le saincheisteanna comhábhar buartha do leanaí atá faoi mhíchumas.</p>

<p>Saináithnítear sa Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2008-2013 sé sprioc agus gníomhartha gaolmhara sna príomhlimistéir a leanas; a chuireann an t-údar in iúl atá le Rochtain; a thacaíonn le creat náisiúnta beartas agus tionscnamh a fhorbairt chun rochtain a bhaint amach; breis bealaí rochtana agus dul chun cinn chuig ardoideachas a chruthú; cleachtais mhúinteoireachta agus foghlama; tacaíocht agus acmhainní airgeadais agus an gá shainaithint atá le bailiú sonraí agus le creat measúnaithe níos daingne chun eolas a sholáthar do na spriocanna forbartha agus do tháscairí ar dhul chun cinn.</p>	<p>Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna tuairisciú ar an méid a leanas:</p> <p><b>(i) Faisnéis agus tacaíocht airgeadais do dhaltai atá faoi mhíchumas:</b> Tá an Plean Náisiúnta Rochtana le haghaidh na tréimhse 2008-13 tugtha chun críche. Tugadh próiseas comhairliúcháin ar phlean nua chun críche le déanaí, ar phróiseas é a bhí faoi stiúir pháipéar comhairliúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) a foilsíodh i Lúnasa 2014. Áiríodh leis an bpáipéar seo athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna a leag pleananna 2008-13 amach, lena n-áirítear iad siúd maidir le daltaí atá faoi mhíchumas. I gcaitheamh thréimhse an phlean sin, leagadh sprioc amach chun rannpháirtíocht ag daltaí a mhéadú a bhí faoi mhíchumas céadfach, fisiciúil agus ilmíchumas (mar gheall gurb ionann iad seo agus na grúpaí is mó a ndéantar tearcionadaíocht dóibh). Baineadh amach agus sáraíodh an sprioc 923 dalta faoi 2013, agus b'ionann an toradh deiridh agus 1,302 dalta – ar méadú nach mór 180% é seo ó na leibhéil rannpháirtíochta in 2007. Ar aon dul leis seo, tháinig méadú os cionn dhá uair i gcaitheamh thréimhse an phlean dheireanaigh náisiúnta rochtana ar an líon foriomlán daltaí ar tacaíodh leo tríd an gCiste do Dhaltai atá faoi Mhíchumas (FSD). In 2013-14, leithdháileadh €10.3 milliún tríd an FSD chun tacú le rannpháirtíocht 8,800 dalta i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Leanann <a href="http://www.Studentfinance.ie">www.Studentfinance.ie</a> bheith mar fhoinsé faisnéise agus tacaíocht airgeadais do dhaltai, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas.</p> <p><b>(ii) Daltai atá faoi mhíchumas: dul ar aghaidh ón dara leibhéal go dtí an breisoideachas agus an t-ardoideachas:</b> Leanann An Bealach Rochtana Míchumais (DARE) bheith mar chuid de phróiseas na Lár-Oifige Iontrála (CAO). Tá de chuspóir an bhealaigh seo deiseanna a chur chun cinn go leanfaidh daltaí sa dara leibhéal ar aghaidh chuig ardoideachas. Tá measúnacht ar chuspóirí, tionchar agus cur chuige oibríochtúil DARE á críochnú faoi láthair. Leanann oifigigh mhíchumais, chomh maith, chun aonach 'ardroghanna' a chomhordú do dhaltai atá faoi mhíchumas sa dara leibhéal a bhfuil rochtain ar ardoideachas á lorg acu. Éascaíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais sa dara leibhéal agus i mbreisoideachas chun leanúint ar aghaidh go dtí an t-ardoideachas.</p> <p>Leanann an HEA agus institiúidí ardoideachais ag tacú le hobair ag an gCumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumas (AHEAD). Comhlíonann AHEAD ról tábhachtach chun faisnéis agus comhairle neamhspleách a sholáthar do dhaltai atá faoi mhíchumas in oideachas dara agus tríú leibhéal, mar aon le hoiliúint a chur ar an bhfoireann in ardoideachas. Anuas air sin, leanann AHEAD le monatóireacht a dhéanamh ar thaighde agus treoir a fhoilsiú ar dhea-chleachtas do dhaltai atá faoi mhíchumas.</p>
<p>Faoi 2010, forbróidh an Roinn Coimirce Sóisialaí straitéis chuimsitheach fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas.</p>	<p>Ó 2013, stiúir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar fhorbairt <b>Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas</b>. Cur chuige trasrialtais atá sa Straitéis a thugann gníomhartha le chéile ag Ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla stáit i gcomhiarracht chun dul i ngleic leis na bacainní agus na dúshláin a imríonn tionchar ar fhostaíocht daoine atá faoi mhíchumas. Tugadh faoi obair shuntasach chun an Straitéis a fhorbairt in 2014 agus dhréachtaigh agus phléigh páirtithe leasmhara cáipéis straitéise. Bhí gealltanús chun an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a fhoilsiú i measc na ngníomhartha a cuimsíodh sa Phlean Gnímh maidir le Poist 2014.</p>
<p>Leagtar amach sa <b>Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016</b> creatlach do sholáthar beartaithe tithíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas trí bheartas príomhshrutha tithíochta. Tá de chuspóir na straitéise chun tacú le daoine atá faoi mhíchumas maireachtáil a neamhspleáiche agus is féidir agus tacaíonn sí le beartas an Rialtais ar dhí-institiúidí daoine atá faoi mhíchumas agus iad a aistriú chuig socrúithe maireachtála níos oiriúnaí atá bunaithe sa phobal.</p>	<p>Tá bainistíocht ghníomhach a déanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta le maoirsiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar chur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine atá faoi Míchumas. Cuimsíonn an chéad tuarascáil ar an gcur i bhfeidhm an tréimhse ó Mheán Fómhair 2012 go dtí Nollaig 2013 agus tugtar cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh chun fíis fhoriomlán na straitéise a bhaint amach agus tá fáil uirthi ar láithreán gréasáin na Roinne. Táthar ar tí an dara tuairisc ar dhul chun cinn a chríochnú.</p>

<p>Príomhchuspóir an bheartais iompair is ea inrochtaineacht an chórais iompair phoiblí a chinntiú trí bhusanna cathrach atá go hiomlán inrochtana agus rochtain fheabhsaithe ar stáisiúin bhusanna agus iarnróid a sholáthar ar aon dul le Plean Earnála na Roinne Iompair faoin Acht um Míchumas, 2005.</p> <p>I measc na mbeart, tá:</p> <p>Cóistí atá inrochtana do dhaoine a bhfuil lagú luaineachta, céadfach agus cognaíoch orthu a chur in ionad cóistí neamh-inrochtana Bhus Éireann agus Oibreora Phríobháidigh faoi 2015;</p> <p>Busanna inrochtana do dhaoine a bhfuil lagú luaineachta, céadfach agus cognaíoch orthu a dhéanamh de gach bus uirbeach faoi 2012</p> <p>Seirbhísí atá inrochtana do dhaoine a bhfuil lagú luaineachta, céadfach agus cognaíoch orthu a dhéanamh de bheagnach gach seirbhís iarnróid idiruirbeach phaisinéirí faoi 2009</p>	<p>Go dtí seo, tháinig méadú suntasach ar na líonta feithiclí inrochtana mar aon le rochtain fheabhsaithe ar go leor den bhonneagar iompair phoiblí. Baineadh amach go leor spriocanna cheana féin agus rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo roinnt eile a fhíorú. Bíodh sin mar atá, tá go leor eile le déanamh go fóill agus tá obair ina leith sin ar bun fiú in ainneoin na ndúshlán suntasach geilleagrach atá romhainn. Cé nach n-áirítear le Rochtain ar Iompar do Chách ceisteanna um inrochtaineacht turasóireachta agus spóirt, téitear i ngleic leo seo i bPlean um Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDSIP) ar aon dul le gníomhartha an Phlean Earnála Iompair. Tá coiste, lena n-áirítear ionadaithe daoine atá faoi mhíchumas, i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha NDSIP na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a sholáthar agus chun moltaí a dhéanamh ina leith sin.</p>
--	--

Pobail	
Gníomh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta	Tuairisc ar Dhul Chun Cinn 2013/2014
<p><b>Sprioc Ardleibhéal 10</b> Dul i ngleic le riachtanais tacaíochta tithíochta iad siúd nach bhfuil in ann soláthar a dhéanamh dá gcóiríocht óna n-acmhainní féin, trí thorthaí níos mó agus níos fearr a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, atá faoi mhíbhuntáiste agus teaghlaigh riachtanais speisialta ina measc. Is éard a bheidh i gceist leis an gcur chuige seo ná ról lena mbaineann tábhacht mhéadaitheach do mheicníochtaí soláthair a chistíonn ioncam, an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos san áireamh.</p> <p>Rachfar i ngleic le riachtanais thart ar 60,000 teaghlach i gcaitheamh na tréimhse idir 2007 agus 2009. Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn ina threo seo i ndiaidh trí bliana de ghníomhaíocht. Cuirfidh acmhainní a léirítear sa NDP ar chumas leibhéal aschuir atá mar an gcéanna a bheag nó a mhór i ndiaidh 2009 a bhaint amach, as a n-eascróidh soláthar a dhéanamh do riachtanais breis agus 140,000 teaghlach i gcaitheamh na tréimhse 2007-2013.</p>	<p>Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le fios gur bhain thart ar 23,500 teaghlach sochar in 2013 trí na meicníochtaí éagsúla soláthair tithíochta sóisialta, feabhsaithe agus tacaíochta, agus bhain thart ar 30,000 teaghlach sochar in 2014. Bhain 30,000 teaghlach tairbhe in 2014. Áirítear leis na hiomláin seo aonaid a feabhsaíodh faoin gclár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh – 13,107 in 2013 agus 20,343 in 2014 – ar chliant reatha údarás tithíochta cuid díobh agus nárbh ionann iad, ar an ábhar sin, agus teaghlaigh nua ar freastalaíodh ar a riachtanais tithíochta.</p>
<p><b>Sprioc Ardleibhéal 11</b> 500 foireann chúraim phríomhúil a fhorbairt faoi 2011 a chuirfidh feabhas ar rochtain ar sheirbhísí sa phobal agus béim ar leith ar fhreastal ar riachtanais sealbhóirí cártaí leighis.</p>	<p>Measadh gur féidir freastal go cuí ar a mhéid le 95% de riachtanais seirbhíse sláinte agus sóisialta daoine laistigh de shuíomh cúraim phríomhúil agus go gcuireann Foirne Cúraim Phríomhúil (PCTanna) go mór le feabhas a chur ar sheirbhísí pobalbhunaithe sláinte sna limistéir seo. Is é príomhchuspóir na Straitéise Cúraim Phríomhúil chun seirbhísí a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh rochtain dhíreach do dhaoine ar fhoirne comhtháite ildisciplíneacha de liachleachtóirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus daoine eile. Shainaitin FSS go bhfuil gá le 485 Foireann Cúraim Phríomhúil a fhorbairt go náisiúnta. Obair atá ar bun atá i bhforbairt na bhfoirne agus tá feabhsúcháin á ndéanamh i dtaobh bhallaíochta na foirne agus soláthar eagraíochtuil le himeacht ama. Ag deireadh Nollaig 2014, b'ionann líon foirne na Croifhoirne agus thart ar 3,000, ina raibh foireann altranais, teiripe agus tacaíochta.</p> <p>Leagtar amach sa Tuarascáil um Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHO) a sheol FSS an 8 Deireadh Fómhair 2014 pleannanna le haghaidh atheagrú cuimsitheach seirbhísí sláinte lasmuigh den chóras géarospidéal. Is é an príomhrud ar a ndírítear ná chun an chomhréir uasta de chúram a sholáthar do dhaoine sna pobail, áit a gcónaíonn siad agus chun seirbhísí comhcheangailte comhtháite a bhaint amach. Tíocfaidh naoi nEagraíocht Cúram Sláinte Pobail, a bheidh mar chuid de FSS, in ionad na 17 Limistéar Seirbhíse Comhtháite reatha. Déanfar na hacmhainní reatha a atheagrú isteach i 90 Líonra Cúraim Phríomhúil, a ndéanann gach ceann díobh freastal ar thart ar 50,000 duine den daonra. Beidh duine freagrach a shainaitnítear i gceannas ar gach líonra freagrach as soláthar an chúraim ag gairmithe, ar nós altraí, teiripeoirí agus oibrítithe sóisialta d'fhonn freastal ar réimse leathan de riachtanais daoine ar bhealach comhcheangailte. Beidh díriú tréan ag na struchtúir nua ar dheanaic a chruthú leis an gcóras géarospidéal d'fhonn go ndéantar conairí cúraim dhaoine a phleanáil i gceart agus go bhfreastalaítear ar a riachtanais sa suíomh ceart. Príomhchumasóir chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar is ea Ionaid Chúraim Phríomhúil (PCC) a fhorbairt chun freastal ar Fhoirne agus LGanna Cúraim Phríomhúil FSS. Go dtí seo, tá 85 PCC á n-oibriú ar fud na tíre. Tá 37 láthair ann faoi láthair ina bhfuil PCCanna á dtógáil nó ina bhfuil céim chun tosaigh pleanála bainte amach acu. Meastar go mbainfear iad seo amach faoi 2017.</p>



<p><b>Spríoc Ardleibhéal 12</b> Straitéis a fhorbairt atá dírithe ar chomhtháthú inimirceach nua inár sochaí a bhaint amach. Mar ghníomh tosaigh, soláthrófar acmhainní chun 550 múinteoir do thacaíocht teanga a sholáthar san earnáil oideachais faoi 2009 agus cuirfear feabhas ar rochtain ar sheirbhísí poiblí eile trí fhaisnéis agus tacaíochtaí a aistriú.</p>	<p>Leantar leis an straitéis a chur i bhfeidhm laistigh de na srianta a leagann an timpeallacht reatha gheilleagrach. Leanann an Roinn Oideachais agus Scileanna le hacmhainní a sholáthar do dhaltai, lena n-áirítear imircigh a bhfuil riachtanas sainaitheanta oideachais acu. Go luath in 2014, mar chuid de shainchúram um chuimsiú sóisialta an Rialtais, bunaíodh coiste idir-rannach chun straitéis nua um imirce Inimirceach a fhorbairt. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an gcoiste seo agus tá baint ghníomhach acu i bhforbairt na straitéise nua. I Meán Fómhair 2014, bunaíodh an Grúpa Oibre ar an bPróiseas Cosanta. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna mar chomhalta den ghrúpa seo agus tá siad tiomanta do thorthaí níos fearr d'imircigh a fhoirmlí. Rinneadh 'Treoir maidir le Córas Oideachais na hÉireann', a fhorbairt agus a uaslódáil chuig láithreán gréasáin na Roinne. Acmhainn luachmhar is ea seo i measc gach tuismitheora. Tá obair ar bun faoi láthair laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le bailiú na sonraí ábhartha. Cuirfidh na sonraí seo eolas ar fáil don roinn nuair a bhíonn beartas á dhreachtú agus le saincheisteanna ar nós acmhainní a chur ar fáil.</p>
<p>Soláthraíonn an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (FSA) cistiú faoin Scéim Deontas d'eagraíochtaí deonacha agus pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta pósta, leanaí agus méala. Is é an cuspóir chun tacú le leanúnachas agus le cobhsaíocht i mbeatha an teaghlaigh.</p>	<p>Mar thoradh ar Túsla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhunú, tá réimse seirbhísí reatha tugtha le chéile do leanaí agus do theaghlaigh chuig gníomhaireacht amháin. Tá an Gníomhaireacht freagrach as na seirbhísí a sholáthair an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach roimhe seo (seirbhísí comhairleoireachta san áireamh), an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais agus as feidhmeanna na seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh chomh maith, ar sholáthair FSS iad roimhe seo. Soláthraíonn teacht le chéile na seirbhísí a soláthraíodh roimhe seo i measc trí eagraíocht ar leith faoi Gníomhaireacht amháin ardán chun seirbhís níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh leochaileacha. Cuirfidh an réimse freagrachtaí faoi shainchúram na Gníomhaireachta le baint amach na físe foriomláine don Gníomhaireacht, atá ag lorg chun comhtháthú níos fearr seirbhísí, dúbláil níos lú seirbhísí agus díriú ar luath-idirghabháil agus rannpháirtíocht an phobail a bhaint amach.</p> <p>Cistíonn Clár Deontais Chomhairleoireachta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach réimse fairsing eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, áit a bhfuil fíor-ghá le agus fíor-éileamh ar na seirbhísí agus áit ar féidir iad a sholáthar ar ísealchostas do chliant.</p>
<p>Oibríonn an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Clár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh. Is é cuspóir Chlár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh chun míbhuntáiste a chomhrac agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú aonad an teaghlaigh. Bunaíodh Túsla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an 1 Eanáir 2014 agus tá siad anois ar an ngníomhaireacht thiomnaithe Stáit atá freagrach as feabhas a chur ar fholláine agus ar thorthaí ar mhaithe le leanaí. Is ionann seo agus an t-athchóiriú is cuimsithí a rinneadh ar chosaint leanaí, luath-idirghabháil agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh faoinar tugadh in Éirinn riamh roimhe seo.</p>	<p>Leagtar amach i <b>bPlean Gnó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach don bhliain 2014</b> líon tosaíochtaí maidir le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, ar nós:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Agus aistriú iar-chláir na Gníomhaireachta Tacaíochta Teaghlaigh isteach sa Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach á léiriú, díreoidh an Gníomhaireacht in 2014 ar na cláir seo a chomhtháthú laistigh den struchtúr nua. Déanfar breithniú ar ailíniú na gníomhaíochta seo mar aon leis na heagraíochtaí eile d'Earnáil an Phobail.</li> <li>• Ag cur le láidreachtaí suntasacha na nIonad Acmhainní Teaghlaigh chun freastal ar shainchúram na Gníomhaireachta le haghaidh luath-idirghabháil pobail agus tacaíocht pobail. Ina leith sin, sonrúfar go smior forbairt tacaíocht teaghlaigh mar straitéis choiscitheach agus luath-idirghabhála agus tabharfar aird ar leith ar thabhairt isteach Chreat Soláthair na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus ailíniú Chlár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh laistigh d'idirghabhálacha an phobail áitiúil.</li> </ul>

<p>Déanfar breis forbartha ar sheirbhísí cúram sláinte, ag tarraingt ón Straitéis Cúraim Phríomhúil, trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí inrochtana comhtháite do dhaoine laistigh dá bpobail féin. Is é an sprioc chun 484 foireann chúraim phríomhúil a sholáthar faoi dheireadh 2013.</p>	<p><b>Foime Cúraim Phríomhúil</b> Tá an Rialtas tiomanta do chur i bhfeidhm na Straitéise Cúraim Phríomhúil. Is é príomhchuspóir na Straitéise chun seirbhísí a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh rochtain dhíreach do dhaoine ar fhoirme comhtháite ildisciplíneacha de liachleachtóirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus daoine eile. Soláthrófar seirbhísí breise, ar nós teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí diaibéiteacha agus cosliachta ar bhonn líonra. Measadh gur féidir freastal go cúí ar a mhéid le 95% de riachtanais seirbhíse sláinte agus sóisialta daoine laistigh de shuíomh cúraim phríomhúil agus go gcuireann Foime Cúraim Phríomhúil (PCTanna) go mór le feabhas a chur ar sheirbhísí pobalbhunaithe sláinte sna limistéir seo.</p> <p>Obair atá ar bun atá i bhforbairt na bhfoirme agus tá feabhsúcháin á ndéanamh i dtaobh bhallaíochta na foime agus soláthar eagraíochtúil le himeacht ama. Shainithin Plean Seirbhíse FSS 2014 go bhfuil gá le 485 PCT faoi dheireadh 2014 chun bheith mar bhunchloch sholáthar na seirbhíse sláinte i gCóras Cúram Sláinte na hÉireann. Faoi dheireadh Nollaig 2013, bhí thart ar 420 foireann ag oibriú, i.e. cruinnithe foime clínicíúla á gcur ar bun ar chásanna cliant aonair agus ina raibh baint ag LGanna agus foireann FSS. Bhí cruinnithe disciplíneacha clínicíúla á dtionól ag thart ar 45 Foireann eile idir Foireann FSS gan baint a bheith ag LGanna iontu. Ó Shin i leith, d’aistarraing líon LGanna ó chruinnithe PCT mar agóid in aghaidh ciarrú faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI), 2009, ach leanann siad le hidirchaidreamh a dhéanamh le foireann FSS maidir le cásanna othair aonair. Ag deireadh na Nollag, b’ionann foireann na Croifhoime agus thart ar 3,000, ina raibh foireann altranais, teiripe agus tacaíochta.</p> <p>Poist na Foime Cúraim Phríomhúil: In 2013, cuireadh cistiú Cúraim Phríomhúil €18.525 milliún, go náisiúnta, ar fáil chun tacú le 264.5 post foireann chúraim phríomhúil thúsliana ar tugadh tús áite dóibh a earcú agus chun feabhas a chur ar chumas na heamála cúraim phríomhúil. Ag deireadh na Nollag 2014, líonadh 247 post nó rinneadh comhaontú ar dhátaí tosaigh. Tá an próiseas earcaíochta ar bun maidir leis na poist atá fanta.</p> <p>Ionaid Chúraim Phríomhúil: Sa chás gur féidir, tá foime cúraim phríomhúil bunaithe i saoráid singil chun rochtain gan stró a sholáthar do thuismitheoirí agus chun feabhas a chur ar obair bhuíne ildisciplíneach. Tá foime ag oibriú go han-éifeachtach sa chás nach bhfuil siad comhlonnaithe. Cé nach bhfuil siad in aon fhoirgneamh amháin, tagann siad le chéile fós féin chun cruinnithe foime clínicíúla a thionól. Bhí 85 Ionad Cúraim Phríomhúil á n-oibriú ag deireadh na Nollag 2014 (bhí 42 díobh seo ar oscailt ó Mhárta 2011). Tá 37 láthair ann faoi láthair ina bhfuil Ionaid Chúraim Phríomhúil (PCC) á dtógáil nó tar éis ardchéim pheanála a bhaint amach faoi thrí mhodh soláthair: 16 – Láthair dhíreach/féintógála (a chistítear trí Phlean Caipitil ilbhliantúil FSS), 14 – Láthair CPP, agus 7 – Léasú Oibríochtúil.</p>
<p>Déanfar breis forbartha ar sheirbhísí LG lasmuigh d’uaireanta d’fhonn go mbeidh na seirbhísí siúd ar fáil don daonra go léir i gcaitheamh thréimhse an Phlean seo.</p>	<p><b>Seirbhísí LG Lasmuigh d’Uaireanta</b> Tugann FSS le fios go bhfuil rochtain ag 90% den daonra ar sheirbhísí LG lasmuigh d’uaireanta in 14 ionad ar fud na tíre, i ngach réigiún de chuid FSS, ar a laghad i gcuid de gach contae agus gur dhéileáil an tseirbhís seo le thart ar 975,000 glao in 2012; 990,000 in 2013 agus 96,000 glao in 2014. Soláthraíonn os cionn 2,000 LG seirbhísí sna comharchumainn. Ba ghnách go leanfadh freastal ar ionad cóireála triáis tosaigh ar an nguthán – tugann FSS le fios gurb ionann seo agus beart maith ionaid chun an t-ospidéal a sheachaint trí fhreastal ar an Rannóg Éigeandála. In 2014, sholáthair FSS cistiú thart ar €38 milliún maidir le táillí LG lasmuigh d’uaireanta (táillí ar chomhairliúcháin de shaghas speisialta agus táillí forlíontacha lasmuigh d’uaireanta). Ní áirítear leis an bhfigiúr costais LG lasmuigh d’uaireanta maidir le hionaid ghlaonna, tiománaithe, seirbhísí triáise altraí, etc.</p> <p><b>Seirbhísí LG Trasteorann Lasmuigh d’Uaireanta</b> Meastar go bhfuil an t-ionad LG lasmuigh d’uaireanta is gaire, i measc 65,000 duine ar fud réigiúin na teorann, sa dlíne eile. Tháinig tionscadal píolótach i bhfeidhm an 10 Eanáir 2007 a cheadaigh d’othair i gcuid d’Inis Eoghain, i gContae Dhún na nGall chun freastal ar sheirbhís LG lasmuigh d’uaireanta i nDoire. Cuireadh tús leis an dara tionscadal píolótach, a cheadaigh do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i nDeisceart Ard Mhacha chun seirbhís a fháil i mBaile na Lorgan, Contae Mhuineacháin an 26 Samhain 2007. Ó cuireadh tús leo, a fhad leis an 31 Nollaig 2014, soláthraíodh seirbhís LG lasmuigh d’uaireanta do 732 othar ó cheantar Inis Eoghain Dhún na nGall i nDoire agus soláthraíodh seirbhís LG lasmuigh d’uaireanta do 2,730 othar ó Dheisceart Ard Mhacha i mBaile na Lorgan i gContae Mhuineacháin. Tá monatóireacht á déanamh ar ghlacadh leis an tseirbhís ar bhonn leanúnach ag na húdaráis ábhartha sláinte sa dá dhlíne.</p>

<p>Soláthraíonn <b>Straitéis Náisiúnta Sláinte Idirchultúrtha 2007-2012</b> FSS, atá á hathbheithniú faoi láthair, creatlach ina bhfuiltear ag dul i ngleic le riachtanais sláinte agus chúraim dhaoine ó chultúir agus ó chúraí fairsinge eitneacha, agus tacaítear leis an bhfoireann chun seirbhísí freagrúla agus inniúla i dtaobh cultúir de a sholáthar.</p> <p>Tá cur i bhfeidhm mholtaí na straitéise ag titim amach ar bhonn céimnithe i gcaitheamh amfhráma 5 bliana.</p>	<p>Díríonn gníomh straitéiseach FSS ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhionannas eitneach agus ar thabhairt isteach ghaolmhar sainaitheantóra eitnigh. Tá bailiú agus cur i bhfeidhm sin na sonraí imdhealaithe in ainm is eolas a sholáthar do pheanáil agus do mhonatóireacht fhianaisebhunaithe agus le comhrochtain comhaltaí de gach grúpa a chinntiú ar sheirbhísí sláinte. Ba mhall do dhul chun cinn sa limistéar seo, ach tá líon tionscadal ar bun faoi láthair maidir leis seo, lena n-áirítear pacáiste oiliúna um monatóireacht ar chomhionannas eitneach a thabhairt isteach go luath amach anseo d'fhoireann FSS. Cé go sainaitheann tosáíochtaí foriomlána, tugann gach Aonad Sláinte an Lucht Siúil (THU) faoi ghníomhaíochtaí bunaithe ar riachtanais a shainaitheann go háitiúil.</p> <p>Imrítear tionchar ar réimse fairsing gníomhaíochtaí ar an mbealach seo, agus déantar an tuairisciú a shaindearadh níos mó i dtreo aschuir a thomhas seachas ionchuir thuairisciúla. Tacaíodh le tionscadail éagsúla nuálacha chomh maith, agus bhí critéir iontógtha thuairiscithe dírithe ar eolas a sholáthar d'oiriúnú, foghlaim agus macasamhlú féideartha leanúnach i measc gach THU. Is ar an mbealach seo a thacaítear leis agus a chistítear na tionscnaimh siúd, ar nós chlár Oideachas Plúchta ('Asthma Education'), Ag Triail ar an bhFolláine ('Travelling to Wellbeing') (cosc a chur ar fhéinmharú) agus tionscadail eile atá dírithe ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí mheabhairshláinte.</p> <p>Baineadh réimse rudaí amach faoi Straitéis Idirchultúrtha Náisiúnta FSS 2007-2012, mar shampla, seoladh clinic maidir le Ciorrú Ball Giniúna Ban (FGM).</p>
<p>Oibríonn <b>Fóram Comhairleach Sláinte Náisiúnta Lucht Siúil FSS (NTHAF)</b> i gcomhpháirt le Coiste Comhairle Sláinte an Lucht Siúil chun iarrachtaí a chur chun cinn maidir le sláinte an Lucht Siúil a fheabhsú. Is éard atá sa choiste seo ná ionadaíocht ag foireann FSS, Aonaid Sláinte an Lucht Siúil agus comhaltaí den Lucht Siúil. Bunaíodh dhá ghrúpa Oibre – Cúram Príomhúil agus Ríochtaí Ainsealacha – faoi raon an NTHAF, ina bhfuil téarmaí comhaontaithe tagartha agus gníomhartha sainaitheanta gaolmhara.</p>	<p>Chuathas i mbun bearta dearfacha i dtreo feabhas a chur ar thorthaí sláinte an Lucht Siúil. Leanann struchtúr foriomlán Fhóram Comhairleach Sláinte Náisiúnta an Lucht Siúil – ina bhfuil foireann seirbhís sláinte, ionadaithe d'Aonad an Lucht Siúil (THU) agus ionadaíocht an Lucht Siúil, le creatlach straitéiseach agus oibríochtúil a sholáthar i dtreo cur chuige comhsheasmach a sholáthar i measc Aonaid Sláinte an Lucht Siúil maidir le dul i ngleic le tosáíochtaí sláinte an Lucht Siúil a shainaitheann i Staidéar Uile-Éireann ar an Lucht Siúil. I gcomhthráth, cuirtear iarrachtaí chun cinn maidir le hobair sláinte cúraim príomhúil a ailíniú laistigh de na THUanna le clár reatha chliniciúla. Sampla amháin den chur chuige seo is ea an obair atá á déanamh i dtaca le diaibéiteas.</p> <p>Tá idirghabháil sprioctha beartaithe sna láithreacha tíreolaíoch seo, áit a bhfuil na Romaigh bunaithe, i.e. Baile Átha Cliath, Port Láirge/Loch Garman agus Luimneach. I measc samplaí de thionscnaimh a cuireadh chun cinn i rith 2013-2014, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionscadal Imeasctha Romaigh Thamlachta a fhairsingiú: D'eascair fairsingiú ar an tseirbhís ó thráthnóna amháin go dtí dhá thráthnóna as éileamh méadaitheach ar an gclinic shoghluaiste LG seo. I rith an tríú ráithe in 2014, d'úsáid 180 duine aonair an tseirbhís agus d'úsáid 56 duine aonair an tseirbhís seo breis agus uair amháin. Leanfaí faoi 12 bhliain d'aois a bhí i gceist le thart ar 37% de na daoine aonair a d'úsáid an tseirbhís.</li> <li>• Déanann daoine aonair a úsáideann bus LG na Romach teagmháil leis na hidirghabhálaithe cultúrtha agus na hoibríthe tacaíochta nuair a thagann siad i láthair chun leas a bhaint as an tseirbhís agus nuair a fhágann siad an tseirbhís. Is é ról na n-oibríthe chun atmaisféar fáilteach agus teolaí a chruthú agus chun cabhrú le daoine aonair, chomh maith, chun tuiscint a fháil ar shaincheistanna a bhaineann leis an tsláinte sa chás go bhféadfadh tuiscintí éagsúla cultúrtha a bheith i gceist. Anuas air sin, féadfaidh na hoibríthe ateangaireacht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse Romacha agus Rómánacha.</li> <li>• Cruthaíodh go bhfuil an tsamhail seirbhíse seo an-rathúil, i dtaobh cháilíocht sholáthar na seirbhíse agus chun Romaigh a atreorú chuig seirbhísí eile araon, ar nós oideachais, clárú breithe agus oifigí leasa shóisialaigh. Tá pleanáil ar bun faoi láthair chun an chlinic a bhogadh ó bhus soghluaiste go dtí seomra clinice i ngar do sheirbhísí géarmhíochaine.</li> <li>• Clinicí eile a bhunú: Tá clinicí ísealtairsí do Romaigh (agus d'úsáideoirí seirbhíse leochaileacha eile) i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath agus Luimneach. Cuireann na clinicí seo rochtain ar fáil ar sheirbhísí LG d'úsáideoirí seirbhísí imeallaithe nach bhfuil in ann seirbhísí príomhshrutha a úsáid go ginearálta.</li> <li>• Tacaíocht le hobair For-Rochtana Romach: Sholáthair FSS cistiú do réimse tionscadal atá dírithe ar thacú le Romaigh chun idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí sláinte, riachtanais ghinearálta sláinte a shainaitheann agus chun tacú le rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí. Anuas air sin, tugadh faoi obair idirghníomhaireachta. Áirítear leis seo obair faoinar tugadh le Túsra chun tús áite a thabhairt do riachtanais phobail, go háirithe maidir le leanaí Romacha.</li> <li>• Ar a bharr sin, tugadh méadracht nua isteach ó 2015 i leith: Líon na ndaoine a fuair múscailt feasachta agus faisnéis ar Dhaibéiteas chineál 2 agus sláinte chardashoithíoch, agus leagadh an sprioc amach chun 20% den daonra a aimsiú i ngach Aonad Sláinte an Lucht Siúil.</li> </ul>

<p>Seoladh an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016 i Meán Fómhair 2009 agus é ina chuspóir foriomlán straitéiseach chun dul i ngleic leis an díobháil a dhéantar do dhaoine agus don tsochaí trí dhruaí a mhí-úsáid trí chomhdhíriú ar chúig cholún: laghdú soláthair, cosc, cóireáil, athshlánú agus taighde. Ar aon dul leis an straitéis, torthaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Athshlánúchán ó Dhruaí a chur i bhfeidhm maidir le pleananna cúraim chun freastal ar riachtanais daoine aonair.</p>	<p>Leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre um Athshlánúchán ó Dhruaí an chreatlach le haghaidh cur chuige iltaobhach i leith athshlánú a sholáthar. Tá an Coiste Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Athshlánúchán ó Dhruaí (NDIRC) ag oibriú chun Creatlach Náisiúnta Athshlánúchán a chur i bhfeidhm agus tá maoirsiú á dhéanamh acu ar shamhail náisiúnta chomhtháite chúraim a thabhairt isteach bunaithe ar chur chuige idirghníomhaireachta i leith athshlánúchán agus comhphleanáil cúraim lena chinntiú go mbíonn rochtain ag úsáideoirí seirbhíse ar an réimse tacaíochtaí a theastaíonn chun cabhrú leo ina n-athshlánúchán. Baineadh triail phiólótach as an tsamhail seo in 10 suíomh ar fud na tíre. I ndiaidh measúnú a dhéanamh in 2014, tá plean um chur i bhfeidhm chun an Chreatlach a thabhairt isteach á chur chun cinn trí sheirbhísí drugaí agus alcóil FSS agus trí na Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil.</p>
<p>Tuairisc ar dhul chun cinn ar <b>an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016</b>, lena n-áirítear caiteachas agus staitisticí a bhaineann le méid na hurghabhála drugaí, líonta na mí-úsáideoirí codlaidineach, rochtain ar chóireáil, malartú snáthaidí agus taighde faoinar tugadh ón tuarascáil deiridh.</p>	<p>Limistéar trasghearrthach de bheartas poiblí agus de sholáthar seirbhíse atá sa <b>Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009-2016</b>. Tá sí bunaithe ar chur chuige comhordaithe ar fud go leor Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i gcomhar leis na hearnálacha Pobail agus Deonacha.</p> <p>Cuirfidh an Roinn Sláinte tús go gairid le hobair chun Straitéis Náisiúnta Drugaí nua a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2016. Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas ná comhairliúchán cuimsitheach le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal ar an mbeartas reatha náisiúnta drugaí agus ar thosaíochtaí amach anseo. Anuas air sin, cuirfear san áireamh taighde, faisnéis agus foinsí sonraí fianaisebhunaithe ar mhéid agus cineál úsáid drugaí atá ina hábhar faidhbe in Éirinn, básanna a bhaineann le drugaí san áireamh. Déanann an tAonad Beartas Drugaí sonraí a bhailiú faoin gcaiteachas a thabhaíonn Ranna agus Gníomhaireachtaí ar an tionscnamh drugaí ar bhonn bliantúil.</p> <p>B'ionann caiteachas trasannach ar chláir dhruaí agus thart ar €240 milliún in 2014. Ina leith seo, caitheadh de bhreis ar €1.5 billiún ar chláir dhruaí ó 2009 i leith. Réitítear tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm 63 gníomh na Straitéise Náisiúnta Drugaí gach bliain. Tá fáil ar thuarascáil 2013 ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte agus tá tuarascáil 2014 á cur le chéile faoi láthair.</p> <p>Thug an Garda Síochána agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí loncaim faoi go leor comhoibriúcháil as ar eascair líon urghabháil thábhachtach. Anuas air sin, rinneadh líon suntasach urghabhála ag eascairt ó chomhoibriú idir an Garda Síochána agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí loncaim agus a gcomhghleacaithe um fhorfheidhmiú dlí idimáisiúnta. Baineann sonraí faoi urghabháil i rith na tréimhse tagartha lena chéile sna táblaí faoi seach ina gcuimsítear sonraí a sholáthair an Garda Síochána agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí loncaim. Le blianta beaga anuas, tá athrú tagtha ar scála fhadhb na ndruaí, mar thoradh ar scaipeadh méadaitheach tíreolaíoch úsáid fhadhbach drugaí, forleithne níos fairsinge úsáid ildruaí agus teacht chun solais substaintí sicighníomhacha.</p> <p>B'éard a bhí i gceist le freagairt FSS ná athdhíriú a seirbhísí andúile i dtreo saincheisteanna ildruaí, agus leas á bhaint as cur chuige samhail 4 shraith mar chreatlach náisiúnta trína soláthraítear seirbhísí. Tá dul chun cinn daingean á dhéanamh agus tá laghdú tagtha ar thréimhsí feithimh ar rochtain ar sheirbhísí go háirithe lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath agus fáil mhéadaitheach ar chláir athshlánúcháin. Tá béim níos mó ar phleananna comhtháite cúraim ag cur leis an obair seo do dhaoine aonair lena dtacaíonn oibriú níos comhordaithe idirghníomhaireachta. Ag deireadh na Nollag 2014, taispeánann na figiúirí náisiúnta gur chuir 97% de mhí-úsáideoirí substaintí os cionn 18 mbliana d'aois tús le cóireáil laistigh de mhí féilire amháin i ndiaidh measúnú a dhéanamh orthu. Ar an iomlán, tá cóireáil drugaí á fáil ag os cionn 12,500 duine. Astu siúd, bhí cóireáil chothabhála meatadóin á cur ar os cionn 9,764 díobh an 31 Nollaig 2014.</p> <p>Choimisiúnaigh <b>an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Dhruaí agus Alcól</b> staidéar bailithe-athbhailithe sonraí chun meastachán a dhéanamh ar fhorleithne úsáideoirí codlaidínigh. Táthar ag súil le meastachán cothrom le dáta a bhaineann leis na blianta 2011, 2012 agus 2013 i dtreo dheireadh 2015. Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí, d'fhorbair FSS seirbhís náisiúnta chóireála agus athshláinthe a sholáthraíonn cur chuige saor ó dhruaí agus laghdaithe díobhála d'úsáideoirí substaintí fadhbacha.</p> <p>Soláthraíonn FSS réimse d'idirghabháil drugaí chun díobháil a bhaineann le drugaí agus a spreagann úsáideoirí substaintí fadhbacha chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na seirbhísí sin agus fáil a bheith acu orthu.</p>

	<p>I measc na seirbhísí seo, tá soláthar malartú snáthaidí, mar aon le roghanna cóireála fianaisebhunaithe, ar nós cóireáil chothabhála meatadóin, comhairleoireacht agus athshlánú pobail agus cónaithe. I mBaile Átha Cliath, soláthraítear seirbhísí um malartú snáthaidí trí chlinicí FSS agus soláthraíthe na hearnála deonai. Fairsingíodh seirbhísí um malartú snáthaidí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath trí chógaslanna agus tá na seirbhísí siúd á soláthar ag 133 cógaslann faoi láthair.</p> <p>Tháinig méadú réidh ar an líon úsáideoirí uathúla seirbhíse i rith na tréimhse tagartha. I ráithe 3 in 2014, b'ann do 4,318 úsáideoir uathúil seirbhíse de sheirbhísí malartaithe snáthaidí. Foilsíodh an Suirbhé Náisiúnta ar Fhorleithne Drugaí 2010/2011 i Samhain 2011, i measc na bpríomhthorthaí, bhí an méid a leanas: (i) bhí an leibhéal d'úsáid drugaí an bhliain seo caite cobhsaí idir 2006/7 agus 2010/11; (ii) bhí cannabis ar an druga neamhdhleathach ba choitianta a úsáideadh, agus d'úsáid 25% den daonra daoine fásta an druga riamh roimhe seo; (iii) úsáideann comhréir níos airde d'fhir ná mná drugaí neamhdhleathacha agus níor tugadh aon chaolú ar an mbearna inscne faoi deara ó tugadh faoin suirbhé deiridh. Cuireadh tús le hobair ar an gcéad Suirbhé Náisiúnta ar Fhorleithne Drugaí 2014/15 eile. Cuireadh tús leis an obair allamuigh i Meán Fómhair 2014 agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh. Den chéad uair, áireofar leis an suirbhé roghanna faoi andúil chearrbhachais anuas ar dhruagaí, alcól agus tobac neamhcheadaithe agus ceadaíthe.</p> <p>Foilsíodh Straitéis Náisiúnta Heipitíteas C 2011-2014, a d'fhorbair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an 4 Meán Fómhair 2012. Measann Ionad Faireachais Cosanta Sláinte FSS (HPSC) go bhfuil ar a laghad idir 20,000 agus 50,000 duine in Éirinn ionfhabhtaithe go hainsealach faoi láthair le víreas Heipitíteas C; is ionann seo agus forleithne daonra idir 0.5% agus 1.2%, figiúr atá cosúil le tíortha eile i dtuaisceart na hEorpa. Úsáideoirí drugaí trí shnáthaidí atá i dtromlach an ghrúpa seo. Tá fáil anois ar chóireáil an-éifeachtach le haghaidh Heipitíteas C a chuireann deireadh leis an víreas i mbreis agus 50% de na cásanna. Soláthraíonn an Straitéis creatlach le haghaidh freagairt chomhordaithe agus chomhtháite do Heipitíteas C in Éirinn.</p> <p>Bhunaigh FSS an Coiste Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Straitéis Heipitíteas C chun moltaí na Straitéise a chur chun cinn. Tá na gníomhartha molta á gcur chun cinn ar bhonn céimnithe tosaíochta. Forbraíodh Treoirlínte Náisiúnta maidir le Cóireáil Chliniciúil agus tá forbairt Threoirlínte Náisiúnta maidir le Scagthástáil a dhéanamh ar Heipitíteas C ar bun go leanúnach. Cuimseoidh na treoirlínte cén grúpaí daonra ar cheart tástáil a chur ar fáil dóibh, agus cén suíomhanna inar ceart iad a chur ar fáil, cé chomh minic a chuirfear ar fáil iad, agus cén saghas tástála ina gcuirfear ar fáil iad. Deis atá i gcógais nua agus nuálacha a fhorbairt chun cóir leighis a chur ar Heipitíteas C chun ualach Heipitíteas C a laghdú. Tá líon teiripí nua Frithvíreasacha Dírghníomhacha (DAA) ceadaíthe san Eoraip chun cóir leighis a chur ar Heipitíteas C agus táthar ag súil leis go gceadúnófar roinnt teiripí eile sna míonna amach romhainn. Chuir FSS clár luathrochtana i bhfeidhm le déanaí d'othair ag a bhfuil an gá is airde cliniciúil le teiripí nua DAA i dtaca le Heipitíteas C.</p>
<p>Soláthraíonn an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), atá cistithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, seirbhís saor in aisce, neamhspleách agus rúnda go príomha do dhaoine ag a iseaioncam ag a bhfuil fiachas nó atá i mbaol fiachas a chruthú. Oibrítear Ciste Ráthaíochta lasachta chomh maith chun iasachtaí 'géarchéime' a sholáthar mar rogha mhalartach don iasachtóir airgid. Aistríodh an fhreagracht as MABS go dtí an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIB) in Iúil 2009.</p>	<p>Bhunaigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, i dteannta na Seirbhíse Buiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), seirbhís fhaofa idirghabhála chun cabhrú le daoine aonair tríd an bpróiseas iarratais ar Fhógra um Fhaoiseamh Fiachais. In 2013, sannadh 15 fhoireann bhreise shealadacha do sheirbhísí áitiúla MABS chun an tSeirbhís seo a bhunú ar mhaithe le Fógraí um Fhaoiseamh Fiachais a phróiseáil. Ag deireadh 2014, bhí 41 comhlacht áitiúil MABS san áireamh ar Chlár Idirghabhálaithe Faofa Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus bhí os cionn 200 fógra um Fhaoiseamh Fiachais tar éis bheith deonaithe. Ní ghearrann idirghabhálaithe faofa táille ar a gcúnamh a thabhairt d'fhéichiúnaithe a dhéanann iarratas ar Fhógra um Fhaoiseamh Fiachais.</p>
<p>Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scóip chun breis forbartha a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim do chúramóirí. Go háirithe, is é a bheidh i gceist leis an gcuspóir go bhfanfaidh an leibhéal neamhairde a thugtar ar Líúntas Cúramóra sna sála thiar ar mheán-olltuillimh thionsclaíochas ionas gur féidir leo siúd a bhfuil meántuillimh thionsclaíochas á bhfáil acu cáiliú don íocaíocht.</p>	<p>Cé gur laghdaíodh an deontas cúram faoisimh i mBuiséad 2013 anuas go dtí €1,375 sa bhliain, lean na croí-íocaíochtaí do chúramóirí bheith faoi chosaint, in ainneoin na n-athruithe fíoscacha a bhí roimh an Stát i rith na tréimhse seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfaigheann chúramóirí tacaíochtaí suntasacha ioncaim agus go dtugtar neamhaird ioncaim dóibh agus go ndéantar tástáil mhaoine orthu, agus is ionann seo agus an scéim is flaithiúla atá laistigh den chóras leas shóisialaigh. In 2014, b'ionann na hiocaíochtaí iomlán a rinneadh le chúramóirí agus nach mór €806 milliún.</p>
<p>Beidh cruinniú bliantúil comhairliúcháin ann d'eagraíochtaí ionadaíochas chúramóirí agus na ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha d'fhonn eolas a sholáthar do bheartas amach anseo sa limistéar seo.</p>	<p>Cuireadh cruinniú bliantúil comhairliúcháin ar siúl in 2013. Cuireadh cruinniú 2014 ar athló, i gcomhairliúchán le heagraíochtaí chúramóirí, go dtí an 24 Feabhra 2015.</p>

<p>Ó 2007 ar aghaidh, beidh faighteoirí áirithe leasa shóisialaigh a chuireann cúram agus aire lánaimseartha ar fáil in ann a bpríomhíocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád agus íocaíocht a fháil arb ionann í agus Liúntas Cúramóra Leathráta.</p>	<p>D'fhan Liúntas Cúramóra Leathráta i bhfeidhm i mBuiséid 2013 go 2015.</p>
<p>Déanfar athbhreithniú ar na deiseanna chun cúrsaí oiliúna a fhorbairt do chúramóirí ag na ranna agus na gníomhaireachtaí ábhartha i gcaitheamh 2007 agus 2008.</p>	<p>Faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin 2014, teastóidh €1 milliún i dtreo tionscadal a sholáthraíonn oiliúint, faisnéis agus seirbhísí gaolmhara tacaíochta do Chúramóirí Baile.</p>
<p>Forbairt beartas a chomhordú a dhéanann grúpaí mionlaigh eitnigh a imeascadh in Éirinn, agus a chuireann cuimsiú sóisialta, comhionannas, éagsúlacht agus rannpháirtíocht inimirceach i mbeatha gheilleagrach, shóisialta, pholaitiúil agus chultúrtha a bpobal.</p>	<p>Leanann an Oifig um Imeachadh Imirceach (OPMI) le gealltanas an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le himeascadh imirceach, go páirteach trí chúnamh airgeadais a sholáthar do thionscadail a chuireann imeascadh imirceach chun cinn agus a dhéanann an ciníochas a chomhrac.</p> <p>In 2013-2014, soláthraíodh cistiú €2,510,308 d'eagraíochtaí (d'údaráis áitiúla agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha den chuid ba mhó) chun imeascadh agus caoinfhulaingt a chur chun cinn. Tá an méid cistithe seo ina mhacasamhail den chistiú a soláthraíodh in 2011-2012. Lean an Oifig le himircigh agus grúpaí ionadaíochta a choimeád feaseach ar acmhainní nua díol spéise atá á bhforbairt, coinníollacha athraitheacha a bhaineann leis na scéimeanna éagsúla agus ábhar a bhí á fhorbairt go sonrach d'imircigh i réimse teangacha trína láithreán gréasáin agus liostaí cor poist.</p> <p>I measc na samplaí de thionscnaimh lenar thacaigh an OPMI, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Fuair Clár EPIC (Daoine ó Phobail Inimirceach a Fhostú) a bhainistíonn Gnó sa Phobal ('Business in the Community') thar ceann an OPMI, cistiú €925,372 in 2013-2014 chun cabhrú le hinimircigh leochaileacha rochtain a fháil ar fhostaíocht nó breis oiliúna. Áirítear leis an gclár oiliúint i mBéarla le haghaidh oibre, scileanna agallaimh, maireachtála agus oibriú in Éirinn agus in TF. Comhchistíonn Ciste Sóisialta na hEorpa an caiteachas seo ag 50%.</li> <li>• Tionscadal pobail is ea Fáilte Isteach ina bhfuil oibríthe breacaosta deonacha mar fhoireann a fháiltíonn imircigh nua trí ranganna comhrá Béarla. Gach seachtain, múineann os cionn 600 oibrí deonach os cionn 2,000 dalta ó 75 tír, a chuireann os cionn aon mhíle uair de theagasc ar fáil gach seachtain ina dteannta a chéile. Oibríonn Fáilte Isteach ag 60 láthair timpeall na tíre chun na bacainní a shárú a bhíonn roimh imircigh agus pobail trí chomhartha cairdis a chur in iúl dóibh tríd an mbealach praiticiúil, fáilteach agus cuimsitheach ina soláthraítear an clár. In 2013-2014, deonaíodh cistiú €226,420 don tionscadal seo, agus cuireadh €711,250 ar fáil ó 2008 i leith nuair a chuirtear seo san áireamh.</li> <li>• Thug an OPMI cistiú €191,000 do Chomhpháirtíocht na bPobal Nua chun seirbhís chomhairle agus tacaíochta a sholáthar d'imircigh a raibh iarratas á dhéanamh acu ar shaoránacht.</li> <li>• In 2014, soláthair an OPMI cistiú €69,000 don Bhrat Buí ('Yellow Flag'), Clár Idirchultúrtha do Scoileanna.</li> <li>• Anuas air sin, soláthair an Oifig tacaíocht airgeadais d'údaráis áitiúla ó fhórais áitiúla imirceach. Tugann an fórais seo an deis d'imircigh ó chultúir agus cúlraí éagsúla chun teacht le chéile chun saincheisteanna a thabhairt chun solais a imríonn tionchar ar imircigh ar bhonn laethúil. Tá de chuspóir ag fórais imirceach forbairt pleananna agus beartais chomhtháite áitiúla/réigiúnacha a chinntiú a léiríonn riachtanais shóisialta, chultúrtha agus gheilleagracha ghrúpaí mionlaigh eitnigh sa cheantar.</li> <li>• Lean an OPMI leis an gCiste Eorpach Lánpháirtíochta (EIF) agus an Ciste Eorpach um Dhéanaithe (ERF) a riar agus réitigh siad an clár don Chiste nuabhunaithe Tearmainn, Imirce agus Imeachtha (AMIF) a thiocfaidh in ionad an EIF agus an ERF.</li> <li>• In 2013-2014, d'athlonnigh an OPMI 182 dídeanaí, ina measc Afganastánaigh, Somálaigh agus Siriaigh den chuid ba mhó, in Éirinn agus chomhordaigh siad a n-imeascadh isteach i bpobail áitiúla.</li> </ul>

<p>Éascóidh agus tacóidh Póilíneacht Phobail le hidirchaidreamh idir an Garda Síochána agus na húdaráis áitiúla agus na pobail áitiúla chun dul i ngleic le saincheisteanna póilíneachta. Ní hamháin go gcabhróidh Póilíneacht Phobail le forbairt fhreagairt fhoriomlán um chosc ar choireacht an Stáit, ach gníomhóidh sí mar bhealach chun tacú le cumas pobal áitiúil chun páirt bhríoch a ghlacadh i gcosc a chur ar choireacht.</p>	<p>Tá na struchtúir ghinearálta le haghaidh Póilíneacht Phobail ar tugadh cuntas orthu roimhe seo i bhfeidhm go fóill. Anuas air sin, seoladh Scéim Foláirimh Téacs an Gharda Síochána i Meán Fómhair 2013, tar éis céim phiolótach thosaigh, agus a forbraíodh i gcomhoibriú le Muintir na Tíre, Faire Comharsanachta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus páirtithe leasmhara gaolmhara. Soláthraíonn sí meicníocht bhreise do na Gardaí chun faisnéis faoi chosc ar choireacht a sholáthar do theagmhálaithe pobail a sheolann an fhaisnéis chuig gach comhalta de ghrúpaí pobail, ar a uain sin.</p> <p>Tá baint ag os cionn 500 grúpa áitiúil sa tionscnamh seo agus tá ann de bhreise ar 100,000 rannpháirtí agus meastar go seoltar thart ar 200,000 teachtaireacht téacs gach mí faoin scéim. Cuireann gach Rannán an Gharda Síochána, idir rannáin tuaithe agus uirbeacha, an tseirbhís foláirimh téacs ar fáil agus d'fhoilsigh an Garda Síochána treoirlínte chun cabhrú le grúpaí áitiúla a bhunú agus a oibriú. I ndiaidh athbhreithniú fadréimseach agus próiseas comhairliúcháin, agus aird á tabhairt ar shocruithe nua rialtais áitiúil a bhunú, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Comhchoistí Póilíneachta (CPanna) i Lúnasa 2014.</p> <p>Leagann na treoirlínte nua CPanna an bhéim ar an ngá atá le cur chuige comhoibritheach idir gach páirtí leasmhar chun dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla. Anuas air sin, leagann siad béim ar an ngá atá le cumarsáid fheabhsaithe idir CPanna, a bhfuil ról straitéiseach acu, agus an réimse iomlán d'fhóraim áitiúla agus phobalbhunaithe ar féidir leo cur le feabhsú shábháilteacht an phobail agus tacú le freagairtí éifeachtacha póilíneachta.</p>
<p>Rochtain ar sheirbhísí leabharlainne do phobail iargúlta tuaithe agus do phobail uirbeacha agus seirbhísí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais sochaí ilchultúrtha.</p>	<p><b>Leabharlanna nua a osclaíodh in 2014 agus 2015</b> Leanann an straitéis náisiúnta seo leis an dul chun cinn a rinneadh le cúig bliana déag anuas, inar osclaíodh 145 leabharlann nua den chéad scoth ar fud na tíre agus ina cuireadh tús le clár d'athchóiriú substainteach le haghaidh na leabharlann reatha. I rith 2004, osclaíodh seacht leabharlann nua nó shínte.</p> <p>In 2015, tá leabharlann amháin oscailte cheana féin agus tá sé leabharlann nua nó shínte beartaithe lena n-oscailt. I rith 2014, cuireadh i bhfeidhm na straitéisí/córais a leanas:</p> <p><b>Córas singil bainistíochta leabharlainne:</b> conradh chun córas singil a chur i bhfeidhm ar fud gach údarás áitiúil. Soláthróidh seo ardán chun rochtain saor in aisce a sholáthar ar chroísheirbhísí leabharlainne, cárta singil ballraíochta leabharlainne, ballraíocht uilíoch agus leabharlann náisiúnta dhigiteach. Rachaidh na chéad sé leabharlann (35% den daonra) beo i Meitheamh 2015. Tá sé beartaithe an cur i bhfeidhm a chur i gcrích faoi dheireadh 2016. Is éard a eascraíodh as an tionscnamh seo ná rochtain fheabhsaithe úsáideora ar gach bailiúchán i gcuardach singil agus coigiltí suntasacha ar am foirne agus ar chaiteachas údarás áitiúil.</p> <p><b>Seirbhísí Comhroinnte Leabharlainne:</b> I nDeireadh Fómhair 2014, d'iarr an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar údarás áitiúla chun struchtúir nua leabharlainne agus forálacha eile den tuarascáil 'Soláthar Seirbhísí Éifeachtacha Leabharlainne a Bhainistiú' ('Managing the Delivery of Effective Library Services') a chur i bhfeidhm ar aon dul le beartas an Rialtais. Is é an cuspóir chun leabharlanna níos treise, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla poiblí a bhunú agus chun seirbhísí leabharlainne níos fearr a sholáthar do phobail áitiúla agus do shaoránaigh. Baineann rithábhacht le struchtúr comhroinnte bainistíochta i roinnt tíortha chun ligean do na seirbhísí leabharlainne níos lú an cumas a bhaint amach a theastaíonn chun na feabhsúcháin riachtanacha a sholáthar. Méadóidh an cumas méadaithe a eascraíonn ó na struchtúir nua na deiseanna chun seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú don phobal, agus soláthróidh sé réimse níos fairsinge seirbhísí i leith an ardchaighdeáin chéanna ar fud na tíre.</p> <p><b>Leabharlanna Oscailte:</b> Mar chuid de mholadh na straitéise chun uaireanta oscailte feabhsaithe a sholáthar, bunaíodh agus osclaíodh trí 'Leabharlann Oscailte' phiolótacha i Samhain 2014. Cuireann na trí 'Leabharlann Oscailte' phiolótacha (Tobair an Choire, Contae Shligigh, agus Tulach Mhór agus Beannchar i gContae Uíbh Fhailí) oscailt seacht lá ar fáil ó ocht a chlog ar maidin go dtí deich a chlog istoíche. Mar a bhíidís roimhe seo atá na leibhéal agus na huaireanta soláthair foirne, agus ní bhíonn aon fhoireann ag oibriú i rith na n-uaireanta sínte. Bronnann seirbhís nuálach, 'Leabharlanna Oscailte' an tsaoirse ar chomhaltaí chun an leabharlann a úsáid le linn na n-uaireanta is fearr a oireann dóibh. I rith na n-uaireanta sínte, tá na seirbhísí ar fáil don phobal ar bhonn féinseirbhíse chun earraí a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, an t-idirlíon a úsáid trí ríomhairí pearsanta na leabharlainne nó trí Wi-Fi agus leas á bhaint as a bhfearis féin, brabhsáil, príontáil, fótachóipeáil, gníomhaíochtaí agus cruinnithe aonair staidéir agus pobail.</p> <p><b>An Feachtas Náisiúnta 'An Ceart chun Léimh' ('Right to Read'):</b> Tionscnamh náisiúnta is ea 'an Ceart chun Léimh' a seoladh in Iúil 2014, trí Chlár an Rialtais, a fhorbrófar i ngach údarás áitiúil trí chreat a chomhordaítear go náisiúnta le haghaidh tacaíocht agus forbairt litearthachta. Soláthrófar é trí na húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile a shainiathníonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.</p>

<p>Iarrfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar údaráis áitiúla chun tabhairt faoi shuirbhé ar stoc tithíochta an údaráis áitiúil a chabhróidh le heolas a sholáthar d'údaráis áitiúla ar bhail fhisiciúil an stoic agus an bonn a sholáthar do chlár oibreacha feabhsúcháin amach anseo. Leanfaidh clár athghiniúna i líon limistéar idir limistéir mhórsála uirbeacha agus eastáit bheaga i líon bailte réigiúnacha timpeall na tíre.</p>	<p>Críochnaigh an Roinn tionscadal pólótach in 2014 sna ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath a d'úsáid sonraí faoi Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) chun bunachar sonraí faisnéise a chruthú chun eolas a sholáthar d'údaráis áitiúla faoi bhail an stoic. Tacaíonn uirlis Bhunachar Sonraí BER an IHER le riachtanais tuairiscithe agus anailíseacha Chlár Iarfheistithe Fuinnimh an údaráis áitiúil. Comhairleoireacht rátála fuinnimh foirgnimh is ea IHER Energy Services Limited (IHER) ag a bhfuil saineolas aitheanta in oiliúint BER, iarratais ar bhunachair shonraí BER agus clár Thaighde Eorpaigh. Ceapadh IHER chun sraith BER-bhunaithe de thuiriscí ar dhul chun cinn iarfheistithe a sholáthar faoi Chlár Pólótach tosaigh do na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath. Úsáideann uirlis an bhunachair shonraí faisnéis a ghintear nuair a chruthaítear deimhniú BER d'áit chónaithe. Críochnaíodh an clár pólótach i Samhain agus tá measúnú tosaigh déanta.</p> <p>D'éirigh leis an gclár pólótach agus tá breis anailíse ar bun ag féachaint don chóras a shíneadh chuig údaráis áitiúla bhreise. Cuirfidh an fhaisnéis ón mbunachar sonraí seo eolas ar fáil do chlár oibreacha feabhsúcháin amach anseo. I dtaobh athghiniúna, caitheadh breis agus €69 milliún in 2013 agus €46 milliún in 2014 ar thionscadail athghiniúna i mBaile Átha Cliath, Baile Munna, Corcaigh, Luimneach, Trá Lí, Sligeach agus Dún Dealgan.</p>
<p>Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tiomanta do thacú leis an earnáil dheonach agus chomhoibrítheach chun tithíocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.</p>	<p>In 2012 – soláthraíodh 677 aonad, 2013 – 211 aonad agus in 2014 – 357 aonad cóiríochta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil, lena n-áirítear líon beag a soláthraíodh faoin Scéim Iasacht Chaipitil agus Fóirdheontais a bhfuil deireadh curtha leis anois. Leagtar amach i bhfoirseachán na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020, a foilsíodh i Samhain 2014, gníomhartha agus spriocanna soiléire intomhaiste chun an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú, socrúithe soláthair a leasú agus chun freastal ar riachtanais tithíochta teaghlach atá ar an liosta tithíochta.</p> <p>Bainfidh ríthábhacht i dtaobh soláthar na Straitéise leis an ról feabhsaithe a bheartaítear a chomhlíonfaidh na comhlachtaí faofa tithíochta chun breis aonaid tithíochta sóisialta a sholáthar chun freastal ar riachtanais daoine atá faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.</p>
<p>Foilsíodh Ráiteas Beartais Easpa Dídine an Rialtais i bhFeabhra 2013. Leagtar béim sa ráiteas seo ar chur chuige atá faoi stiúir na tithíochta ina bhfaightear rochtain ar thithíocht bhuan mar an mbunfhreagairt do gach foirm d'easpa dídine. Áirítear leis an Ráiteas sprioc chun deireadh a chur le heaspa dídine neamhdheonach fhadtéarmach faoi dheireadh 2016.</p>	<p>D'fhoilsigh an Rialtas a Ráiteas Beartais Easpa Dídine i bhFeabhra 2013. Leagtar béim sa Ráiteas ar chur chuige atá faoi stiúir tithíochta i leith easpa dídine agus deimhniú sé cuspóir an Rialtais chun deireadh a chur le heaspa dídine neamhdheonach (gealltanais i gClár an Rialtais) faoi dheireadh 2016.</p> <p>Críochnaíodh an Plean um Chur i bhFeidhm ar Fhreagairt an Stáit d'Easpa Dídine i mBealtaine 2014 inar tugadh cuntas ar chur chuige an Rialtais i leith an chuspóra seo inar leagadh amach 80 gníomh chun soláthar imfhálaithe de chóiríocht a chinntiú do dhaoine gan dídean agus chun na tacaíochtaí riachtanacha a shlógadh faoi dheireadh 2016.</p> <p>Déantar dul chun cinn ar an bplean a chur i bhfeidhm a thuiriscí don Choiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar bhonn ráithiúil. I Nollaig 2014, rinne an Rialtas plean foirmeálta de Phlean Gníomhaíochta 20 pointe chun dul i ngleic le hEaspa Dídine chun dul i ngleic le heaspa dídine láithreach agus ghearrthéarmach, lena n-áirítear freagairt láithreach do chodladh amuigh i mBaile Átha Cliath.</p>
<p>Cuirfear cistiú ar fáil d'údaráis áitiúla chun tacú le cur i bhfeidhm a gceathrú <b>Clár Cóiríochta don Lucht Siúil</b>, a chuimsíonn an tréimhse 2014-2018. Méadaíodh cistiú don bhliain 2015 aníos ó €3 milliún go dtí €4.3 milliún.</p>	<p>Sholáthair an tréimhse Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (2009-2013), faoi dheireadh 2013, 1,532 aonad cóiríochta do theaghlach an Lucht Siúil i meaisín de shaghsanna tithíochta, lena n-áirítear tithíocht chaighdeánach údaráis áitiúil, cóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil agus freastalaíodh ar theaghlach tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos nó trí thithíocht dheonach a sholáthar dóibh. Áirítear leis seo os cionn 490 aonad de chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil lena dtacaíonn €50 milliún a sholáthar i gcistiú caipitil.</p> <p>Glacadh leis an gceathrú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil in 2014 agus beidh sé ar siúl ó 2014 go 2018. Mar thoradh air sin, ba bhliain idirthréimhseach 2014 idir deireadh na glár reatha agus tabhairt isteach na glár nua. Leagadh béim an-láidir ar phleanáil i rith 2014 lena chinntiú go gcomhlíonann na clár atá le cur i bhfeidhm go dtí deireadh 2018 riachtanais an Lucht Siúil i gceantair údaráis áitiúil. Cabhróidh an cistiú méadaitheach atá le soláthar in 2015 le cuid de na clár seo a chur chun cinn.</p>



<p>Leanfar le hinfheistíocht a dhéanamh i dtacú le gníomhaíocht oibríthe go deonach i gcaitheamh na tréimhse 2007-2016. Lárnach sa chur chuige seo tá ról bisiúil na gníomhaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i bpobail áitiúla. Faoi 'I dTreo 2016', tá €5 milliún sa bhreis sa bhliain á sholáthar chun tacú le hoibriú go deonach. Cuirfidh torthaí an Tascfhórsa um Shaoránacht Ghníomhach breis eolais ar fáil do bheartais agus do scéimeanna sa limistéar seo.</p>	<p>Leagtar príomhbhéim na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in oibriú go deonach ar ionaid oibríthe deonacha. In 2013, sholáthair an Roinn cistiú €789,917 do thionscnaimh oibríthe go deonach eile. In 2014, b'ionann an cistiú seo agus €659,690.</p>
<p>Mhol tuarascáil an Tascfhórsa um Shaoránacht Ghníomhach go gcistíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ionaid oibríthe deonacha ar fud na tíre. Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn, i dteannta chomhlacht ionadaíoch na hearnála, Oibríthe Deonacha Éireann ('Volunteer Ireland'), ar mheicníocht chistithe amach anseo na n-ionad oibríthe deonacha aonair.</p>	<p>Leithdháileadh cistiú €2.02 milliún do na 22 ionad oibríthe deonacha in 2013, agus leithdháileadh €2.03 milliún sa bhreis in 2014. In 2014, cónascadh dhá ionad oibríthe deonacha, as ar eascair éifeachtúlachtaí ní ba mhó.</p>
<p>D'fhaomh an Rialtas Scéim Iocaíochtaí Amach i Nollaig 2013 de réir Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú), 2012 a chuimsigh an tréimhse 2013-2016. Cheangail Acht 2012 ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, chomh maith, chun glacadh le Plean Gníomhaíochta thar ceann gach Roinn Rialtais chun éifeacht a thabhairt don scéim.</p> <p>Ghlac an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le Plean Gníomhaíochta Cuntas Díomhaoin an 1 Iúil 2014. I ndiaidh gur cuireadh deireadh le Bord na gCuntas Díomhaoin faoi Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú), 2012, tugadh feidhmeanna Bhord na gCuntas Díomhaoin isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.</p>	<p>Soláthróidh Plean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2014 tacaíochtaí fairsinge le pobail atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear bearta chun fostaíocht, infhostaitheacht agus fiontraíocht daoine óga, oiliúint a chur ar chúramóirí agus tacú le daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn. Áiríodh de bhreis ar €7 milliún de leithdháiltí ar bhearta a bhí le cistiú trí vóta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an leithdháileadh iomlán €24 milliún a faomhadh le haghaidh eisiócaíochta ón gciste in 2014.</p>

<p>Soláthroidh an clár 'CLÁR' thart ar €141 milliún i gcaitheamh na tréimhse 2007-2013 ar mhaithe le hathghiniúint a dhéanamh i gceantair atá thíos le meath ar an daonra. Tacóidh infheistíocht leis an mbonneagar fisiciúil, geilleagrach agus sóisialta i measc réimse fairsing beart, lena n-áirítear soláthar uisce, diúscairt camrais, rochtain bóthair agus leathanbhanda a léiríonn na tosaíochtaí a shainaithníonn na pobail.</p> <p>Is ionann an líon den daonra a bhfuil tairbhe á bhaint faoi láthair acu ón gClár agus 727,000. I measc na spriocanna, tá an méid a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• líon na scéimeanna grúpa agus príomhphíobhain uisce agus séarachais a mbíonn fáil acu ar chistiú CLÁR a mhéadú faoi 100%, ar a laghad, faoi 2008;</li> <li>• soilse gealánacha a sholáthar do gach bunscóil i gceantair CLÁR faoi 2008.</li> </ul>	<p>Tá scéim CLÁR dúnta ó 2010 i leith ach tá 49 tionscadal ann ar a bhfuil comhluach €353,000 gan íoc faoi na bearta breisithe Caipiteal Spóirt agus Gaeltachta faoi chlár CLÁR. Tá soláthar €100,000 ann don bhliain 2015 chun aon éilimh a thagann chun solais in 2015.</p>
<p>Tríghné Leader an Chláir Forbartha Tuaithe 2007-2013, infheistíocht ar €370 milliún i gcaitheamh na tréimhse 2009-2015 chun éagsúlú an gheilleagair thuaithe a chur chun cinn. Rachaidh Clár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020 (RDP), clár nua LEADER, go príomha i ngleic le Tosaíocht 6 de thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i dtaobh forbairt tuaithe, a bhfuil cuimsiú sóisialta, laghdú bochtaineachta agus forbairt gheilleagrach á chur chun cinn acu i gceantair thuaithe. Leithdháileadh €250 milliún don Chlár don tréimhse 2015-2022.</p>	<p>Tá caiteachas faoi ghné LEADER an Chláir Forbartha Tuaithe 2007-2013 ar bun ó thráth luath in 2009. In 2012, cheadaigh an Coimisiún Eorpach d'Éirinn chun ráta méadaithe comh-mhaoinithe 85% a fháil (55% i dtosach báire) don bhliain 2012 agus 2013. Laghdaigh seo luach an chláir anuas go dtí thart ar €370 milliún. B'ionann caiteachas iomlán faoin gClár ag deireadh 2014 agus €332 milliún. Tá gnéithe LEADER an Chláir uathúil sa mhéid go soláthraítear an tacaíocht agus modheolaíocht rannpháirteach phobail á húsáid atá ina modh forbartha atá cuimsithe go sóisialta, inti féin agus ann féin.</p> <p>Tá de chuspóir ag bearta cáilíochta beatha an Chláir deiseanna forbartha a sholáthar do phobail tuaithe chun feabhas a chur ar an gcáilíocht beatha i gceantair thuaithe mar aon le héagsúlú an gheilleagair thuaithe a chur chun cinn. Agus sinn ag oibriú chun na cuspóirí seo a bhaint amach, téann an tacaíocht i ngleic le cuimsiú agus le comhtháthú sóisialta go díreach agus go hindíreach araon agus réimse fairsing tacaíochtaí á soláthar idir oiliúint, acmhainn an phobail a fhorbairt agus tacú le smaointe gnó agus réimse leathan samhlacha frontair a fhorbairt.</p> <p>Leanann an clár, chomh maith, le tacaíocht a sholáthar do phobail chun bonneagar pobail a fhorbairt, agus comhtháthú sóisialta agus meanma an phobail ar fud na hÉireann go léir a chur chun cinn. Éascaíonn tacaíochtaí a sholáthraítear tríd an gClár pobail tuaithe níos treise agus níos athléimní a bhfuil na hacmhainní acu chun geilleagair bheoga thuaithe a choimeád a bhfuil de chumas acu tacú le rannpháirtíocht gach comhalta den phobal. Sa chomhthéacs seo, soláthraíonn an Clár an bealach do phobail tuaithe chun dul i ngleic le príomhdhúshláin an eisiaimh shóisialta. Meastar go gcuirfead tús le Clár 2014-2020 go déanach in 2015 agus díreoidh sé ar chuimsiú sóisialta chomh maith.</p>

<p>In Eanáir 2010, tháinig an Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (LCDP), in ionad an Chláir um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuisiú Sóisialta agus an Chláir Forbartha Pobail. Soláthraíonn an clár seo cistiú ilbhliantúil do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDCanna) agus do líon beag comhlachtaí eile forbartha áitiúla chun an LCDP a sholáthar. Tá de chuspóir ag an LCDP dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus le heisiamh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus trí idirchaidreamh bisiúil idir an Rialtas agus a ghníomhaireachtaí agus daoine i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste.</p>	<p>In 2013, leithdháileadh €48.7 milliún chun an LCDP a sholáthar, arb ionann sin agus laghdú de bhreis ar 9% ar an gcistiú a bhí ar fáil in 2012. In ainneoin laghdúithe ar chistiú, d'éirigh go maith leis an gclár, leagadh sprioc os cionn 44,000 duine amach d'idirchaidreamh le haghaidh 2013 agus baineadh seo amach.</p> <p>In 2014, leithdháileadh €47.7 milliún chun an LCDP a sholáthar. Don bhliain 2014, leagadh sprioc 44,700 amach, ach baineadh aschur 49,000 amach, áfach. Ghlac de bhreis ar 19,000 tairbhí páirt in oideachas; ghlac os cionn 21,000 tairbhí páirt in oiliúint an mhargaidh shaothair. Tacaíodh le 8,008 duine isteach san fhostaíocht, lena n-áirítear 6,053 duine isteach san fhéinfhostaíocht.</p>
<p>Tá breithniú le déanamh anois ar thodhchaí an chláir Athbheochana Ceantar trí phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID). Ba cheart d'údarás áitiúla ábhartha leanúint ag díriú ar RAPID. Rachaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, Údarás Áitiúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Foime um Chur i bhFeidhm Cheantar RAPID (AITanna) agus daoine eile ina measc. Beidh ar an gcomhairliúchán sin aird a thabhairt ar ailíniú an Rialtais Áitiúil agus Forbartha Áitiúla agus chlár um athchóiriú an Rialtais Áitiúil, Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine ('Putting People First') agus comhthéacs foriomlán struchtúir agus tacaíochtaí cuíchóirithe ar leibhéal áitiúil agus pobail.</p>	<p>Tá stop curtha anois le Scéimeanna Giarála RAPID agus níl ach ceangaltais reatha chonartha á n-íoc ag an Roinn anois, go príomha leis an gClár Caipiteal Spóirt. Soláthraíodh €263,000 in 2013, agus soláthraíodh €170,000 in 2014.</p>
<p>Sannadh an fhreagracht don Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun iompar áitiúil agus tuaithe a chomhtháthú, lena n-áirítear <b>an Clár Iompair Thuaithe</b> (RTP), le héifeacht ón 1 Aibreán 2012.</p> <p>Bronnadh freagracht ar an NTA as an RTP a fógraíodh in Iúil 2013 a chur i bhfeidhm agus a athstruchtúrú. Is é cuspóir an athstruchtúraithe chun soláthar seirbhísí iompair thuaithe a chosaint amach anseo trí struchtúr soláthair níos éifeachtúla a chinntiú a uasmhéadaíonn comhtháthú le seirbhísí iompair eile atá faoi chistiú an Stáit agus trí chuid níos inbhuanaithe a dhéanamh den Chlár den chóras iompair phoiblí.</p> <p>Rachaidh an struchtúr nua i ngleic le heisiamh sóisialta agus éascóidh sé breithniú, tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar ghné chuimsithe shóisialta an Chláir ar bhealach iomlánaíoch.</p>	<p>Fógraíodh athstruchtúrú an RTP in Iúil 2013 agus cuireadh cur i bhfeidhm chun cinn i rith 2013/2014. Is éard a bhaineann leis an athstruchtúrú ná 17 nAonad Comhordaithe Iompair (TCUanna) a bhunú in áit na 35 Grúpa RTP a sholáthair na seirbhísí go dtí an t-am i láthair. B'ionann cistiú don Chlár agus €9.77 milliún in 2012 agus €9.133 milliún in 2013. I rith 2013, cuireadh 1.74 milliún aistear paisinéirí i gcuntas ar bhreis agus 224,000 seirbhís iompair a cistíodh faoin gClár, ar méadú 0.5% agus 3%, faoi seach, seo i gcomparáid le 2012.</p>

<p>Laghdaíodh an buiséad foriomlán don Chomhairle Spóirt (ISC) anuas go dtí €44.495 milliún in 2012. Leanann an líonra Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil (LSP) agus an Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine atá faoi Mhíchumas le tacaíocht a fháil ón gComhairle Spóirt.</p>	<p>B'ionann an buiséad foriomlán don Chomhairle Spóirt agus €42.496 milliún in 2013 agus €43.239 milliún in 2014. In 2013 agus 2014, cistíodh 16 LSP do phoist Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, a leanann le laethanta cumais sa spórt, boccia, peil do chách, cispheil chathaoir rothaí etc. a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht ghníomhach agus leanúnach a chur chun cinn.</p> <p>Fuair na LSPanna siúd nach bhfuil oifigeach acu cistiú chun oiliúint a sholáthar i limistéar an spóirt agus an mhíchumais. In 2014, leithdháil an ISC cistiú €49,651 d'Ionad Cara.</p> <p>Tá an líonra LSP ag leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le tionscadail um Chríochnú na Scoile ar fud na tíre. Anuas air sin, tá an Chomhairle ag leanúint leis na trí Spórt Mhóra Páirce a chistiú.</p>
<p><b>Is é Tithe Níos Teo – Straitéis d'Fhuinneamh Inacmhainne in Éirinn</b> an chéad straitéis Rialtais atá dírithe go sonrach ar fhuinneamh a dhéanamh níos inacmhainne i measc teaghlaigh ísealioncaim in Éirinn.</p>	<p>Aireofar leis an athbhreithniú a dhéanfar ar an Straitéis Fuinnimh Inacmhainne comhairliúchán poiblí a lorgóidh ionchur páirtithe leasmhara i dtaobh cén gníomhartha ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa chéad atriall eile de Straitéis Fuinnimh Inacmhainne an Rialtais. I ndiaidh gur críochnaíodh an próiseas comhairliúcháin phoiblí, táthar ag súil le Straitéis nua Fuinnimh Inacmhainne a fhoilsiú faoi dheireadh Bhealtaine 2015.</p>
<p>Leagtar amach in Sochaí Cheangailte a Sholáthar, Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP), straitéis chun leathanbhanda ardluais a sholáthar ar fud na hÉireann. Déanfaidh an plean soláthair i leith a spriocanna trí infheistíocht a ghairíl ón earnáil phríobháideach agus phoiblí araon. Anuas ar infheistíocht, cuimsítear san NBP gníomhartha a bhaineann le líon limistéir eile: spreagadh éilimh; bacainn an bhonneagair a bhaint; beartas speictrim; ranníocaíocht fhéideartha aonáin an Stáit agus rialáil beartais.</p>	<p>Tá de chuspóir <b>an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP)</b> a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach saoránach agus gnó, gan aird ar láthair, ar sheirbhís ardaighdeáin ardluais leathanbhanda. Bainfead seo amach trí mheascán d'infheistíochtaí tráchtála agus idirghabháil atá faoi stiúir an Stáit i gceantair nach gcuirfead seirbhísí tráchtála ar fáil.</p> <p>I Samhain 2014, sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha comhairliúchán poiblí ar Léarscáil Náisiúnta Chlúdaigh Leathanbhanda Ardluais 2016. Cuireann seo ar chumas gach duine de mhuintir an phobail, bíodh siad ina gcomhaltaí gnó nó cónaithe, féachaint cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil a n-áitreabh/a dteach cónaithe san áireamh in idirghabháil bheartaithe an Rialtais. Anuas air sin, soláthraíonn an léarscáil faisnéis mhionsonraithe ar bhonn contae ar chontae i dtaobh na sráidbhairle agus na mbailte fearainn atá le cur san áireamh. Féadtar an léarscáil seo a rochtain ag <a href="http://www.broadband.gov.ie">www.broadband.gov.ie</a>.</p> <p>I gcaitheamh na gcéad bheart eile sa phróiseas seo, déanfar comhairliúchán poiblí breise ar straitéis mhionsonraithe idirghabhála i lár 2015. Tabharfar faoi phróiseas mionsonraithe soláthair d'fhonn an tairgeoir/na tairgeoirí féideartha is fearr a roghnú i dtreo dheireadh 2015. Meastar go gcuirfead tús le tógáil fhisiciúil an líonra seo ó 2016 ar aghaidh.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>An Clár 100 MB a Sholáthar do Scoileanna ('100M/bits to Schools')</b>: Fuair gach iar-bhunscóil (780+ Scoil) ceangal 100MB faoi dheireadh 2014.</li> <li>• <b>An Scéim Leathanbhanda Tuaithe</b>: As 2,011 iarratasóir, ar an iomlán, a ndearnadh tairiscintí dóibh, ghlac 509 iarratasóir le seirbhís ó Sholáthraithe Seirbhísí Idirlín (ISP) a raibh páirt á glacadh acu sa Scéim. Mar gheall gur cuireadh seirbhísí ar tairiscint d'iarratasóirí a raibh páirt á glacadh acu sa Scéim gan aon ghá a bheith le fóirdheontas, níor ghá soláthraí seirbhíse a sholáthar don Scéim. Níor íocadh amach aon airgead poiblí chun seirbhísí a sholáthar ar an Scéim.</li> <li>• <b>Na Líonraí Achar Cathrach (MANanna)</b>: Críochnaíodh MAN Chionn tSáile in 2013. Críochnaíodh 88 MAN a chuimsigh 94 baile faoi Chlár an Líonra Achar Cathrach. Tá gach ceann de na MANanna faoi cheannas e net; an tAonán Bainistithe Seirbhíse, a dhéanann na MANanna a bhainistiú, a chothabháil agus a oibriú thar ceann an Stáit. Meastar go bhfuil breis agus 600,000 úsáideoir deiridh (go príomha i gceantair thuaithe) ann a bhfuil tairbhe á bhaint acu ó bhonneagar na MANanna.</li> </ul>

<p>Déanann <b>an Scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo</b>, a riar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEA), feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a chistiú i dtithe daoine scothaosta agus daoine leochaileacha, a dhéanann na tithe níos compordaí, níos sláintiúla agus níos costéifeachtúla lena réachtáil.</p>	<p>In 2014, leithdháileadh €20.656 milliún faoin Scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo (BEWH), a chuir ar chumas 9,056 teach tabhairt faoi uasghráduithe. D'éascair coigiltí fuinnimh 9.02GWh ar fiú nach mór €1.17 milliún iad d'úinéirí tí ísealioncaim.</p> <p>Ó thús na Scéime in 2000, go dtí seo, uasghrádaíodh 112,833 teach ísealioncaim agus íocadh amach os cionn €1.17 milliún. Is ionann 237GWh go dtí deireadh 2014 agus na coigiltí measta fabhráithe fuinnimh a bhuíochas leis na bearta seo. In 2015, leithdháileadh cistiú caipitil €13.7 milliún don Scéim BEWH.</p>
<p>Déanfaidh <b>Clár na Gaeltachta agus na nOileán</b> thart ar €457 milliún a infheistiú idir 2007 agus 2013 i bhforbairt bonneagair agus fiontair sa Ghaeltacht agus inár bpobail oileáin.</p> <p>Soláthróidh an infheistíocht seo sochair infheicthe i measc réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí, mar shampla: rochtain pobail níos fearr agus seachthairbhí gaolmhara ó fheabhas a chur ar bhóithre agus ar chéanna; deiseanna níos airde caighdeán poist atá níos inbhuanaithe a eascraíonn ó infheistíocht a dhéanamh i dtógáil agus i spás oifige agus monarchan a uasghrádú; cáilíocht fheabhsaithe beatha trí áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail a sholáthar; an teanga agus an cultúr náisiúnta a chaomhnú.</p>	<p>I rith na tréimhse seo, lean an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta lena dtionscnaimh agus bearta éagsúla atá dírithe ar thacú le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach na n-oileán áirithe amuigh ón gcósta d'fhonn a chinntiú go maireann siad mar phobail inmharthana. Tháinig laghdú anuas go dtí €1.3 milliún ar an gcaiteachas caipitiúil ar na hoileáin lena linn sin. Tugadh faoi roinnt oibreacha caipitiúla a bhí dírithe go príomha ar oibreacha sábháilteachta agus rochtana. Bhí 24 conradh ag an Roinn chun freastal ar riachtanas éagsúil 20 oileán amuigh ón gcósta chun seirbhísí paisinéirí, lastais agus aeir a áireamh, a chuir feabhas ar rochtain agus áiseanna oileáin dá bharr.</p>
<p>Faoi mar a leagtar amach in <b>I dtreo 2016</b>, leanfar le rannpháirtíocht ag leanaí i ngníomhaíochtaí ealaíne agus cultúrtha a spreagadh mar bhealach chun a gcáilíocht beatha a shaibhriú.</p>	<p>Tá an Chomhairle Spóirt ag tabhairt faoi phróiseas chun straitéis nua a fhorbairt do na healaíona in 2015, ag tosú in Eanáir. I ndiaidh gur foilsíodh Ionchais Inspregtha – Athbhreithniú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon i Meitheamh 2014, tá an Chomhairle Ealaíon anois ag tabhairt faoi phróiseas chun straitéis nua a fhorbairt do na healaíona in 2015 lena n-áirítear cur chuige maidir le hidirchaidreamh cuspóireach le muintir an phobail.</p> <p>Go hachomair, luaitear sa Straitéis gur cheart don Chomhairle Ealaíon an méid a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bheith mar an ngníomhaireacht forbartha do na healaíona atá dírithe ar an maitheas choiteann</li> <li>• Beartais agus straitéisí a dhéanamh atá sainráite agus ceangailte lena chéile</li> <li>• A straitéisí agus a hiompar infheistíochta a athrú</li> <li>• Bheith an-fheasach agus fianaisebhunaithe</li> <li>• A cumas féin agus cumas earnáil na n-ealaíon a threisiú</li> <li>• Rannpháirtíocht fhairsing agus cumarsáid oscailte a dhéanamh</li> <li>• Faoi na tograí seo, beidh an Chomhairle Ealaíon ag fiosrú limistéar ábhartha maidir leis an Roinn Coimisce Sóisialaí mar aon leis an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige.</li> </ul>

